

Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

# Comhairle Contae Fhine Gall Buiséad Bliantúil

# Fingal County Council Annual Budget

# 2022

fingal.ie

Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

# Buiséad Bliantúil 2022

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022

# BUISÉAD BLIANTÚIL 2022

## CLÁR ÁBHAR

Leathanach

Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh ........................................ 1

Anailís Airgeadas ................................................................... 6

Anailís Airgeadais – Graif.......................................................... 10

Táblaí Reachtúla A – E ............................................................15

TÁBLAÍ REACHTÚLA F
Rannóg A – Tithíocht agus Foirgníocht ..........................................27

Rannóg B – Iompar agus Sábháilteacht ar Bhóithre ...........................35

Rannóg C – Seirbhísí Uisce .........................................................41

Rannóg D – Bainistíocht Forbartha …..............................................45

Rannóg E – Seirbhísí Comhshaoil..................................................56

Rannóg F – Áineas agus Taitneamhacht ..........................................63

Rannóg G – Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte agus Leas........................72

Rannóg H – Seirbhísí Ilghnéitheacha ...............................................76

Deimhniú .................................................................................83

Muirear Bainistíochta Lárnaí – Aguisín 1 ..........................................84

Leithdháileadh na Cánach Maoine Áitiúla – Aguisín 2 ……………………………………85

**Comhairle Contae Fhine Gall**
Fingal County Council

# TUARASCÁIL AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

## LE MÉARA AGUS COMHALTAÍ
## CHOMHAIRLE CONTAE FHINE GALL

# BUISÉAD BLIANTÚIL – 2022

### RÉAMHRÁ

Is é cuspóir foriomlán na Comhairle do Bhuiséad 2022 leanúint leis na príomhsheirbhísí a sholáthar agus iad a fheabhsú chun go gcoimeádfaidh siad sna sála ar fhás agus fhorbairt leanúnach an Chontae. Sásaíonn an Buiséad a chuirtear i láthair na cuspóirí seo agus tá feabhsú suntasach tagtha ar chistiú i measc roinnt príomhlimistéar. Ullmhaíodh Buiséad 2022 tráth ina bhfuil an phaindéim Covid-19 ar siúl go fóill agus leanfaimid le bheith aireach ar an tionchar a imríonn sé fad a dhéanaimid ár mbealach tríd an mbliain 2022.

Ullmhaíodh Dréachtbhuiséad 2022 de réir na formáide reachtúla, agus i gcomhairle leis an nGrúpa Beartais Chorparáidigh, lena bhreithniú ag na Comhaltaí Tofa. Baineann roinnt príomhchéimeanna leis an bpróiseas lena mbaineann an buiséad a chur le chéile, na rudaí seo a leanas ina measc:

- Comhairliúchán leis an nGrúpa Beartais Chorparáidigh chun breithniú a dhéanamh ar an straitéis buiséid, ráta na cánach maoine áitiúla, dúshláin airgeadais agus sonraí an bhuiséid ag céimeanna éagsúla den phróiseas.
- Comhairliúchán le gach grúpa polaitiúil go luath i bpróiseas an bhuiséid chun cuntas a thabhairt ar bhrúnna suntasacha buiséid agus straitéisí agus an Buiséad á chur i gcrích.
- Breithniú ag na Comhaltaí Tofa ar an tionchar a bheadh ag athrú ar ráta na Cánach Maoine Áitiúla.
- Athbhreithnithe mionsonraithe ar gach gné den bhuiséad le Stiúrthóirí agus le Sealbhóirí Buiséid.

Is í an chéim dheireanach den phróiseas buiséid ná breithniú ag na Comhaltaí Tofa ar an mBuiséad díreach mar a chuirtear i láthair é ag an gCruinniú Buiséid Bhliantúil atá le tionól an 9 Samhain 2021.

### FEIDHMEANNA FORCHOIMEÁDTA COMHALTAÍ TOFA

Tá líon feidhmeanna forchoimeádta ag na Comhaltaí i ndáil leis an bpróiseas buiséid mar seo a leanas:

#### Cáin Mhaoine Áitiúil

Tá de chumhacht ag na Comhaltaí ráta na Cánach Maoine Áitiúla (Fachtóir Coigeartaithe Áitiúil) a athrú faoi fhachtóir a mhéid le móide/lúide 15%.

#### Glacadh leis an mBuiséad

Is féidir leis na Comhaltaí glacadh leis an mBuiséad le leasú nó gan leasú agus ní mór dóibh na suimeanna atá curtha ar fáil lena n-aistriú chuig an gCuntas Caipitil a fhaomhadh.

#### Cinneadh a dhéanamh faoin Ráta

Ní mór do na Comhaltaí breithniú a dhéanamh ag an gCruinniú Buiséid ar rún ar leith maidir leis an Ráta Bliantúil ar Luacháil (RBL) a chinneadh.

### Rátaí ar Áitribh Fholmha

I gcomhréir le hAlt 31 den Acht Rialtais Áitiúil, 2014, tá de chumhacht ag na Comhaltaí cion na n-aisíocaíochtaí rátaí a bheidh infheidhmithe ar áitribh fholmha a shocrú.

## PRÓISEAS COMHAIRLIÚCHÁIN – BUISÉAD 2022

Gné lárnach agus thábhachtach den phróiseas buiséid é an próiseas comhairliúcháin leis an nGrúpa Beartais Chorparáidigh agus táim an-bhuíoch as rannpháirtíocht chuiditheach gach Comhalta den Ghrúpa.

Chomh maith le dul i gcomhairle leis an nGrúpa Beartais Chorparáidigh, rinneadh go leor idirchaidrimh leis na Comhaltaí go léir i rith 2021 chun iad a choimeád ar an eolas ar airgeadas na Comhairle agus ar an bpríomh-shaincheisteanna straitéiseacha atá romhainn.

## ATHRÚ AR AN GCÁIN MHAOINE ÁITIÚIL

Bheartaigh na Comhaltaí Tofa, ag cruinniú den Chomhairle an 12 Iúil 2021, bunráta na Cánach Maoine Áitiúla a laghdú faoi 10%. Coimeádann sé seo an cinneadh athraithe céanna a comhaontaíodh le roinnt blianta anuas agus fuarthas ioncam CMÁ roghnach de €1.9m agus buiséad comhardaithe do 2022 á chur le chéile.

## RÁTAÍ TRÁCHTÁLA

Léirítear sa Bhuiséad nár méadaíodh rátaí in 2022. Níor athraíodh an RBL uaidh sin a socraíodh i mBuiséad 2020, tar éis athluacháil thréimhsiúil a dhéanamh ar réadmhaoin inrátaithe ar fud an chontae ónar tháinig laghdú thart ar 77% ar rátaí d'íocóirí ráta.  Le linn na tréimhse roimhe sin ó 2010 go 2019, níor tháinig méadú glan ar rátaí tráchtála.

## BUAICPHOINTÍ AN BHUISÉID

Ceadaíodh i mBuiséad 2022 méaduithe ar roinnt limistéar ar fud na Comhairle.

### Oibríochtaí

Ligeann an Buiséad do chaiteachas méadaithe laistigh de roinnt limistéar oibríochtaí, cothabháil bóithre, bainistiú tráchta, glantachán sráideanna, páirceanna, faichí agus spásanna oscailte san áireamh. Áirítear leis leithdháileadh breise €1.0 milliún leis an gclár oibreacha speisialta faoi mar ar chomhaontaigh Comhaltaí air ag cruinniú Dheireadh Fómhair 2021.

### Ár mBaile Brigín

Léirítear leithdháileadh aistrithe chaipitiúil mhéadaithe €500,000 sa Bhuiséad leis an tionscadal Ár mBaile Brigín. Léiríonn an soláthar seo tiomantas na Comhairle don tionscadal seo agus dá chuspóirí. Déanfaidh Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa 75% den chistiú agus CCFG 25% den chistiú a sholáthar don tionscadal.

### Leabharlanna

Áirítear leis an mBuiséad leithdháileadh méadaithe leis an gciste leabhar leabharlainne chomh maith le gníomhaíochtaí méadaithe inár leabharlanna i rith 2022. Ina theannta sin, leantar leis an gcistiú do Leabharlann na Sceirí a fhorbairt a chur ar fáil i mBuiséad 2022.

**Imeachtaí agus Turasóireacht**

Rinneadh soláthar do chistiú méadaithe sa Bhuiséad chun imeachtaí ar fud an Chontae a chistiú in 2022, Blasanna Fhine Gall san áireamh. Cuimsítear sa Bhuiséad freisin cistiú méadaithe chun infheistíocht chaipitil a sholáthar ag ár réadmhaoin oidhreachta.

Anuas ar an soláthar buiséadach thuas, déantar soláthar freisin do thionscadail ar fud an Chontae cosúil le Ceathrú Chultúrtha Shoird, ár stoc tithíochta a chothabháil go leanúnach, cistiú chun tacú le hIonaid Phobail nach bhfuil faoi úinéireacht CCFG anuas fhóirdheontas leanúnach do Draíocht i mBaile Bhlainséir.

## PLEAN GNÍOMHAITHE AR SON ATHRÚ AERÁIDE

Tá dul chun cinn maith á dhéanamh maidir le Plean Gníomhaithe ar son Athrú Aeráide na Comhairle Contae 2019-2024 a chur i bhfeidhm, agus tá sé á chomhtháthú isteach i mbeartais agus pleananna na Comhairle níos mó agus níos mó. Seo a leanas cuid de na héachtaí is suntasaí sa chéad dá bhliain:

- Feabhsú leanúnach ar éifeachtúlacht fuinnimh i measc oibríochtaí na Comhairle. Sáraíodh sprioc éifeachtúlachta fuinnimh 30% 2020 agus tá dul chun cinn maith á dhéanamh ag an gComhairle le sprioc 50% 2030 a bhaint amach;
- Tá bolgáin LED curtha in ionad 86% de na bolgán ar na soilse sráid anois. tá 50 feithicil atá go hiomlán leictreach i bhflít na Comhairle;
- Tá clár ar siúl faoi láthair ina ndéantar feabhsúcháin éifeachtúlachta fuinnimh ar thithíocht shóisialta chun go mbainfidh an stoc Rátáil Fuinnimh Foirgnimh (BER) B2 amach faoin mbliain 2030;
- Leantar leis an ionad oibre a nuachóiriú agus tugadh an trealamh don fhoireann oifige go léir le cianoibriú a éascú;
- Roinnt tionscadail bhonneagair ardchaighdeáin a chur chun cinn ar fud an chontae, Glasbhealaí agus rotharbhealaí cosanta san áireamh;
- Scairdeáin uisce óil agus araidí boilge móire gan tadhall a thabhairt isteach;
- Seacht mBratach Ghlasa a bhronnadh ar pháirceanna CCFG in 2020 le cur in iúl gur spásanna glasa inbhuanaithe iad, agus tá dul chun cinn maith déanta ag straitéis nua a fhorbairt, Straitéis Crann – Foraois Fhine Gall, agus ag Pleananna Bithéagsúlachta.

## TAISTEAL GNÍOMHACH

Mar chuid den Phlean Forbartha Náisiúnta, tá an Rialtas tiomanta go daingean d'úsáid a bhaint as siúl, rothaíocht agus modhanna eile taistil ghníomhaigh a spreagadh agus léiríodh é seo sa bhuiséad taistil ghníomhaigh.

Is é ról na Rannóige Taistil Ghníomhaigh ní hamháin lánaí rothar a thógáil nó bealaí sábháilte a sholáthar go dtí an scoil ach chun obair a dhéanamh le hiompar a athrú agus fís dár mbailte agus dár sráidbhailte a chruthú inarb é taisteal gníomhach an príomh-mhodh taistil agus inar féidir le gach duine leas sábháilte agus gan stró a bhaint as áiseanna siúil agus rothaíochta.

Bunaíodh an Rannóg Taistil Ghníomhaigh i gComhairle Contae Fhine Gall le haghaidh a thabhairt ar roinnt tionscadal faoi shruthanna éagsúla oibre le modhanna gníomhacha taistil a spreagadh a léirítear inár 6 Cholún Taistil Ghníomhaigh.

- Pleanáil Straitéiseach
- Lánaí Rothar Cosanta
- Bailte agus Sráidbhailte
- Nascacht agus Bealaí a Éascú
- Sábháilteacht ar Bhóithre
- Taisteal Gníomhach, Soghluaisteacht agus Athrú Iompraíochta

Cuirfidh an ÚNI an cistiú do na scéimeanna seo, acmhainní soláthair foirne san áireamh. Cé go bhféadfadh roinnt tionscadal bheith mar chúis le leibhéal íseal de chur isteach sa ghearrthéarma, tá sé ríthábhachtach go dtugtar tacaíocht pholaitiúil agus phobail dúinn nuair a bhíonn ár gclár taistil ghníomhaigh á thabhairt isteach againn lena chinntiú go dtugann gach duine na tairbhí an-suntasacha fadtéarmacha a chruthaíonn na tionscadail seo faoi deara.

## TITHÍOCHT DO CHÁCH – PLEAN TITHÍOCHTA NUA D'ÉIRINN

Is é "Tithíocht do Chách – Plean Tithíochta Nua d'Éirinn" beartas tithíochta an rialtais a fhaide leis an mbliain 2030 a seoladh le déanaí. Plean ilbhliantúil ilbhiliúin euro é a bhfuil de chuspóir aige feabhas a chur ar chóras tithíochta na hÉireann agus níos mó tithe a sholáthar do dhaoine a bhfuil riachtanais tithíochta éagsúla acu.
Cuireadh cistiú suntasach san áireamh i bPlean Caipitil na Comhairle chun seo a chur chun cinn i bhFine Gall.

Tá an plean bunaithe ar cheithre chonair, óna n-eascraíonn córas tithíochta níos inbhuanaithe:

- tacú le húinéireacht tithe agus inacmhainneacht a mhéadú;
- deireadh a chur le heaspa dídine, an méid tithíocht shóisialta a sholáthraítear a mhéadú agus tacú le hionchuimsiú sóisialta;
- soláthar tithíochta nua a mhéadú;
- dul i ngleic le háiteanna cónaithe folmha agus úsáid éifeachtúil a bhaint as an stoc reatha.

## BUÍOCHAS

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Comhaltaí Tofa na Comhairle as a gcuid tacaíochta agus ómós a léiriú don Mhéara, an Comhairleoir Seána Ó Rodaigh, agus dá réamhtheachtaí mar Mhéara, an Comhairleoir David Healy, as a dtiomantas d'fhreagrachtaí speisialta na hoifige agus as a gcúirtéis agus a gcomhar, anuas ar an nGrúpa Beartais Chorparáidigh, a thug faoi ghnó na Comhairle i rith 2021. Táim ag tnúth le leanúint ag oibriú i gcomhar leis na Comhaltaí Tofa chun seirbhís phoiblí ar ardchaighdeán a chur ar fáil do shaoránaigh Fhine Gall.

Ba mhian liom freisin ómós a léiriú don fhoireann ar fad as a dtiomantas agus a ndíograis agus seirbhísí á gcur ar fáil acu do mhuintir Fhine Gall. Is tasc deacair agus dian é an Buiséad a ullmhú a chomhordaíonn an Roinn Airgeadais agus glacann na Ranna ar fad sa Chomhairle páirt ann.  I dtaca leis sin, ba mhian liom buíochas a ghabháil leis an bhfoireann a bhí páirteach in ullmhú an Bhuiséid.

## CONCLÚID

Tugann an Buiséad seo aghaidh ar a chuspóir foriomlán a bhaint amach le leanúint leis na príomhsheirbhísí a sholáthar agus iad a fheabhsú chun go gcoimeádfaidh siad sna sála ar fhás agus fhorbairt leanúnach an Chontae. Tuigimid go bhfuil paindéim Covid 19 fós buailte linn agus leanfaimid le monatóireacht a dhéanamh ar a héifeachtaí de réir mar a ghabhaimid tríd an mbliain 2022.

**Molaim go nglacfaí leis an mBuiséad.**

**AnnMarie Farrelly**
**Príomhfheidhmeannach**
Samhain 2021

**Comhairle Contae Fhine Gall**
Fingal County Council

# ANAILÍS AIRGEADAIS

# ANAILÍS AIRGEADAS

## TRÉIMHSE BHUISÉID FHORORDAITHE

Tá an tréimhse ón 1 Samhain 2021 go 30 Samhain 2021 cinntithe ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta mar an tréimhse fhorordaithe do Chomhairlí Contae chun Cruinniú Buiséad 2022 a chur ar siúl. Reáchtálfar an Cruinniú Buiséid reachtúil an 9 Samhain 2021 agus ní mór an Buiséad a bheith glactha laistigh de thréimhse 14 lá dar tús an dáta sin. Is é an dáta deireanach, mar sin, do ghlacadh an Bhuiséid an 22 Samhain 2021.

## TORADH 2021

Lean paindéim Covid-19 le tionchar a imirt ar gheilleagar na hÉireann agus an domhain i rith 2021 agus níor éirigh le hairgeadas na Comhairle an tionchar seo a sheachaint. Tháinig laghdú ar fhoinsí ioncaim, cosúil le páirceáil agus imeachtaí, ach rinneadh airgead a choigilt freisin mar gheall ar ghannchaitheamh i limistéir áirithe, cosúil le párolla.

Bhí Comhairle Contae Fhine Gall freagrach as i rith 2021 as na tacaíochtaí a sholáthair an Rialtas do ghnólachtaí i rith na paindéime a riar. Áirítear leo seo tarscaoileadh rátaí, Scéim Cúnaimh do Ghnólachtaí Beaga (SCGB) agus tacaíochtaí tríd an OFÁ. Ba é luach na dtacaíochtaí seo i rith 2021 breis agus €55 milliún. Ba é an tacaíocht ba mhó an tarscaoileadh rátaí, arbh ionann é do Ráithe 1-3 agus €52.9 milliún. D’fhógair an Rialtas tarscaoileadh rátaí níos dírithe le déanaí do ghnólachtaí áirithe do Ráithe 4.

## AN BUISÉAD

Leagtar an Dréachtbhuiséad don bhliain 2022 amach san fhormáid fhorordaithe. Déantar soláthar ann do chaiteachas iomlán de €299.8 milliún, ar méadú €13.4 milliún é seo i gcomparáid le buiséad 2021.

Is é cuspóir foriomlán na Comhairle do Bhuiséad 2022 leanúint leis na príomhsheirbhísí a sholáthar agus iad a fheabhsú chun go gcoimeádfaidh siad sna sála ar fhás agus fhorbairt leanúnach an Chontae. Déantar soláthar sa bhuiséad freisin go mb’fhéidir go mbeidh costais leanúnacha i gceist isteach in 2022 mar gheall ar phaindéim Covid-19.

Cuimsítear sa bhuiséad freisin méaduithe ar aistrithe caipitil i roinnt limistéar chun buntacú ó thaobh cúrsaí airgeadais de le roinnt príomhthionscadail chaipitil a sholáthar. Áirítear leis seo €1 milliún sa bhreis do thionscadal Cheathrú Chultúrtha Shoird agus €300,000 sa bhreis don ghá atá le cistiú meaitseála don tionscadal “Ár mBaile Brigín”. Is ionann an leithdháileadh foriomlán caipitil don dá thionscadal seo, nuair a chuirtear an méid thuas san áireamh, agus €3 milliún agus €500,000, faoi seach, i mbuiséad 2022.

Cé go leanann paindéim Covid-19 le héiginnteacht a chruthú isteach in 2022, lorg an Chomhairle i mbuiséid 2021 agus 2022 teagmhais airgeadais a chur i bhfeidhm le maolú a dhéanamh in aghaidh drochthionchar féideartha airgeadais a eascraíonn as an bpaindéim agus a mhéadaíonn an leithdháileadh airgeadais, ag an am céanna, do phríomhsheirbhísí. Leanfaidh CCFG le monatóireacht a dhéanamh ar impleachtaí airgeadais na paindéime de réir mar a ghabhtar tríd an mbliain 2022.

## RÁTAÍ TRÁCHTÁLA

Is é príomhfhoinse an chistithe don Chomhairle ná rátaí tráchtála, arb ionann iad agus 51% den ioncam foriomlán don bhliain 2022. Leanfaidh an Buiséad leis an RBL a choimeád ar ráta 0.1796 in 2022 agus ní léirítear aon mhéadú ar rátaí ann d'íocóirí rátaí dá bharr. Tacaíocht shuntasach a bhí sa tarscaoileadh rátaí do ghnólachtaí agus don Chomhairle i rith na chéad trí ráithe in 2021. Fógraíodh tarscaoileadh rátaí spriocdhírithe breise sa bhuiséad a eisíodh le déanaí do ráithe 4, agus tá na sonraí faoin síneadh á ndeimhniú againn. Níor fógraíodh go mbeidh aon tacaíochtaí breise tarscaoilte rátaí breise ann isteach in 2022.
Áirítear leis an mBuiséad freisin soláthar leanúnach lena cheadú don Chomhairle na tionchair a mhaolú a imríonn ioncam rátaí a d'fhéadfadh bheith laghdaithe mar gheall ar achomhairc in aghaidh luachála atá ar bun go fóill ag eascairt as an athluacháil a rinneadh ar fud na tíre a raibh éifeacht leis an 1 Eanáir 2020.

### Bandaí Ráta

| Ráta ó € | Banda go € | Líon Cuntas | % de Cuntas | Carnacha Cunt ais | % | Reatha € | Rátaí % | Carnacha Rátaí € | Carnacha % |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 0 | 1,000 | 564 | 9.07% | 564 | 9.07% | 359,164 | 0.24% | 359,164 | 0.24% |
| 1,001 | 5,000 | 3108 | 49.96% | 3,672 | 59.03% | 8,343,054 | 5.48% | 8,702,218 | 5.72% |
| 5,001 | 10,000 | 997 | 16.03% | 4,669 | 75.05% | 6,877,029 | 4.52% | 15,579,247 | 10.23% |
| 10,001 | 50,000 | 1177 | 18.92% | 5,846 | 93.97% | 26,715,326 | 17.55% | 42,294,572 | 27.78% |
| 50,001 | 100,000 | 213 | 3.42% | 6,059 | 97.40% | 14,622,406 | 9.60% | 56,916,978 | 37.39% |
| 100,001 | 500,000 | 136 | 2.19% | 6,195 | 99.58% | 26,496,873 | 17.40% | 83,413,851 | 54.79% |
| >500,001 | | 26 | 0.42% | 6,221 | 100.00% | 68,825,149 | 45.21% | 152,239,000 | 100.00% |
| | | 6221 | 100% | | | 152,239,000 | 100% | | |

### Rátaí ar Áitribh Fholmha

Léirítear sa Bhuiséad leanúint leis an ráta aisíocaíochta 40% a chur ar fáil do réadmhaoin tráchtála fholamh don bhliain 2022.

## UISCE ÉIREANN

Leanann an Chomhairle ag oibriú le hUisce Éireann chun seirbhísí uisce a sholáthar i gcomhréir leis an gComhaontú Seirbhíse (CS) agus an Plean Seirbhíse Bliantúil comhaontaithe. Ní chuirfear deireadh leis na cruinnithe chun buiséid agus pleananna seirbhíse bliantúla a chomhaontú le hUisce Éireann go dtí go mbeidh ár bpróiseas buiséid curtha i gcrích. Cuirtear an chuid is mó den chaiteachas ar Sheirbhísí Uisce ar chóras bhainistíochta airgeadais Uisce Éireann anois agus ní thaispeántar i gcostais na Comhairle é. Baineann na príomhchostais, atá á dtaispeáint i Rannóg C, le párolla, aisíocaíochtaí iasachta praghsála uisce, costais árachais agus roinnt costais fuinnimh.

## PÁROLLA

Leantar le soláthar a dhéanamh sa bhuiséad párolla do gach post i bplean lucht saothair na Comhairle agus áirítear leis soláthar do róil bhreise fhéideartha lenar comhaontaíodh. Chomh maith leis an méid thuas, déantar soláthar sa buiséad párolla do róil lenar comhaontaíodh a chisteoidh an tÚdarás Náisiúnta Iompair (an ÚNI) d'fhonn infheistíocht an-suntasach chaipitil i dtaisteal gníomhach a thabhairt isteach sa Chontae.

| Bliain | Pá € | Tuarastail € | Pinsin € |
|---|---|---|---|
| Glactha in 2021 | 24,078,000 | 49,445,500 | 13,600,000 |
| Toradh 2021 | 23,262,500 | 47,590,400 | 13,600,000 |
| 2022 | 23,815,400 | 52,410,600 | 14,000,000 |

## CÁIN MHAOINE ÁITIÚIL

Vótáil na Comhaltaí ag Cruinniú na Comhairle chun an t-athrú CMÁ a choimeád ag -10% don bhliain 2022. Déanann an t-athrú seo €1.9 milliún a shaothrú agus cuireann sé go mór le caitheamh lánroghnach a chistiú i mbuiséad 2022. Cuireadh in iúl i gCiorclán Airgeadais 18/2021 dar dáta an 15 Deireadh Fómhair 2021 don Chomhairle Leithdháileadh na Cánach Maoine Áitiúla €26.7 milliún, faoi mar a dtugtar cuntas air sa tábla thíos:

| Comhairle Contae Fhine Gall - Leithdháileadh na Cánach Maoine Áitiúla 2022 | |
|---|---|
| | **2022** |
| CMÁ 100% | 38,153,333 |
| CMÁ 20% CMÁ chuig an gCiste | 7,630,667 |
| Comhionannaithe CMÁ arna | **30,522,666** |
| choimeád go háitiúil (80%) | 3,699,275 |
| Bonnlíne | **26,823,391** |
| Barrachas 2022 (CMÁ arna choimeád go háitiúil - Bonnlíne 2022) | 7,630,667 |
| Cistiú lánroghnach lúide | 3,815,333 |
| laghdú 10% | 3,815,333 |
| Cistiú lánroghnach fágtha | |
| Leithdháileadh CMÁ leasaithe 2022 (tar éis an chinnidh leis an ráta a athrú) | 26,707,333 |
| LE LEITHDHÁILEADH MAR SEO A LEANAS: | |
| CUNTAS IONCAIM | |
| CMÁ tithíochta iomlán (an Cuntas Ioncaim) | 1,300,000 |
| CMÁ Bóithre iomlán (an Cuntas Ioncaim) Cistiú | 3,914,446 |
| Lánroghnach | 7,514,608 |
| **CMÁ IOMLÁN SA CHUNTAS IONCAIM 2022** | **12,729,054** |
| CMÁ a leithdháileadh ar Thionscadail Chaipitil Tithíochta | 13,978,279 |
| LEITHDHÁILEADH IOMLÁN CMÁ (80%) | 26,707,333 |

**SEIRBHÍS DÓITEÁIN** Is é Comhairle Chathair Bhaile Átha Cliath a chuireann an tSeirbhís Dóiteáin ar fáil, trí chomhaontú. Roinntear glanchostas na seirbhíse idir na hÚdaráis, trí dhaonra Fhine Gall a chur san áireamh mar chéatadán den daonra sna ceithre Údarás i mBaile Átha Cliath, líon na dteaghlach i ngach limistéar riaracháin agus an luacháil inrátaithe stairiúil. Meastar gurb ionann costas sciar Fhine Gall den tseirbhís in 2022 agus €23m, ar ardú €518,000 an figiúr sin i gcomparáid le buiséad 2021. Seo a leanas cionroinnt chostais na Seirbhíse Dóiteáin idir na ceithre Údarás i mBaile Átha Cliath:

| | Buiséad 2021 | | Leasaithe 2021 | | Buiséad 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Údarás Áitiúil | Glanchostas | Cionroinnte (%) | Glanchostas | Cionroinnte (%) | Glanchostas | Cionroinnte (%) |
| Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath | 55,149,685 | 47.59 | 56,462,056 | 47.60 | 56,481,323 | 47.60 |
| Comhairle Contae Fhine Gall | 22,530,846 | 19.44 | 23,041,660 | 19.43 | 23,049,522 | 19.43 |
| Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas | 21,322,992 | 18.40 | 21,812,406 | 18.39 | 21,819,849 | 18.39 |
| Dún Laoghaire-Ráth an Dúin | 16,886,896 | 14.57 | 17,296,053 | 14.58 | 17,301,955 | 14.58 |
| | 115,890,419 | 100 | 118,612,174 | 100 | 118,652,649 | 100 |

## COSTAIS SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA

Tá cionroinnt costais agus forchostais riaracháin ghinearálta i gceist le gach rannóg nach bhfuil inmhuirir do rannóg faoi leith. Tá na costais sin leagtha amach in Aguisín 1 agus is ionann iad agus €47.1 milliún don bhliain 2022.

Grúpáiltear na costais mar 'costais tacaíochta seirbhíse' agus áirítear leo costais chóiríochta oifige, tuarastail nach bhfuil inmhuirir go díreach do rannóg faoi leith, pinsin, aiscí scoir, seirbhísí ríomhaireachta, speansais dlí, postas, teileafón, priontáil, stáiseanóireacht agus fógraíocht. Leithdháileadh na forchostais sin ar Rannóga agus Seirbhísí ar bhunús tiománaithe costais náisiúnta.

Tá anailís ar an gcaiteachas i ngach réimse leagtha amach thíos:-

| J - Aguisín 1 | | |
|---|---|---|
| | | Conas a Leithdháiltear Muirear Bainistíochta Lárnaí |
| **Forchostas Gnóthaí Corparáideacha** | **6,023,600** | Leithdháilte bunaithe ar líon ball foirne i Rannóg A go Rannóg H. |
| Tá tuarastail Seirbhísí Corparáideacha, Seirbhísí Dlí agus Seirbhísí Iniúchta, lena n-áirítear an Coiste Iniúchóireachta, san áireamh faoin gceannteideal seo. Chomh maith leis sin tá costais a bhaineann le Cumarsáid agus le himeachtaí agus féilte ar fud an chontae. Tá costais ar pholasaithe árachais na Comhairle a riar faoin gceannteideal seo. | | |
| **Forchostas Gnóthaí Corparáideacha** | **9,779,300** | Leithdháilte bunaithe ar M² i dtosach, ansin ar líon baill foirne tuarastail i Rannóga A go H. |
| Costais a bhaineann le soláthar agus cothabháil na nOifigí Corparáideacha (Halla an Chontae, Baile Bhlainséir agus Baile Brigín). Costais phárolla d'Ailtirí agus Póirtéirí. Aisíocaíochtaí iasachta d'oifigí Halla an Chontae agus Bhaile Bhlainséir agus costais Cheaintín. Déantar soláthar anseo freisin do chistiú iarmhéideanna dochair a bhaineann le costais chóiríochta oifige a thógáil, lena n-áirítear soláthar d'oifigí Bhaile Brigín a cheannach. | | |
| **Forchostas na Feidhme Airgeadais** | **2,853,500** | Costais bunaithe ar an líon idirbhearta airgeadais ginte i Rannóga A go H. |
| Tagann costais phárolla don Roinn Airgeadais faoin gceannteideal seo, lena n-áirítear Árachas, Cuntais Iníoctha, Bainistíocht Airgeadais agus Rialú, Costais FMS agus Soláthar. | | |
| **Feidhm Acmhainní Daonna** | **3,609,400** | Leithdháilte bunaithe ar líon iomlán baill foirne i Rannóga A go H. |
| Tagann costais phárolla don Roinn Acmhainní Daonna agus don Oifigeach Sláinte agus Sábháilteachta faoin gceannteideal seo. Costais oifige a bhaineann le párolla don fhoireann agus do phinsinéirí a riar. | | |
| **Seirbhísí TF** | **7,635,400** | Costais bunaithe ar líon PCanna agus úsáid feidhmchlár i Rannóga A go H. |
| Costais foirne TF lena n-áirítear bonneagar líonra, freastalaithe, ríomhairí pearsanta, ríomhairí glúine agus crua-earraí cumarsáide. Tagann córais TF a thacaíonn le riachtanais ghnó gach Roinne agus Ceadúnais Feidhmchláir PC a eisiúint faoin gceannteideal seo. | | |
| **Forchostas Pinsin agus Cnapshuime** | **17,228,100** | Costais bunaithe ar an % de chostais tuarastail i Rannóga A go H. |
| Gach Pinsean agus Aisce mar aon le costais tuarastail don fhoireann sa Roinn Acmhainní Daonna a riarann párolla do phinsinéirí. | | |

## CLÁR CAIPITIL 2022-2024


Cuireadh Clár Caipitil 2022-2024 os comhair na gComhaltaí ag Cruinniú na Comhairle i nDeireadh Fómhair. Aithnítear ann os cionn 237 tionscadal aonair lena mbaineann caiteachas measta **€783.73 milliún** i rith na 3 bliana.

**Comhairle Contae Fhine Gall**
Fingal County Council

# ANAILÍS AIRGEADAIS – GRAIF


# Caiteachas in aghaidh an Duine den Daonra (HOP)

| | Caiteachas | % d'Iomlán Buiséad | Caitheamh in aghaidh an HOP |
|---|---|---|---|
| Tithíocht agus Tógáil | €89,124,800 | 29.73% | €300.88 |
| Iompar agus Sábháilteacht ar Bhóithre | €32,743,900 | 10.92% | €110.54 |
| Seirbhísí Uisce | €19,385,000 | 6.47% | €65.44 |
| Bainistíocht Forbartha | €24,902,800 | 8.31% | €84.07 |
| Seirbhísí Comhshaoil | €49,435,000 | 16.49% | €166.89 |
| Caitheamh Aimsire agus Conláiste | €52,295,400 | 17.44% | €176.55 |
| Talmhaíocht, Sláinte, Leas agus Oideachas | €1,525,000 | 0.51% | €5.15 |
| Seirbhísí Ilghnéitheacha | €30,375,000 | 10.13% | €102.54 |
| | **€299,786,900** | **100.00%** | **€1,012.06** |





* Daonra 296,214 - Daonáireamh 2016

# CAITEACHAS IONCAIM BLIAIN AR BHLIAIN 2016-2022





# Cad air a ndéanfar Caiteachas




# Anailís ar Chaiteachas

| | Buiséad 2021 | Buiséad Leasaithe 2021 | Buiséad 2022 |
|---|---|---|---|
| | € | € | € |
| **Párolla** | | | |
| Tuarastail agus Pá | 73,523,500 | 70,852,900 | 76,226,000 |
| Costais Eile Phárolla | 1,620,500 | 1,547,700 | 1,886,700 |
| Pinsin agus Aiscí | 16,200,000 | 16,200,000 | 17,200,000 |
| **Cúrsaí Oibríochtúla** | | | |
| Talamh agus Trealamh a Cheannach | 1,225,800 | 1,564,200 | 1,366,800 |
| Deisiúcháin agus Cothabháil | 292,600 | 321,300 | 405,600 |
| Íocaíochtaí Conartha | 21,642,400 | 25,079,200 | 25,639,000 |
| Seirbhísí Gníomhaireachta | 49,694,100 | 51,440,300 | 58,238,800 |
| Gléasra ar Cíos | 1,586,900 | 2,452,600 | 2,857,100 |
| Saincheisteanna Ábhar agus Stóras | 3,029,400 | 3,456,300 | 3,276,600 |
| Deontas Tithíochta | 3,403,300 | 3,986,700 | 3,529,000 |
| Deontais/Fóirdheontais a Íoc | 3,730,000 | 60,796,600 | 4,264,000 |
| Costais Chomhaltaí | 343,000 | 346,400 | 274,300 |
| Táillí Sainchomhairleoireachta agus Gairmiúla | 6,217,500 | 5,895,500 | 6,739,600 |
| Fuinneamh | 4,724,800 | 4,989,000 | 4,947,800 |
| Costais SCC | 14,565,000 | 14,393,500 | 15,820,200 |
| Costais Oibríochtúla Eile | 7,661,800 | 7,952,100 | 7,565,100 |
| **Costais Riaracháin agus Bhunaithe** | | | |
| Cumarsáid | 1,338,500 | 1,301,300 | 1,288,300 |
| Oiliúint agus Earcaíocht | 1,234,300 | 1,128,300 | 1,257,100 |
| Clódóireacht agus Páipéarachas | 687,800 | 731,400 | 709,500 |
| Ranníocaíochtaí le Comhlachtaí Eile | 1,977,800 | 2,088,400 | 2,453,400 |
| Costais Riaracháin Eile | 5,398,400 | 5,688,200 | 5,530,600 |
| Cíos agus Rátaí | 2,000,100 | 1,861,600 | 1,840,100 |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | 400,000 | 400,000 | 420,000 |
| Costais Eile Bhunaithe | 1,000,500 | 895,000 | 1,013,300 |
| Costais Airgeadais (Iasachtaí agus Léasanna san áireamh) | 20,289,600 | 18,888,900 | 19,305,800 |
| Aistrithe chuig an gCuntas Caipitil | 39,368,400 | 39,721,300 | 32,744,400 |
| Ilghnéitheach | 3,218,600 | 3,550,300 | 2,987,800 |
| | **286,374,600** | **347,529,000** | **299,786,900** |




## Anailís ar Ioncam

| | Buiséad 2021 | Buiséad Leasaithe 2021 | Buiséad 2022 |
|---|---|---|---|
| | € | € | € |
| Rátaí Tráchtála | 149,634,100 | 149,238,400 | 152,239,100 |
| Deontais (féinchistiú CMÁ san áireamh) | 64,055,300 | 122,426,300 | 72,860,500 |
| Asbhaintí Aoisliúntais agus Pinsin | 2,300,000 | 2,300,000 | 2,400,000 |
| Cáin Mhaoine Áitiúil (Lánroghnach) | 7,504,000 | 7,504,000 | 7,514,600 |
| Cíos Tithíochta | 18,934,100 | 20,666,000 | 21,242,300 |
| Cíos Tithíochta Eile | 4,280,000 | 4,441,500 | 4,514,000 |
| Iasachtaí Tithíochta, Ús agus Muirir | 3,614,000 | 3,176,800 | 3,488,900 |
| Uisce Éireann | 14,841,100 | 14,084,500 | 15,086,500 |
| Ioncam ó Ionaid Athchúrsála agus Líonadh Talún | 760,000 | 980,000 | 1,280,000 |
| Táillí Pleanála | 1,480,300 | 1,510,200 | 1,490,300 |
| Táillí/Muirir Pháirceála | 1,530,000 | 1,305,000 | 1,305,000 |
| Gníomhaíochtaí Caitheamh Aimsire agus Conláiste | 665,000 | 83,000 | 650,000 |
| Seirbhísí Gníomhaireachta agus Forchúiteamh ó ÚÁanna Eile | 1,847,700 | 2,122,000 | 2,004,700 |
| Cíos Réadmhaoine agus Talamh a Leasú | 1,505,600 | 1,504,400 | 1,504,400 |
| Muirir Dhóiteáin | 850,000 | 1,000,000 | 900,000 |
| Áit Chónaithe Neamhphríomha | 700,000 | 1,300,000 | 500,000 |
| Táillí agus Fíneálacha Eile | 3,349,300 | 3,694,400 | 3,675,600 |
| Ioncam Ilghnéitheach | 8,524,100 | 10,192,500 | 7,131,000 |
| | **286,374,600** | **347,529,000** | **299,786,900** |



# Dáileadh Ioncaim Bhuiséadaithe ó Rátaí Tráchtála 2022 - €152.239m




**Tagraíonn an "Luacháil Uilíoch" do luachálacha ar fhóntais éagsúla cosúil le cuideachtaí uisce, fuinnimh agus cumarsáide.**

Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

# Buiséad Reachtúil

## TÁBLAÍ A – E

Ba cheart a thabhairt faoi deara, go bhféadfadh sé go mbeadh fadhbanna slánaithe ann i roinnt de na táblaí de bharr an leibhéil sonraí a bhíonn i gceist agus Costais Tacaíochta Seirbhíse á gcionroinnt. Níl aon éifeacht ábhartha acu seo agus ní imríonn iad tionchar ar na

| TÁBLA A - AN RÁTA BHLIANTÚIL AR LUACHÁIL DON BHLIAIN AIRGEADAIS A RÍOMH | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Achoimre trí Rannóg Seirbhíse** | | **Caiteachas €** | **Ioncam €** | **Glanchaiteachas Buiséid 2022 €** | **%** | **Toradh Measta Glan-chaiteachais 2021 €** | **%** |
| **Ollchaiteachas Ioncaim agus Ioncam** | | | | | | | |
| A Tithíocht agus Tógáil | | 89,124,800 | 85,374,400 | 3,750,400 | 2.3% | 4,820,400 | 3.1% |
| B Iompar agus Sábháilteacht ar Bhóithre | | 32,743,900 | 8,313,800 | 24,430,100 | 15.3% | 24,123,100 | 15.4% |
| C Seirbhísí Uisce | | 19,385,000 | 18,043,700 | 1,341,300 | 0.8% | 1,332,100 | 0.8% |
| D Bainistíocht Forbartha | | 24,902,800 | 5,554,200 | 19,348,600 | 12.1% | 17,459,400 | 11.1% |
| E Seirbhísí Comhshaoil | | 49,435,000 | 7,274,700 | 42,160,300 | 26.4% | 41,449,600 | 26.4% |
| F Caitheamh Aimsire agus Conláiste | | 52,295,400 | 2,675,600 | 49,619,800 | 31.1% | 44,743,100 | 28.5% |
| G Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte agus Leas | | 1,525,000 | 307,800 | 1,217,200 | 0.8% | 789,100 | 0.5% |
| H Seirbhísí Ilghnéitheacha | | 30,375,000 | 12,489,000 | 17,886,000 | 11.2% | 22,025,600 | 14.1% |
| | | **299,786,900** | **140,033,200** | **159,753,700** | 100.0% | **156,742,400** | 100.0% |
| Soláthar d'Iarmhéid Fiachais | | 2,449,600 | | 2,449,600 | | | |
| **OLLCHAITEACHAS AGUS IONCAM COIGEARTAITHE** | **(A)** | **302,236,500** | **140,033,200** | **162,203,300** | | **156,742,400** | |
| **Maoinithe ag Ioncam Eile/Iarmhéideanna Creidmheasa** | | | | | | | |
| Soláthar d'Iarmhéid Sochair Creidmheasa | | | 2,449,600 | 2,449,600 | | | |
| Cáin Mhaoine Áitiúil * | | | 7,514,600 | 7,514,600 | | | |
| **FO-IOMLÁN** | **(B)** | | | **9,964,200** | | | |
| **MÉID RÁTAÍ ATÁ LE TOBHACH** | **(A)-(B)** | | | **152,239,100** | | | |
| Luach an Choigeartaithe Bonnbhliana | | | | | | | |
| **MÉID RÁTAÍ ATÁ LE TOBHACH (IOMLÁN BYA)** | **(D)** | | | **152,239,100** | | | |
| Glanluacháil Éifeachtach | **(E)** | | | 847,655,900 | | | |
| **RÁTA BLIANTÚIL GINEARÁLTA AR AN LUACHÁIL** | **(D)/(E)** | | | **0.1796** | | | |

* Léiríonn seo Cáin Mhaoine Áitiúil Lánroghnach (leithdháileadh Cáin Mhaoine Áitiúil lúide Féinchistiú). Féach Aguisín 2 chun teacht ar shonraí faoi leithdháileadh CMÁ iomlán.

| TÁBLA B: Caiteachas agus Ioncam don bhliain 2022 agus Toradh Measta don bhliain 2021 | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2022 | | | | 2021 | | | |
| | Caiteachas | | Ioncam | | Caiteachas | | Ioncam | |
| Rannóg agus Seirbhísí | Arna ghlacadh ag an gComhairle € | Measta ag an bPríomh-fheidhmeannach € | Arna ghlacadh ag an gComhairle € | Measta ag an bPríomh-fheidhmeannach € | Arna ghlacadh ag an gComhairle € | Toradh Measta € | Arna ghlacadh ag an gComhairle € | Toradh Measta € |
| **A Tithíocht agus Tógáil** | | | | | | | | |
| A01 Aonaid Tithíochta ÚÁ a Chothabháil agus a Fheabhsú | 12,066,500 | 12,066,500 | 21,429,600 | 21,429,600 | 11,731,900 | 12,090,800 | 19,419,300 | 21,222,900 |
| A02 Tithíocht a Mheasúnú, a Leithdháileadh, agus a Aistriú | 1,746,000 | 1,746,000 | 47,100 | 47,100 | 1,616,300 | 1,728,300 | 42,100 | 45,900 |
| A03 Cíos Tithíochta agus Ceannach ag Tionóntaí a Riar | 1,832,300 | 1,832,300 | 48,100 | 48,100 | 1,797,800 | 1,773,600 | 42,500 | 49,500 |
| A04 Tacaíocht Forbartha Pobail Tithíochta | 2,157,800 | 2,157,800 | 63,900 | 63,900 | 2,487,800 | 2,246,300 | 62,500 | 61,800 |
| A05 Seirbhísí do Dhaoine Gan Dídean a Riar | 3,381,600 | 3,381,600 | 393,400 | 393,400 | 3,333,800 | 3,848,900 | 387,000 | 389,000 |
| A06 Tacaíocht don Chlár Caipitil Tithíochta | 9,523,300 | 9,523,300 | 6,519,400 | 6,519,400 | 8,971,700 | 9,075,200 | 6,124,800 | 5,913,000 |
| A07 Clár SCC agus Léasaithe | 46,887,400 | 46,887,400 | 48,886,400 | 48,886,400 | 38,427,200 | 38,857,900 | 40,448,600 | 40,686,700 |
| A08 Iasachtaí Tithíochta | 4,966,600 | 4,966,600 | 4,589,300 | 4,589,300 | 5,480,200 | 4,735,400 | 4,672,900 | 4,192,000 |
| A09 Deontais Tithíochta | 3,917,000 | 3,917,000 | 2,760,500 | 2,760,500 | 3,994,600 | 3,964,400 | 2,738,900 | 2,768,900 |
| A11 Seirbhísí Gníomhaireachta agus Infhorchúitithe | 2,002,900 | 2,002,900 | 538,100 | 538,100 | 1,730,800 | 1,533,000 | 673,700 | 243,500 |
| A12 Clár ÍCT | 643,400 | 643,400 | 98,600 | 98,600 | 648,300 | 636,900 | 115,700 | 97,100 |
| **Iomlán Rannóg A** | **89,124,800** | **89,124,800** | **85,374,400** | **85,374,400** | **80,220,400** | **80,490,700** | **74,728,000** | **75,670,300** |

| TÁBLA B: Caiteachas agus Ioncam don bhliain 2022 agus Toradh Measta don bhliain 2021 | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | 2022 | | | | 2021 | | | |
| | | Caiteachas | | Ioncam | | Caiteachas | | Ioncam | |
| Rannóg agus Seirbhísí | | Arna ghlacadh ag an gComhairle € | Measta ag an bPríomh-fheidhmeannach € | Arna ghlacadh ag an gComhairle € | Measta ag an bPríomh-fheidhmeannach € | Arna ghlacadh ag an gComhairle € | Toradh Measta € | Arna ghlacadh ag an gComhairle € | Toradh Measta € |
| **B** | **Iompar agus Sábháilteacht ar Bhóithre** | | | | | | | | |
| B01 | Príomhbóithre Náisiúnta - Cothabháil agus Feabhsú | - | - | - | - | - | - | - | - |
| B02 | Bóithre Náisiúnta den Dara Grád - Cothabháil agus Feabhsú | - | - | - | - | - | - | - | - |
| B03 | Bóithre Réigiúnacha - Cothabháil agus Feabhsú | 9,158,400 | 9,158,400 | 2,938,900 | 2,938,900 | 8,406,700 | 7,557,500 | 2,583,700 | 2,763,900 |
| B04 | Bóithre Áitiúla - Cothabháil agus Feabhsú | 8,956,200 | 8,956,200 | 2,068,900 | 2,068,900 | 8,391,500 | 10,109,500 | 2,058,100 | 2,091,200 |
| B05 | Soilsiú Poiblí | 5,182,600 | 5,182,600 | 554,100 | 554,100 | 5,065,100 | 5,116,900 | 514,400 | 555,700 |
| B06 | Feabhsú Bainistíocht Tráchta | 3,580,000 | 3,580,000 | 74,500 | 74,500 | 2,926,600 | 3,418,800 | 62,900 | 106,200 |
| B07 | Feabhsú Innealtóireachta um Shábháilteacht ar Bhóithre | - | - | - | - | - | - | - | - |
| B08 | Cur Chun Cinn agus Oideachas maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre | 2,389,000 | 2,389,000 | 177,600 | 177,600 | 2,003,100 | 3,228,700 | 173,100 | 805,800 |
| B09 | Carrpháirceáil | 809,600 | 809,600 | 1,305,100 | 1,305,100 | 812,700 | 815,800 | 1,531,400 | 1,306,500 |
| B10 | Tacaíocht don Chlár Caipitil Bhóithre | 2,168,000 | 2,168,000 | 63,200 | 63,200 | 2,154,100 | 2,058,700 | 54,900 | 59,800 |
| B11 | Seirbhísí Gníomhaireachta agus Infhorchúitithe | 500,100 | 500,100 | 1,131,500 | 1,131,500 | 524,500 | 635,400 | 928,100 | 1,129,100 |
| **Iomlán Rannóg B** | | **32,743,900** | **32,743,900** | **8,313,800** | **8,313,800** | **30,284,300** | **32,941,300** | **7,906,600** | **8,818,200** |

| TÁBLA B: Caiteachas agus Ioncam don bhliain 2022 agus Toradh Measta don bhliain 2021 | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2022 | | | | 2021 | | | |
| | Caiteachas | | Ioncam | | Caiteachas | | Ioncam | |
| **Rannóg agus Seirbhísí** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Measta ag an bPríomh-fheidhmeannach €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Measta ag an bPríomh-fheidhmeannach €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** |
| **C Seirbhísí Uisce** | | | | | | | | |
| C01 Soláthar Uisce | 11,286,500 | 11,286,500 | 11,386,000 | 11,386,000 | 10,775,600 | 10,621,500 | 10,849,000 | 10,718,700 |
| C02 Cóireáil Fuíolluisce | 6,035,200 | 6,035,200 | 6,109,600 | 6,109,600 | 5,998,200 | 5,709,100 | 6,055,400 | 5,784,200 |
| C03 Muirir Seirbhísí Uisce agus Fuíolluisce a Bhailiú | - | - | - | - | - | - | - | - |
| C04 Áisiúlacht Phoiblí | 389,000 | 389,000 | 9,200 | 9,200 | 307,600 | 437,200 | 9,000 | 9,800 |
| C05 Suiteálacha Grúpa agus Príobháideacha a Riar | 15,500 | 15,500 | 15,000 | 15,000 | 15,300 | 15,300 | 15,000 | 15,000 |
| C06 Tacaíocht don Chlár Caipitil Uisce | 395,200 | 395,200 | 401,900 | 401,900 | 719,000 | 368,200 | 725,900 | 377,300 |
| C07 Seirbhísí Gníomhaireachta agus Infhorchúitithe | - | - | - | - | - | - | - | - |
| C08 Seirbhísí Uisce agus Sláintíochta Údaráis Áitiúil | 1,263,600 | 1,263,600 | 122,000 | 122,000 | 1,108,000 | 1,192,900 | 23,300 | 107,100 |
| **Iomlán Rannóg C** | **19,385,000** | **19,385,000** | **18,043,700** | **18,043,700** | **18,923,700** | **18,344,200** | **17,677,600** | **17,012,100** |

| TÁBLA B: Caiteachas agus Ioncam don bhliain 2022 agus Toradh Measta don bhliain 2021 | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2022 | | | | 2021 | | | |
| | Caiteachas | | Ioncam | | Caiteachas | | Ioncam | |
| **Rannóg agus Seirbhísí** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Measta ag an bPríomh-fheidhmeannach €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Measta ag an bPríomh-fheidhmeannach €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** |
| **D Bainistíocht Forbartha** | | | | | | | | |
| D01 Pleanáil chun Cinn | 2,675,700 | 2,675,700 | 69,900 | 69,900 | 2,666,400 | 2,689,300 | 78,900 | 85,900 |
| D02 Bainistíocht Forbartha | 8,224,300 | 8,224,300 | 1,537,500 | 1,537,500 | 8,203,000 | 7,622,000 | 1,517,100 | 1,527,900 |
| D03 Forfheidhmiú | 746,800 | 746,800 | 54,900 | 54,900 | 676,400 | 705,900 | 49,800 | 60,800 |
| D04 Saoráidí Tionsclaíochta agus Tráchtála | 748,600 | 748,600 | 21,800 | 21,800 | 620,500 | 675,100 | 23,300 | 27,700 |
| D05 Forbairt agus Cur chun Cinn na Turasóireachta | 1,227,700 | 1,227,700 | 101,200 | 101,200 | 504,500 | 520,100 | 13,200 | 6,700 |
| D06 Feidhm Phobail agus Fiontraíochta | 1,710,800 | 1,710,800 | 229,400 | 229,400 | 1,760,700 | 1,734,400 | 241,100 | 267,700 |
| D07 Eastáit Tithíochta Neamhchríochnaithe | - | - | - | - | - | - | - | - |
| D08 Rialú Tógála | 1,895,500 | 1,895,500 | 306,300 | 306,300 | 1,961,700 | 1,871,300 | 195,400 | 329,500 |
| D09 Forbairt agus Cur chun Cinn Geilleagrach | 5,664,500 | 5,664,500 | 2,282,600 | 2,282,600 | 3,983,400 | 8,988,000 | 1,883,700 | 6,256,800 |
| D10 Bainistíocht Réadmhaoine | 1,469,600 | 1,469,600 | 714,900 | 714,900 | 1,330,700 | 1,621,900 | 706,300 | 714,100 |
| D11 Seirbhísí Oidhreachta agus Caomhnaithe | 539,300 | 539,300 | 235,700 | 235,700 | 504,900 | 490,000 | 233,200 | 181,500 |
| D12 Seirbhísí Gníomhaireachta agus Infhorchúitithe | - | - | - | - | - | - | - | - |
| **Iomlán Rannóg D** | **24,902,800** | **24,902,800** | **5,554,200** | **5,554,200** | **22,212,200** | **26,918,000** | **4,942,000** | **9,458,600** |

| TÁBLA B: Caiteachas agus Ioncam don bhliain 2022 agus Toradh Measta don bhliain 2021 | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2022 | | | | 2021 | | | |
| | Caiteachas | | Ioncam | | Caiteachas | | Ioncam | |
| **Rannóg agus Seirbhísí** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Measta ag an bPríomh-fheidhmeannach €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Measta ag an bPríomh-fheidhmeannach €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** |
| **E Seirbhísí Comhshaoil** | | | | | | | | |
| E01 Oibríochtaí agus Iarchúram maidir le Líonadh Talún | 3,932,000 | 3,932,000 | 31,800 | 31,800 | 4,087,000 | 3,986,100 | 29,700 | 33,100 |
| E02 Oibríochtaí Saoráidí Aisghabhála agus Athchúrsála | 3,568,600 | 3,568,600 | 1,979,600 | 1,979,600 | 2,850,500 | 3,518,300 | 1,344,500 | 1,847,400 |
| E03 Oibríochtaí Saoráidí ó Dhramhaíl go Fuinneamh | 865,100 | 865,100 | 1,000,000 | 1,000,000 | 865,100 | 865,100 | 1,055,500 | 1,055,500 |
| E04 Seirbhísí ó Dhramhaíl go Bailiú a Sholáthar | - | - | - | - | - | - | - | - |
| E05 Bainistíocht Bruscair | 1,413,900 | 1,413,900 | 121,100 | 121,100 | 1,411,700 | 1,338,300 | 125,400 | 118,000 |
| E06 Glantachán Sráideanna | 7,371,100 | 7,371,100 | 191,200 | 191,200 | 6,758,000 | 7,301,200 | 182,800 | 199,300 |
| E07 Rialacháin, Monatóireacht agus Forfheidhmiú Dramhaíola | 1,487,800 | 1,487,800 | 441,500 | 441,500 | 1,661,100 | 1,421,000 | 507,800 | 467,500 |
| E08 Pleanáil Bainistíocht Dramhaíola | 420,000 | 420,000 | 65,900 | 65,900 | 267,900 | 291,900 | 25,000 | 44,900 |
| E09 Reiligí a Chothabháil | 2,139,300 | 2,139,300 | 958,100 | 958,100 | 2,162,200 | 2,111,600 | 957,000 | 959,400 |
| E10 Sábháilteacht Struchtúr agus Áiteanna | 1,147,300 | 1,147,300 | 25,800 | 25,800 | 1,175,900 | 1,141,200 | 86,200 | 49,400 |
| E11 Seirbhísí Dóiteáin a Oibriú | 23,091,700 | 23,091,700 | - | - | 22,533,100 | 23,073,100 | - | - |
| E12 Cosc Dóiteáin | 199,800 | 199,800 | 904,700 | 904,700 | 196,900 | 183,300 | 850,000 | 1,000,000 |
| E13 Cáilíocht an Uisce, Truailliú Aeir agus Torainn | 2,633,400 | 2,633,400 | 1,542,500 | 1,542,500 | 2,541,500 | 2,489,200 | 1,336,900 | 1,562,200 |
| E14 Seirbhísí Gníomhaireachta agus Infhorchúitithe | - | - | - | - | - | - | - | - |
| E15 Athrú Aeráide agus Tuile | 1,165,000 | 1,165,000 | 12,500 | 12,500 | 1,021,500 | 1,077,900 | 10,900 | 11,900 |
| **Iomlán Rannóg E** | **49,435,000** | **49,435,000** | **7,274,700** | **7,274,700** | **47,532,400** | **48,798,200** | **6,511,700** | **7,348,600** |

| TÁBLA B: Caiteachas agus Ioncam don bhliain 2022 agus Toradh Measta don bhliain 2021 | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2022 | | | | 2021 | | | |
| | Caiteachas | | Ioncam | | Caiteachas | | Ioncam | |
| **Rannóg agus Seirbhísí** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Measta ag an bPríomh-fheidhmeannach €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Measta ag an bPríomh-fheidhmeannach €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** |
| **F Caitheamh Aimsire agus Conláiste** | | | | | | | | |
| F01 Oibriúcháin Saoráidí Fóillíochta | 739,400 | 739,400 | 280,700 | 280,700 | 734,700 | 695,800 | 315,000 | 303,600 |
| F02 Seirbhís Leabharlainne agus Chartlainne a Oibriú | 15,921,700 | 15,921,700 | 417,300 | 417,300 | 15,452,300 | 15,267,900 | 445,500 | 521,500 |
| F03 Oibríochtaí Limistéir Fóillíochta faoin Aer | 20,783,500 | 20,783,500 | 1,240,900 | 1,240,900 | 19,548,600 | 19,860,800 | 1,183,900 | 678,900 |
| F04 Spórt Pobail agus Caitheamh Aimsire a Fhorbairt | 6,186,200 | 6,186,200 | 556,600 | 556,600 | 6,877,100 | 7,147,400 | 378,700 | 1,601,200 |
| F05 An Clár Ealaíon a Oibriú | 8,664,600 | 8,664,600 | 180,100 | 180,100 | 5,377,700 | 5,603,200 | 504,200 | 726,800 |
| F06 Seirbhísí Gníomhaireachta agus Infhorchúitithe | - | - | - | - | - | - | - | - |
| **Iomlán Rannóg F** | **52,295,400** | **52,295,400** | **2,675,600** | **2,675,600** | **47,990,400** | **48,575,100** | **2,827,300** | **3,832,000** |

| TÁBLA B: Caiteachas agus Ioncam don bhliain 2022 agus Toradh Measta don bhliain 2021 | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2022 | | | | 2021 | | | |
| | Caiteachas | | Ioncam | | Caiteachas | | Ioncam | |
| Rannóg agus Seirbhísí | Arna ghlacadh ag an gComhairle € | Measta ag an bPríomh-fheidhmeannach € | Arna ghlacadh ag an gComhairle € | Measta ag an bPríomh-fheidhmeannach € | Arna ghlacadh ag an gComhairle € | Toradh Measta € | Arna ghlacadh ag an gComhairle € | Toradh Measta € |
| **G Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte agus Leas** | | | | | | | | |
| G01 Costais Draenála Talún | - | - | - | - | - | - | - | - |
| G02 Céanna agus Calafoirt a Oibriú agus a Chothabháil | 512,300 | 512,300 | 5,300 | 5,300 | 503,900 | 385,500 | 6,700 | 7,300 |
| G03 Cosaint an Chósta | - | - | - | - | - | - | - | - |
| G04 Seirbhís Tréidliachta | 933,600 | 933,600 | 273,700 | 273,700 | 764,600 | 589,400 | 200,100 | 217,900 |
| G05 Seirbhísí Tacaíochta Oideachais | 79,100 | 79,100 | 28,800 | 28,800 | 72,100 | 68,200 | 28,800 | 28,800 |
| G06 Seirbhísí Gníomhaireachta agus Infhorchúitithe | - | - | - | - | - | - | - | - |
| **Iomlán Rannóg G** | **1,525,000** | **1,525,000** | **307,800** | **307,800** | **1,340,600** | **1,043,100** | **235,600** | **254,000** |

| TÁBLA B: Caiteachas agus Ioncam don bhliain 2022 agus Toradh Measta don bhliain 2021 | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2022 | | | | 2021 | | | |
| | Caiteachas | | Ioncam | | Caiteachas | | Ioncam | |
| **Rannóg agus Seirbhísí** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Measta ag an bPríomh-fheidhmeannach €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Measta ag an bPríomh-fheidhmeannach €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** |
| **H Seirbhísí Ilghnéitheacha** | | | | | | | | |
| H01 Cuntas Brabúis agus Caillteanais innealra | - | - | - | - | - | - | - | - |
| H02 Cuntas Brabúis agus Caillteanais Stór | 425,300 | 425,300 | - | - | 379,400 | 422,000 | - | - |
| H03 Rátaí a Riar | 26,063,100 | 26,063,100 | 985,500 | 985,500 | 34,176,100 | 86,037,300 | 481,100 | 53,180,500 |
| H04 Costais Saincheadúnais | 515,300 | 515,300 | 11,200 | 11,200 | 504,600 | 520,500 | 10,500 | 11,400 |
| H05 Costais Oibrithe na Marbhlainne agus an Chróinéara | - | - | - | - | 8,600 | 1,600 | - | - |
| H06 Droichid Mheáite | 19,900 | 19,900 | - | - | 20,400 | 22,900 | - | - |
| H07 Margaí agus Corrthrádáil a Oibriú | 500 | 500 | 15,000 | 15,000 | 500 | 500 | 3,000 | 6,000 |
| H08 Díobháil Mhailíseach | - | - | - | - | - | - | - | - |
| H09 Ionadaíocht Áitiúil agus Ceannaireacht Chathartha | 2,702,000 | 2,702,000 | 20,900 | 20,900 | 2,147,200 | 2,344,900 | 15,900 | 17,300 |
| H10 Mótarchánachas | - | - | - | - | - | - | - | - |
| H11 Seirbhísí Gníomhaireachta agus Infhorchúitithe | 648,900 | 648,900 | 11,456,400 | 11,456,400 | 633,800 | 1,068,700 | 13,897,200 | 15,177,600 |
| **Iomlán Rannóg H** | **30,375,000** | **30,375,000** | **12,489,000** | **12,489,000** | **37,870,600** | **90,418,400** | **14,407,700** | **68,392,800** |
| **IOMLÁN FORIOMLÁN** | **299,786,900** | **299,786,900** | **140,033,200** | **140,033,200** | **286,374,600** | **347,529,000** | **129,236,500** | **190,786,600** |

| TÁBLA C - COIGEARTÚ NA BONNBHLIANA DO BHLIAIN AIRGEADAIS 2022<br>Comhairle Contae Fhine Gall | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Údarás Rátála | (i)<br>Ráta Bliantúil ar Luacháil<br>2022<br>€ | (ii)<br>RBL Éifeachtach (Glan ar BYA)<br>2022<br>€ | (iii)<br>Coigeartú na Bonn-bhliana<br>2022<br>€ | (iv)<br>Glanluacháil Éifeachtach<br>€ | (v)<br>Luach an Choigeartaithe Bonn-bhliana<br>€ |
| | - | - | - | - | - |
| **IOMLÁN** | | | | **-** | **-** |

| Tábla D | | |
|---|---|---|
| **ANAILÍS AR IONCAM BUISÉID 2022 Ó EARRAÍ AGUS SEIRBHÍSÍ** | | |
| **Foinse an Ioncaim** | **2022**<br>**€** | **2021**<br>**€** |
| Cíosanna ó Thithe | 25,756,300 | 23,214,100 |
| Ús agus Muirir Iasachtaí Tithíochta | 3,488,900 | 3,614,000 |
| Fíneálacha agus Táillí Páirceála | 1,305,000 | 1,530,000 |
| Uisce Éireann | 15,086,500 | 14,841,100 |
| Táillí Pleanála | 1,490,300 | 1,480,300 |
| Táillí Bruscair Tí | 1,280,000 | 760,000 |
| Táillí Bruscair Tráchtála | - | - |
| Táillí Líonadh Talún | - | - |
| Muirir Dhóiteáin | 900,000 | 850,000 |
| Caitheamh Aimsire/Fóntas/Cultúr | 650,000 | 665,000 |
| Seirbhísí Gníomhaireachta agus Oibreacha Infhorchúitithe | - | - |
| Ranníocaíochtaí Údaráis Áitiúil | 1,604,100 | 1,669,100 |
| Aoisliúntas | 2,400,100 | 2,300,300 |
| Áit Chónaithe Neamhphríomha | 500,000 | 700,000 |
| Ioncam eile | 12,763,600 | 13,599,300 |
| **Earraí agus Seirbhísí Iomlána** | **67,224,800** | **65,223,200** |

| Tábla E | | |
|---|---|---|
| **ANAILÍS AR IONCAM BUISÉID 2022 Ó DHEONTAIS AGUS FÓIRDHEONTAIS** | | |
| | **2022**<br>**€** | **2021**<br>**€** |
| **An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta** | | |
| Tithíocht agus Tógáil | 54,425,300 | 46,290,300 |
| Iompar agus Sábháilteacht ar Bhóithre | 3,914,400 | 3,914,400 |
| Seirbhísí Uisce | 2,352,100 | 2,315,400 |
| Bainistíocht Forbartha | 8,000 | 8,000 |
| Seirbhísí Comhshaoil | - | - |
| Caitheamh Aimsire agus Conláiste | 75,000 | 75,000 |
| Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte agus Leas | - | - |
| Seirbhísí Ilghnéitheacha | 7,075,100 | 7,281,600 |
| **Fo-iomlán** | **67,849,900** | **59,884,700** |
| **Ranna agus Comhlachtaí Eile** | | |
| Bonneagar Iompair Éireann (BIÉ) | 540,000 | 500,000 |
| Na Meáin, Turasóireacht, Ealaín, Cultúr, Spórt agus an Ghaeltacht | 180,000 | 170,000 |
| An tÚdarás Náisiúnta Iompair | 945,800 | 586,700 |
| Coimirce Sóisialaí | - | - |
| Cosaint | - | - |
| Oideachas | - | - |
| An Chomhairle Leabharlann | - | - |
| An Chomhairle Ealaíon | 50,000 | 50,000 |
| Iompar | - | 16,000 |
| Ceartas | - | - |
| Talmhaíocht agus Muir | 7,500 | 50,000 |
| Fiontraíocht, Trádáil agus Fostaíocht | 1,973,000 | 1,630,300 |
| Pobal, Forbairt Tuaithe agus na hOileáin | 117,700 | 176,100 |
| Líonraí Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Cumarsáide | 421,500 | 431,500 |
| Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann | - | - |
| Eile | 723,000 | 518,000 |
| **Fo-iomlán** | **4,958,500** | **4,128,600** |
| **Deontais agus Fóirdheontais Iomlána** | **72,808,400** | **64,013,300** |

Fingal County Council
Comhairle Contae Fhine Gall

# Buiséad Reachtúil

## TÁBLAÍ F
## CAITEACHAS AGUS IONCAM

**RANNÓGA A-H**

# Rannóg A
# TITHÍOCHT AGUS FOIRGNÍOCHT

Cinntíonn an Rannóg Tithíochta go mbíonn tithíocht ar fáil dóibh siúd is leochailí sa tsochaí, cuireann sé tacaíocht tithíochta sóisialta ar fáil dóibh siúd nach bhfuil in ann cóiríocht a chur ar fáil dóibh féin óna n-acmhainní féin agus cuireann sí seirbhísí ar fáil do thionóntaí na Comhairle, dóibh siúd a bhfuil riachtanas tithíochta acu agus do shealbhóirí tí príobháideacha..

Cuireann an Rannóg Beartas Tithíochta an Rialtais i bhfeidhm, lena n-áirítear Tithíocht do Chách, Plean Tithíochta Nua d'Éirinn ina sainaithnítear ceithre chonair chun na ceithre chuspóir uileghabhálacha a bhaint amach a dtugtar cuntas orthu sa Phlean. Tacaíonn an buiséad ioncaim le seirbhísí a sholáthar faoi na ceithre chonair seo;

- Tacú le húinéireacht tithe agus inacmhainneacht a mhéadú;
- Deireadh a chur le heaspa dídine, an méid tithíocht shóisialta a sholáthraítear a mhéadú agus tacú le hionchuimsiú sóisialta;
- Soláthar tithíochta nua a mhéadú;
- Dul i ngleic le háiteanna cónaithe folmha agus úsáid éifeachtúil a bhaint as an stoc reatha.

**TITHE ÚDARÁIS ÁITIÚIL A BHAINISTIÚ AGUS A CHOTHABHÁIL**

Tá stoc tithíochta sóisialta na Comhairle ag méadú gach bliain mar gheall ar réadmhaoin bhreise atá á gcur ar fáil faoin bpíblíne soláthair Tithíochta. Chomh maith le tithe a thógann CCFG féin, áirítear leis sin tithe Léasaithe Fhadtéarmaigh (LTL), éadálacha aonuaire agus soláthar Chuid V in eastáit tithíochta. Dá réir sin, beidh bainistíocht, cothabháil agus infhaighteacht seirbhíse bainistíochta eastáit fhreagrúil ríthábhachtach chun pobail inbhuanaithe a thógáil.

Déanfaidh Comhairle Contae Fhine Gall bainistíocht agus cothabháil ar os cionn 6,200 teach in 2022 agus táimid ag súil go mbeidh orainn déileáil le 15,000 iarratas cothabhála. Cuirfimid seirbhís bhliantúil ar fáil freisin do thart ar 5,000 suiteáil téimh tí, coirí gáis agus ola agus córais téimh in-athnuaite i dtithe nua ina measc i rith 2022.

Tugtar tús áite do thithe folmha a dheisiú agus a ligean amach arís agus táthar ag súil go mbeidh, ar an meán, timpeall is 99% dár dtithe Comhairle áitithe ag am ar bith i rith 2022.

Rinneadh soláthar mór ioncaim reatha do mhaoiniú don Chlár Caipitiúil Oibreacha le haghaidh stoc tithíochta don bhliain 2022.

Beartaíonn an Chomhairle tabhairt faoi obair chothabhála choisctheach, péinteáil agus roinnt oibreacha siúinéireachta san áireamh, ina mhéid le 900 teach le linn 2022. Díríonn an Clár Iarfheistithe Éifeachtúlachta Fuinnimh ar a chinntiú go ndéantar creatlach an tí a uasghrádú agus áirítear leis na hoibreacha insliú áiléir/cuasbhalla nó insliú balla sheachtraigh, nuair is gá, fuinneoga agus doirse a athsholáthar, teaschaidéal a shuiteáil agus oibreacha coimhdeacha. Ní dhéanfar coirí a athsholáthar ach ar bhonn éigeandála amháin. Leanfaidh oibreacha lena chinntiú go gcloítear le caighdeáin tithíochta.

**BAINISTÍOCHT EASTÁIT**
Leanfaidh an Rannóg Bainistíochta Eastáit le hidirchaidreamh a dhéanamh le gach tionónta nua Comhairle le tionóntaí a spreagadh páirt ghníomhach a ghlacadh ina n-eastáit a chothabháil agus sa chuma a bhíonn orthu. Oibríonn an Chomhairle as lámh a chéile le gníomhaireachtaí seachtracha agus páirtithe leasmhara chun féachaint le hiompar frithshóisialta inár n-eastáit a chosc, a laghdú agus le deireadh a chur leis, agus leis na torthaí is fearr a bhaint amach.

Sa chás gur féidir, féachfaimid le hoibreacha a dhéanamh chun eastáit a fheabhsú d'fhonn iompar frithshóisialta a laghdú áit a bhfuil go leor de ar bun. D'fhéadfadh go n-aireofaí leis sin ráillí a thógáil, lánaí a dhúnadh, graifítí a bhaint nó crainn a chur. Táthar ag súil leis go gcaithfear €450,000 ar na bearta sin.

**CÁIN MHAOINE ÁITIÚIL**
Ní mór do Chomhairle Contae Fhine Gall an Cháin Maoine Áitiúil a íoc ar gach réadmhaoin tithíochta sóisialta. Tá gach réadmhaoin de chuid na Comhairle i mBanda Luachála 1, is é sin ó €0 go €200,000. Tá íocaíocht don bhliain atá le teacht dlite an 1 Eanáir 2022 agus íocfar é i dtráthchodanna míosúla le linn na bliana. Cuireadh ar fáil €420,000 chun Cáin Mhaoine a íoc in 2022.

**SEIRBHÍSÍ DO DHAOINE GAN DÍDEAN**
Is seirbhís chomhroinnte í Feidhmeannacht um Dhaoine ar Easpa Dídine Réigiún Bhaile Átha Cliath a oibríonn Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath mar an príomhúdarás reachtúil i Réigiún Bhaile Átha Cliath maidir le freagairtí ar easpa dídine a chomhordú. Tá caiteachas €2.5m ar fáil sa bhuiséad don tseirbhís seo in 2022.

Leanfaidh Comhairle Contae Fhine Gall, ag oibriú i gcomhar le hÚdaráis Áitiúla eile i mBaile Átha Cliath agus le Feidhmeannacht um Dhaoine ar Easpa Dídine Réigiún Bhaile Átha Cliath, den bheartas reatha a chur chun feidhme agus oibreoidh sí chun cuspóirí maidir le heaspa dídine a chur i bhfeidhm agus easpa dídine a mhaolú.

Rinneadh dul chun cinn suntasach le linn 2021 chun cabhrú le teaghlaigh agus daoine aonair i bhFine Gall atá gan dídean, nó atá i mbaol a bheith gan dídean, le teach a aimsiú. Leanfaidh an obair seo ar aghaidh in 2022. Táthar ag súil leis go gcuirfear feabhas ar chúrsaí do thart ar 500 teaghlach atá buailte ag easpa dídine faoi dheireadh na bliana 2021 a bhuí le cineálacha éagsúla de thacaíocht tithíochta sóisialta, Scéim ÍCT do Dhaoine gan Dídean Réigiún Bhaile Átha Cliath san áireamh.

Leanfar de Sheirbhísí Tacaíochta a sholáthar d'iarrthóirí gan dídean nuair a ghlacann siad le tionóntacht trí sheirbhísí tacaíochta éagsúla do thionóntaí cosúil le Support to Live Independently (SLÍ) arna fheidhmiú ag Clann Shíomóin Bhaile Átha Cliath, Focus Ireland Tenancy Sustainment, HAIL (Housing Association for Integrated Living) agus Housing First. Leithdháiltear tionóntachtaí for-rochtana freisin ar iarrthóirí gan dídean agus leochaileacha i gcomhpháirtíocht le Cumann Tithíochta Sophia, Iontaobhas Peter McVerry, Anew agus Novas.

Leanann Feidhmeannacht um Dhaoine ar Easpa Dídine Réigiún Bhaile Átha Cliath leis an gComhaireamh Débhliantúil ar líon na nDaoine a bhíonn ag Codladh Amuigh, i gcomhoibriú leis an bhFeidhmeannacht um Dhaoine ar Easpa Dídine Réigiún Bhaile Átha Cliath agus Comhairle Contae Fhine Gall.

Sular tugadh na srianta isteach mar thoradh ar Covid 19, d'éascaigh Comhairle Contae Fhine Gall clinicí seachtainiúla a chur ar siúl, ar tugadh fúthu i gcomhar le Threshold, in Oifigí na Cathrach, Baile Bhlainséir. Bíonn Threshold ag oibriú chun tionóntachtaí a chosaint agus a choinneáil trí fhaisnéis a chur ar fáil dóibh siúd atá i gcontúirt a dteach a chailleadh i mBaile Átha Cliath agus trí oibriú i ndlúthchomhar leis an Roinn Coimirce Sóisialaí freisin. Leanadh le seirbhísí Threshold a sholáthar i rith na paindéime trína seirbhís SAORGHLAO (1800 454 454) agus tá súil leis go bhfillfear ar chlinicí seachtainiúla a chur ar siúl arís nuair a bhainfear na srianta, faoi réir Treoirlínte Sláinte agus Sábháilteachta.

**AN ÍOCAÍOCHT CÚNAIMH TITHÍOCHTA**

Is príomhthosaíocht don Rialtas é an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (ÍCT) a chur i bhfeidhm. Ó tugadh isteach an scéim an 1 Márta 2017, tá 4,843 tionóntacht, ÍCT Easpa Dídine san áireamh, curtha ar bun go dtí deireadh Mheán Fómhair 2021. Leanfaidh an fhoireann ÍCT de bheith ag cabhrú le hiarrthóirí socruithe tionóntachta ÍCT a chur i bhfeidhm i rith 2022.

**CÓIRÍOCHT DON LUCHT SIÚIL**

Deimhníodh leis an gComhaireamh Bliantúil a dhéantar ar Theaghlaigh an Lucht Siúil go raibh 534 teaghlach de chuid an Lucht Siúil i bhFine Gall in 2020. Ghlac an Chomhairle leis an gClár Cóiríochta do Thaistealaithe 2019-2024 in 2019.

Anuas ar chistiú Caipitil, cuireadh €200,000 ar fáil le haghaidh Oibreacha Feabhsúcháin ar Eastáit do Thaistealaithe.

**SCÉIMEANNA LÉASAITHE**

Foinsí tábhachtacha de thithíocht shóisialta i bhFine Gall don bhliain amach romhainn go fóill iad an Scéim Scéim Cóiríochta Cíosa (SCC), an Scéim um Athchóiriú agus Léasú (SAL) agus an Scéim um Leasú Fadtéarmach (SLF). Tá 962 réadmhaoin ar léas ag an gComhairle faoi láthair faoi na scéimeanna sin.

**COMHLACHTAÍ CEADAITHE TITHÍOCHTA**

Leanfaidh Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (CCTanna) de ról tábhachtach a ghlacadh i soláthar tithíochta sóisialta agus leanann an Chomhairle ag oibriú i gcomhpháirtíocht lenár gcomhpháirtithe CCT chun an soláthar a mhéadú tríd an Áis um Airleacan Caipitil i gcomhair Léasú, an Scéim Morgáiste go Cíos agus an Scéim Cúnaimh Caipitil.

Beidh tógáil agus léasú tithe nua, trí úsáid a bhaint as airgeadas príobháideach agus Comhaontuithe Íocaíochta agus Infhaighteachta, ina chuid lárnach de sholáthar tithíochta sóisialta a mhéadú do CCTanna. Cuireadh €27.4 milliún ar fáil don bhliain 2022.
Anuas air sin, más cuí, oibreoidh an Chomhairle i gcomhar le CCTanna chun éascaíocht a dhéanamh ar áitrithe phríobháideacha nuathógtha a cheannach nó a léasú faoi Chuid V.

Leanann an Chomhairle de thithe inacmhainne nár díoladh a ligean ar léas do CCTanna, de réir mar a fhoráiltear dó i gCiorclán AHS/1/2009. Bhunaigh an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil (RTPRÁ) grúpa oibre inmheánach chun straitéis fhadtéarmach a bhreithniú maidir le hionaid réadmhaoine inacmhainne nach ndíoltar.

**CÍOSANNA DIFREÁLACHA**

Faoi Scéim Cíosanna Difreálacha na Comhairle, déantar cíosanna do thithe na Comhairle a áireamh mar chéatadán (12%) den ghlanioncam inmheasta. Tá an Chomhairle ag súil leis go dtuillfear €20.96m ó thithe ar cíos ón údarás áitiúil in 2022.

## IASACHTAÍ TÍ

Riarann Rannóg na nIasachtaí an scéim iasachtaí ceannaigh tí agus tá 1,836 cuntas iasachta gníomhach á mbainistiú aici, ar a bhfuil luach leabhar €143 milliún (deireadh Mheán Fómhair 2021). Táthar ag súil leis sa bhuiséad go mbaileofar €4.6 milliún ó ús agus ón PRRM (an Próiseas Réitigh Riaráistí Morgáiste) i rith 2022.

Tháinig Iasacht Tithíochta Atógáil Éireann in ionad na scéimeanna níos sine ar fad maidir le hiasachtaí tí agus, faoi láthair, is é an táirge iasachta a chuirtear ar fáil d'iasachtaithe ag Údaráis Áitiúla é. Go dtí seo (deireadh Mheán Fómhair 2021), fuarthas 1,334 iarratas agus faomhadh 605 iasacht le linn na tréimhse sin agus tarraingíodh  anuas os cionn iasacht ar fiú €60.82 milliún.

Chomh maith leis sin, bainistíonn Rannóg na nIasachtaí riaráistí iasachta i gcomhréir leis an bPróiseas Réitigh Riaráistí Morgáiste (an PRRM). Is féidir le hiasachtaithe a bhfuil deacrachtaí airgeadais acu iarratas a dhéanamh chun a n-aisíocaíocht mhorgáiste a athsceidealú ar feadh tréimhse shonraithe.

## DEONTAIS UM OIRIÚNÚ TITHE DO DHAOINE SCOTHAOSTA AGUS DAOINE FAOI MHÍCHUMAS

Tá trí Scéim Deontais um Oiriúnú Tithíochta do Dhaoine Scothaosta agus do Dhaoine faoi Mhíchumas ann a bhfuil cónaí orthu in áitreabh príobháideach. Tháinig feidhm leo i mí na Samhna 2007 agus leasaíodh i mí Feabhra 2014 iad.

Tá na Scéimeanna faoi réir tástáil mhaoine agus athraíonn leibhéal an deontais ag brath ar bhandaí ioncaim. Tugadh faomhadh do 261 iarratas ar dheontas chomh fada le deireadh Dheireadh Fómhair 2021. Tá €3.4 milliún curtha ar fáil do Dheontais um Oiriúnú Tithíochta i mBuiséad 2021.

## CIGIREACHTAÍ AR ÁITRIBH PHRÍOBHÁIDEACHA AR CÍOS

Tá feidhm reachtúil ag an gComhairle chun iniúchtaí a dhéanamh ar Áitribh Phríobháideacha ar Cíos laistigh dá limistéar riaracháin féin D’imir na srianta atá i bhfeidhm mar chuid de Covid 19 tionchar ar chumas na Comhairle tabhairt faoina clár beartaithe cigireachtaí don bhliain 2021. Tá tús curtha arís, áfach, ó Iúil 2021 agus cuireadh €1,035,800 ar fáil don tseirbhís seo in 2022.

## COSTAIS SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA


Tá cionroinnt costais agus forchostais riaracháin ghinearálta i gceist le gach rannóg nach bhfuil inmhuirir do rannóg faoi leith. Grúpáiltear na costais mar ‘costais tacaíochta seirbhíse’ agus áirítear leo costais chóiríochta oifige, tuarastail nach bhfuil inmhuirir go díreach do rannóg faoi leith, pinsin, aiscí scoir, seirbhísí ríomhaireachta, speansais dlí, postas,  teileafón, priontáil, stáiseanóireacht agus fógraíocht.

Leithdháileadh na forchostais sin ar Rannóga agus Seirbhísí ar bhunús tiománaithe costais náisiúnta.

# A - Tithíocht agus Foirgníocht


## Caiteachas

| | | |
|---|---|---|
| A01 | Aonaid Tithíochta ÚÁ a Chothabháil agus a Fheabhsú | €12,066,500 |
| A02 | Tithíocht a Mheasúnú, a Leithdháileadh, agus a Aistriú | €1,746,000 |
| A03 | Cíos Tithíochta agus Ceannach ag Tionóntaí a Riar | €1,832,300 |
| A04 | Tacaíocht Forbartha Pobail Tithíochta | €2,157,800 |
| A05 | Seirbhísí do Dhaoine Gan Dídean a Riar | €3,381,600 |
| A06 | Tacaíocht don Chlár Caipitil Tithíochta | €9,523,300 |
| A07 | Clár SCC agus Léasaithe | €46,887,400 |
| A08 | Iasachtaí Tithíochta | €4,966,600 |
| A09 | Deontais Tithíochta | €3,917,000 |
| A11 | Seirbhísí Gníomhaireachta agus Infhorchúitithe | €2,002,900 |
| A12 | Clár ÍCT | €643,400 |
| | | **€ 89,124,800** |




## Ioncam

| | |
|---|---|
| Deontais an RTRÁO (Deontais agus Fóirdheontais Eile san áireamh) | €54,425,300 |
| Cíos ó Thithe | €25,756,300 |
| Iasachtaí Tithíochta, Ús agus Muirir | €3,488,900 |
| Ioncam Eile | €1,031,300 |
| Ranníocaíochtaí Údaráis Áitiúil | €365,000 |
| Aoisliúntas | €307,600 |
| | **€ 85,374,400** |



| Tábla F - Caiteachas | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Rannóg A – Tithíocht agus Foirgníocht** | | | | |
| | **2022** | | **2021** | |
| **Caiteachas de réir Seirbhíse agus Fosheirbhíse** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Measta ag an bPríomh-fheidhmeannach €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** |
| A0101 Aonaid Tithíochta ÚÁ a Chothabháil | 8,466,100 | 8,466,100 | 7,869,900 | 8,402,900 |
| A0102 Aonaid Chóiríochta don Lucht Siúil a Chothabháil | 1,490,500 | 1,490,500 | 1,524,500 | 1,671,900 |
| A0103 Cóiríocht don Lucht Siúil a Bhainistiú | 554,000 | 554,000 | 752,100 | 416,900 |
| A0104 Cothabháil Eastát | - | - | - | - |
| A0199 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 1,555,900 | 1,555,900 | 1,585,400 | 1,599,100 |
| **A01 Aonaid Tithíochta ÚÁ a Chothabháil agus a Fheabhsú** | **12,066,500** | **12,066,500** | **11,731,900** | **12,090,800** |
| A0201 Measúnú ar Riachtanais, Leithdháileadh agus Aistriú Tithíochta | 951,600 | 951,600 | 821,700 | 923,200 |
| A0299 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 794,400 | 794,400 | 794,600 | 805,100 |
| **A02 Measúnú, Leithdháileadh agus Aistriú Tithíochta** | **1,746,000** | **1,746,000** | **1,616,300** | **1,728,300** |
| A0301 Bainistíocht Fiachais agus Measúnú Cíosa | 842,100 | 842,100 | 829,500 | 789,900 |
| A0399 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 990,200 | 990,200 | 968,300 | 983,700 |
| **A03 Cíos Tithíochta agus Ceannach ag Tionóntaí a Riar** | **1,832,300** | **1,832,300** | **1,797,800** | **1,773,600** |
| A0401 Bainistíocht Eastáit Tithíochta | 586,600 | 586,600 | 973,300 | 592,000 |
| A0402 Bainistíocht Tionóntachta | 531,300 | 531,300 | 551,700 | 626,300 |
| A0403 Seirbhís Tithíochta Sóisialta agus Pobail | - | - | - | - |
| A0499 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 1,039,900 | 1,039,900 | 962,800 | 1,028,000 |
| **A04 Tacaíocht Forbartha Pobail Tithíochta** | **2,157,800** | **2,157,800** | **2,487,800** | **2,246,300** |
| A0501 Deontais Easpa Dídine - Comhlachtaí Eile | 2,973,700 | 2,973,700 | 2,933,900 | 3,448,600 |
| A0502 Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean | - | - | - | - |
| A0599 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 407,900 | 407,900 | 399,900 | 400,300 |
| **A05 Seirbhísí do Dhaoine Gan Dídean a Riar** | **3,381,600** | **3,381,600** | **3,333,800** | **3,848,900** |
| A0601 Tacaíocht Theicniúil agus Riaracháin | 2,681,600 | 2,681,600 | 2,147,100 | 2,224,800 |
| A0602 Muirir Iasachta | 5,048,900 | 5,048,900 | 5,046,100 | 5,047,300 |
| A0699 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 1,792,800 | 1,792,800 | 1,778,500 | 1,803,100 |
| **A06 Tacaíocht don Chlár Caipitil Tithíochta** | **9,523,300** | **9,523,300** | **8,971,700** | **9,075,200** |
| A0701 Oibríochtaí an SCC | 7,418,500 | 7,418,500 | 9,064,200 | 7,873,600 |
| A0702 Léasú Fadtéarmach | 9,000,400 | 9,000,400 | 6,409,100 | 7,239,800 |
| A0703 Íocaíocht agus Infhaighteacht | 27,497,500 | 27,497,500 | 20,168,400 | 20,962,200 |
| A0704 Léasanna Inacmhainne | 1,302,500 | 1,302,500 | 1,298,500 | 1,294,500 |
| A0799 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 1,668,500 | 1,668,500 | 1,487,000 | 1,487,800 |
| **A07 Clár SCC agus Léasaithe** | **46,887,400** | **46,887,400** | **38,427,200** | **38,857,900** |
| A0801 Ús Iasachta agus Muirir Eile | 3,932,000 | 3,932,000 | 4,454,300 | 3,698,100 |
| A0802 Bainistíocht Fiachais agus Iasachtaí Tithíochta | 221,500 | 221,500 | 178,300 | 232,400 |
| A0899 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 813,100 | 813,100 | 847,600 | 804,900 |

| A08 Iasachtaí Tithíochta | 4,966,600 | 4,966,600 | 5,480,200 | 4,735,400 |
|---|---|---|---|---|

**Tábla F - Caiteachas**

**Rannóg A – Tithíocht agus Foirgníocht**

| Caiteachas de réir Seirbhíse agus Fosheirbhíse | 2022 | | 2021 | |
|---|---|---|---|---|
| | Arna ghlacadh ag an gComhairle € | Measta ag an bPríomh-fheidhmeannach € | Arna ghlacadh ag an gComhairle € | Toradh Measta € |
| A0901 Scéim Deontais Oiriúnaithe Tithíochta | 2,943,800 | 2,943,800 | 3,002,200 | 2,971,400 |
| A0902 Muirir Iasachta DPG/ERG | - | - | - | - |
| A0903 Deontais Deisiúchán Riachtanach | 483,000 | 483,000 | 462,900 | 482,500 |
| A0904 Íocaíochtaí Deontais Tithíochta Eile | - | - | - | - |
| A0905 Deontais Tithíochta na nÁiseanna Soghluaisteachta | 200,000 | 200,000 | 200,000 | 200,000 |
| A0999 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 290,200 | 290,200 | 329,500 | 310,500 |
| **A09 Deontais Tithíochta** | **3,917,000** | **3,917,000** | **3,994,600** | **3,964,400** |
| A1101 Seirbhísí Gníomhaireachta agus Infhorchúitithe | 1,775,000 | 1,775,000 | 1,509,000 | 1,311,100 |
| A1199 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 227,900 | 227,900 | 221,800 | 221,900 |
| **A11 Seirbhísí Gníomhaireachta agus Infhorchúitithe** | **2,002,900** | **2,002,900** | **1,730,800** | **1,533,000** |
| A1201 Costais Oibriúcháin ÍCT | - | - | - | - |
| A1202 Seirbhísí Gníomhaireachta ÍCT | - | - | - | - |
| A1299 Costais Tacaíochta Seirbhíse ÍCT | 643,400 | 643,400 | 648,300 | 636,900 |
| **A12 Clár ÍCT** | **643,400** | **643,400** | **648,300** | **636,900** |
| **Iomlán Rannóg A** | **89,124,800** | **89,124,800** | **80,220,400** | **80,490,700** |

| Tábla F - Ioncam | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Rannóg A – Tithíocht agus Foirgníocht** | | | | |
| | **2022** | | **2021** | |
| **Ioncam de réir Foinse** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Measta ag an bPríomh-fheidhmeannach €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** |
| **Deontais agus Fóirdheontais Rialtais** | | | | |
| Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht | 54,425,300 | 54,425,300 | 46,290,300 | 45,440,700 |
| Eile | - | - | - | - |
| **Deontais agus Fóirdheontais Rialtais Iomlána** | **54,425,300** | **54,425,300** | **46,290,300** | **45,440,700** |
| **Earraí agus Seirbhísí** | | | | |
| Cíosanna ó Thithe | 25,756,300 | 25,756,300 | 23,214,100 | 25,107,500 |
| Ús agus Muirir Iasachtaí Tithíochta | 3,488,900 | 3,488,900 | 3,614,000 | 3,176,800 |
| Aoisliúntas | 307,600 | 307,600 | 293,600 | 293,600 |
| Seirbhísí Gníomhaireachta agus Oibreacha Infhorchúitithe | - | - | - | - |
| Ranníocaíochtaí Údaráis Áitiúil | 365,000 | 365,000 | 365,000 | 365,000 |
| Ioncam eile | 1,031,300 | 1,031,300 | 951,000 | 1,286,700 |
| **Earraí agus Seirbhísí Iomlána** | **30,949,100** | **30,949,100** | **28,437,700** | **30,229,600** |
| **Iomlán Rannóg A** | **85,374,400** | **85,374,400** | **74,728,000** | **75,670,300** |

# Rannóg B
# IOMPAR AGUS

**COTHABHÁIL BÓITHRE RÉIGIÚNACHA AGUS ÁITIÚLA**

Tá clár leanúnach cothabhála ginearálta agus feabhsúcháin ar na 1,275 ciliméadar de bhóithre réigiúnacha agus áitiúla ar siúl sa Chontae. Áirítear leis sin obair dheisiúcháin ar sclaigeanna, cosáin, glanadh silteán, comharthaí bóthair agus ainmchláir a chothabháil agus a athsholáthar, gearradh féir, bearradh ciumhaise agus marcanna agus rianóirí bóthair a athnuachan.

**CLÁR ATHCHÓIRITHE DO BHÓITHRE RÉIGIÚNACHA AGUS ÁITIÚLA**

Cuireadh €3.9m ar fáil in 2021 ón Leithdháileadh Cáin Maoine Áitiúla chun íoc as clár le haghaidh oibreacha atógála bóithre, oibreacha athchóirithe dromchla agus cóiriú dromchla.

**TRÁCHT / SÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE**

Tá Comhairle Contae Fhine Gall tiomanta do shábháilteacht do shábháilteacht ar bhóithre ar fud an Chontae a fheabhsú. Cuirtear é seo i bhfeidhm trí bhearta mar oideachas, measúnú agus réitigh éagsúla innealtóireachta, rampaí, mullaird etc. Tar éis go ndearnadh Luasteorainneacha nua Fhine Gall a athbhreithniú agus a ghlacadh, tá comharthaíocht luasteorann contae á hathrú dá réir agus tá an luasteorainn nua 30 ciliméadar san uair á tabhairt isteach in eastáit tithíochta.

**SOILSIÚ POIBLÍ**

Táimid ag súil le €4.9m a chaitheamh ar shoilsiú poiblí in 2022: €3.6m chun cothabháil a dhéanamh ar os cionn 32,000 solas poiblí sa Chontae, lena n-áirítear fuinneamh a sholáthar do 2,400 solas agus soilsiú bealaigh tráchta ar phríomhbhóithre náisiúnta an M1, an M2 agus an N3 san áireamh. Cuireadh soláthar méadaithe €81,000 ar fáil do Shoilsiú Poiblí sa Chlár Oibre Ceantair don bhliain 2022.

**CARRPHÁIRCEÁIL – SCÉIMEANNA ÍOC AGUS TAISPEÁIN**

Táimid ag súil le hioncam glan de €560,000 ó na scéimeanna Íoc agus Taispeáin atá á bhfeidhmiú ag an gComhairle in 2022 tar éis do na forchostais go léir a bheith curtha san áireamh.

**CLÁR OIBREACHA OIBRÍOCHTÚLA 2022**

Léirítear an Clár Oibreacha Oibríochtúla d'Oibreacha Speisialta, Trácht agus Soilsiú Poiblí agus an leithdháileadh nua breise don bhliain 2022 sna figiúirí thuas. Déantar soláthar sa soláthar seo do bhóithre, cosáin, bearta tráchta agus soilsiú poiblí. Tabharfar an clár caiteachais ar leith ar ais go dtí coiste ceantair lena fhaomhadh ag Baill an Choiste Ceantair go luath in 2022.

**TAISTEAL GNÍOMHACH**

Bunaíodh an tAonad Taistil Ghníomhaigh le haghaidh a thabhairt ar roinnt tionscadal faoi shruthanna éagsúla oibre le modhanna gníomhacha taistil a spreagadh.

Leagtar iad seo amach go soiléir faoin méid ar a dtugaimid ár 6 Cholún Taistil Ghníomhaigh:

1. Pleanáil Straitéiseach
2. Lánaí Rothar Cosanta
3. Bailte agus Sráidbhailte
4. Nascacht agus Bealaí a Éascú
5. Sábháilteacht ar Bhóithre
6. Taisteal Gníomhach, Soghluaisteacht agus Athrú Iompraíochta

Tá áiseanna ardchaighdeáin siúil agus rothaíochta á bhforbairt ag an Aonad Taistil Ghníomhaigh le níos mó daoine a a spreagadh aistriú go dtí taisteal gníomhach agus cuirfidh sé le hathrú aeráide. Cuimsítear cistiú agus acmhainní geallta i bPlean um Chur i bhFeidhm 5 Bliana 2021-2025 an ÚNI. Déantar soláthar don chistiú don bhonneagar nua sa Phlean Caipitil a cuireadh faoi bhráid na gcomhaltaí i nDeireadh Fómhair. Cuirtear cistiú do thionscnaimh éagsúla um chur chun cinn agus athraithe iompraíochta san ioncam.

Áirítear leis an gcistiú foriomlán na Scéimeanna seo a leanas:

- Lánaí rothar cosanta a sholáthar;
- Athbhreithniú ar Bhailte agus Sráidbhailte do bhearta Taistil Ghníomhaigh;
- An clár Bealaí Sábháilte go dtí an Scoil (cuireadh 11 scoil i bhFine Gall san áireamh i gCéim 1, atá ag oibriú faoi láthair le An Taisce);
- Páirceáil rothar a sholáthar ar fud an chontae;
- Nascacht a sholáthar le Taisteal Gníomhach a éascú agus a spreagadh;
- Bonneagar Taistil Ghníomhaigh a léarscáiliú agus a thaifeadadh cosúil le páirceáil rothar agus gréasán raonta rothar;
- Iarrataí ar bhearta Taistil Ghníomhaigh lena mbreithniú sa chlár oibreacha amach anseo a rianú agus a chur i gcuntas;
- Gréasán Raonta Rothar Fhine Gall;
- Tionscadail soghluaisteachta agus athraithe iompraíochta, cosúil le Taisteal Gníomhach, oiliúint rothaíochta, comhroinnt rothar, gluaisteán pobail agus moil soghluaisteachta a phoibliú agus a chur chun cinn.


Tá an tAonad um Shábháilteacht ar Bhóithre freagrach as an méid seo a leanas a riar:

- Plean um Shábháilteachta ar Bhóithre – an Plean um Shábháilteachta ar Bhóithre a ullmhú agus a chur i bhfeidhm;
- Maoir Scoile. Tá 122 Maor Scoile fostaithe faoi láthair ag Comhairle Contae Fhine Gall, agus áirítear leis an bhfigiúr seo Maoir Chúltaca.

# B - Iompar agus Sábháilteacht ar Bhóithre


## Caiteachas

| | | |
|---|---|---|
| B03 | Bóithre Réigiúnacha - Cothabháil agus Feabhsú | €9,158,400 |
| B04 | Bóithre Áitiúla - Cothabháil agus Feabhsú | €8,956,200 |
| B05 | Soilsiú Poiblí | €5,182,600 |
| B06 | Feabhsú Bainistíocht Tráchta | €3,580,000 |
| B08 | Cur Chun Cinn agus Oideachas maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre | €2,389,000 |
| B09 | Carrphháirceáil | €809,600 |
| B10 | Tacaíocht don Chlár Caipitil Bhóithre | €2,168,000 |
| B11 | Seirbhísí Gníomhaireachta agus Infhorchúitithe | €500,100 |
| | | € 32,743,900 |




## Ioncam

| | |
|---|---|
| An RTRÁO | €3,914,400 |
| BIÉ Bonneagar Iompair Éireann agus Deontais Eile | €1,485,800 |
| Fíneálacha agus Táillí Páirceála | €1,305,000 |
| Ioncam Eile | €1,302,400 |
| Aoisliúntas | €306,200 |
| | **€ 8,313,800** |



| Tábla F - Caiteachas | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Rannóg B – Iompar agus Sábháilteacht ar Bhóithre** | | | | |
| | **2022** | | **2021** | |
| **Caiteachas de réir Seirbhíse agus Fosheirbhíse** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Measta ag an bPríomh-fheidhmeannach €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** |
| B0101 Príomhbóithre Náisiúnta - Cóiriú Dromchla | - | - | - | - |
| B0102 Príomhbóithre Náisiúnta - Forleagan/Atógáil Pábhála | - | - | - | - |
| B0103 Príomhbóithre Náisiúnta - Cothabháil Gheimhridh | - | - | - | - |
| B0104 Príomhbóithre Náisiúnta - Cothabháil Droichead (Eirspan) | - | - | - | - |
| B0105 Príomhbóithre Náisiúnta - Cothabháil Ghinearálta | - | - | - | - |
| B0106 Príomhbóithre Náisiúnta - Oibreacha Ginearálta Feabhsúcháin | - | - | - | - |
| B0199 Costais Tacaíochta Seirbhíse | - | - | - | - |
| **B01 Príomhbóithre Náisiúnta - Cothabháil agus Feabhsú** | **-** | **-** | **-** | **-** |
| B0201 Bóithre Náisiúnta den Dara Grád - Cóiriú Dromchla | - | - | - | - |
| B0202 Bóithre Náisiúnta den Dara Grád - Forleagan/Atógáil | - | - | - | - |
| B0203 Bóithre Náisiúnta den Dara Grád - Forleagan/Atógáil – Uirbeach | - | - | - | - |
| B0204 Bóithre Náisiúnta den Dara Grád - Cothabháil Gheimhridh | - | - | - | - |
| B0205 Bóithre Náisiúnta den Dara Grád - Cothabháil Droichead (Eirspan) | - | - | - | - |
| B0206 Bóithre Náisiúnta den Dara Grád - Cothabháil Ghinearálta | - | - | - | - |
| B0207 Bóithre Náisiúnta den Dara Grád - Oibreacha Ginearálta Feabhsúcháin | - | - | - | - |
| B0299 Costais Tacaíochta Seirbhíse | - | - | - | - |
| **B02 Bóithre Náisiúnta den Dara Grád - Cothabháil agus Feabhsú** | **-** | **-** | **-** | **-** |
| B0301 Bóithre Réigiúnacha - Cóiriú Dromchla | 105,000 | 105,000 | 80,200 | 105,000 |
| B0302 Athchóiriú Dromchla Bóithre Réigiúnacha/Atógáil/Forlegan Bóithre | 1,798,000 | 1,798,000 | 1,798,000 | 767,100 |
| B0303 Cothabháil Gheimhridh Bóithre Réigiúnacha | 179,600 | 179,600 | 201,700 | 232,400 |
| B0304 Cothabháil Droichead Bóithre Réigiúnacha | 75,000 | 75,000 | 75,000 | 75,000 |
| B0305 Oibreacha Ginearálta Cothabhála Bóithre Réigiúnacha | 3,952,100 | 3,952,100 | 3,695,300 | 3,789,500 |
| B0306 Oibreacha Ginearálta Feabhsúcháin Bóithre Réigiúnacha | - | - | - | - |
| B0399 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 3,048,700 | 3,048,700 | 2,556,500 | 2,588,500 |
| **B03 Bóithre Réigiúnacha - Cothabháil agus Feabhsú** | **9,158,400** | **9,158,400** | **8,406,700** | **7,557,500** |
| B0401 Cóiriú Dromchla Bóithre Áitiúla | 165,000 | 165,000 | 165,000 | 165,000 |
| B0402 Athchóiriú Dromchla Bóithre Áitiúla/Atógáil/Forlegan Bóithre | 1,798,000 | 1,798,000 | 1,802,900 | 3,130,900 |
| B0403 Cothabháil Gheimhridh Bóithre Áitiúla | 200,900 | 200,900 | 214,700 | 216,400 |
| B0404 Cothabháil Droichead Bóithre Áitiúla | 81,800 | 81,800 | 38,500 | 61,800 |
| B0405 Oibreacha Ginearálta Cothabhála Bóithre Áitiúla | 5,015,000 | 5,015,000 | 4,314,400 | 4,868,400 |
| B0406 Oibreacha Ginearálta Feabhsúcháin Bóithre Áitiúla | - | - | - | - |
| B0499 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 1,695,500 | 1,695,500 | 1,856,000 | 1,667,000 |
| **B04 Bóithre Áitiúla - Cothabháil agus Feabhsú** | **8,956,200** | **8,956,200** | **8,391,500** | **10,109,500** |
| B0501 Costais Oibriúcháin Soilsithe Phoiblí | 4,065,400 | 4,065,400 | 3,969,200 | 4,016,900 |
| B0502 Feabhsúchán Soilsithe Phoiblí | 870,700 | 870,700 | 791,900 | 791,200 |
| B0599 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 246,500 | 246,500 | 304,000 | 308,800 |
| **B05 Soilsiú Poiblí** | **5,182,600** | **5,182,600** | **5,065,100** | **5,116,900** |

| Tábla F - Caiteachas | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Rannóg B – Iompar agus Sábháilteacht ar Bhóithre** | | | | |
| **Caiteachas de réir Seirbhíse agus Fosheirbhíse** | **2022** | | **2021** | |
| | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Measta ag an bPríomh-fheidhmeannach €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** |
| B0601 Bainistíocht Tráchta | - | - | 10,000 | - |
| B0602 Cothabháil Tráchta | 2,365,700 | 2,365,700 | 1,564,000 | 2,253,700 |
| B0603 Bearta Feabhsúcháin Tráchta | 151,000 | 151,000 | 10,000 | 500 |
| B0699 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 1,063,300 | 1,063,300 | 1,342,600 | 1,164,600 |
| **B06 Feabhsú Bainistíocht Tráchta** | **3,580,000** | **3,580,000** | **2,926,600** | **3,418,800** |
| B0701 Bearta Feabhais Ísealchostais | - | - | - | - |
| B0702 Feabhsúcháin Innealtóireachta Eile | - | - | - | - |
| B0799 Costais Tacaíochta Seirbhíse | - | - | - | - |
| **B07 Feabhsú Innealtóireachta um Shábháilteacht ar Bhóithre** | **-** | **-** | **-** | **-** |
| B0801 Maoir Scoile | 839,100 | 839,100 | 966,200 | 842,200 |
| B0802 Sábháilteacht ar Bhóithre a Phoibliú agus a Chur chun Cinn | 404,300 | 404,300 | 94,300 | 276,800 |
| B0899 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 1,145,600 | 1,145,600 | 942,600 | 2,109,700 |
| **B08 Cur Chun Cinn agus Oideachas maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre** | **2,389,000** | **2,389,000** | **2,003,100** | **3,228,700** |
| B0901 Cothabháil agus Bainistíocht Carrchlós | - | - | - | - |
| B0902 Páirceáil Sráide a Oibriú | 744,000 | 744,000 | 737,200 | 740,600 |
| B0903 Forfheidhmiú Páirceála | - | - | - | - |
| B0999 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 65,600 | 65,600 | 75,500 | 75,200 |
| **B09 Carrpháirceáil** | **809,600** | **809,600** | **812,700** | **815,800** |
| B1001 Clár Caipitil Bóithre a Riar | 1,266,400 | 1,266,400 | 1,249,900 | 1,144,100 |
| B1099 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 901,600 | 901,600 | 904,200 | 914,600 |
| **B10 Tacaíocht don Chlár Caipitil Bhóithre** | **2,168,000** | **2,168,000** | **2,154,100** | **2,058,700** |
| B1101 Seirbhísí Gníomhaireachta agus Infhorchúitithe | 130,100 | 130,100 | 100,000 | 150,100 |
| B1199 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 370,000 | 370,000 | 424,500 | 485,300 |
| **B11 Seirbhísí Gníomhaireachta agus Infhorchúitithe** | **500,100** | **500,100** | **524,500** | **635,400** |
| **Iomlán Rannóg B** | **32,743,900** | **32,743,900** | **30,284,300** | **32,941,300** |

| Tábla F - Ioncam | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Rannóg B – Iompar agus Sábháilteacht ar Bhóithre** | | | | |
| **Ioncam de réir Foinse** | **2022** | | **2021** | |
| | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Measta ag an bPríomh-fheidhmeannach €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** |
| **Deontais agus Fóirdheontais Rialtais** | | | | |
| Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht | 3,914,400 | 3,914,400 | 3,914,400 | 3,914,400 |
| Bonneagar Iompair Éireann (BIÉ) | 540,000 | 540,000 | 500,000 | 540,000 |
| Na Meáin, Turasóireacht, Ealaín, Cultúr, Spórt agus an Ghaeltacht | - | - | - | - |
| An tÚdarás Náisiúnta Iompair | 945,800 | 945,800 | 586,700 | 1,197,700 |
| Iompar | - | - | 16,000 | - |
| Pobal, Forbairt Tuaithe agus na hOileáin | - | - | - | - |
| Eile | - | - | - | - |
| **Deontais agus Fóirdheontais Rialtais Iomlána** | **5,400,200** | **5,400,200** | **5,017,100** | **5,652,100** |
| **Earraí agus Seirbhísí** | | | | |
| Fíneálacha agus Táillí Páirceála | 1,305,000 | 1,305,000 | 1,530,000 | 1,305,000 |
| Aoisliúntas | 306,200 | 306,200 | 292,800 | 292,800 |
| Seirbhísí Gníomhaireachta agus Oibreacha Infhorchúitithe | - | - | - | - |
| Ranníocaíochtaí Údaráis Áitiúil | - | - | - | - |
| Ioncam eile | 1,302,400 | 1,302,400 | 1,066,700 | 1,568,300 |
| **Earraí agus Seirbhísí Iomlána** | **2,913,600** | **2,913,600** | **2,889,500** | **3,166,100** |
| **Iomlán Rannóg B** | **8,313,800** | **8,313,800** | **7,906,600** | **8,818,200** |

# Rannóg C
# SEIRBHÍSÍ UISCE

**UISCE ÉIREANN**
Ghlac Uisce Éireann (UÉ) freagracht as seirbhísí uisce poiblí a oibriú, lena n-áirítear uisce a chóireáil agus a sholáthar agus seirbhísí dramhuisce (séarach bréan) a chur ar fáil do thithe agus do ghnólachtaí ón 1 Eanáir 2014.

Leanann Údaráis Áitiúla de sheirbhísí uisce a chur ar fáil thar ceann UÉ i gcomhréir le Comhaontú Seirbhíse 12 bhliain, prótacail chomhaontaithe agus Plean Seirbhíse Bliantúil (PSB) mionsonraithe a dhéanann gníomhaíochtaí oibríochtúla agus buiséid a nascadh trí Príomhtháscairí Feidhmíochta (KPIanna) míosúla agus ionchur/aiseolas leanúnach ón mbainistíocht.

**SOLÁTHAIRTÍ AN BHUISÉID BHLIANTÚIL**
Tá sé ina cuid dhílis den chaibidlíocht a dhéantar idir Comhairle Contae Fhine Gall agus Uisce Éireann maidir leis an bPlean Seirbhíse Bliantúil buiséad bliantúil a fhorbairt.

Faoin gComhaontú Seirbhíse le hUisce Éireann, leanfaidh an Chomhairle de chostais Phárolla agus costais Mhuirir na Bainistíochta Lárnaí (MBL) a íoc. Déanann an Chomhairle na costais sin a fhorchúiteamh ó Uisce Éireann ar bhonn míosúil.

**SEIRBHÍSÍ SOLÁTHAIR UISCE AGUS DRAMHUISCE**
Tá na seirbhísí soláthair uisce agus dramhuisce i gceantar Fhine Gall ag leanúint ar aghaidh ar bhonn "gnó mar is gnách". Tá sé de chúram fós ar an gComhairle déileáil le huisce dromchla/uisce stoirme.


**SEIRBHÍSÍ UISCE STOIRME**
Tá buiséad €568,000 á chur ar fáil le hoibriú agus cothabháil leanúnach an ghréasáin uisce stoirme a éascú. Cuimseofar sa chlár seo stáisiúin chaidéalaithe uisce stoirme, gréasáin uisce stoirme (píobáin agus dúnphoill) agus píobáin sceite agus rilleáin uisce stoirme a oibriú agus a chothabháil.

**ÁISIÚLACHT PHOIBLÍ**
Déantar soláthar €315,000 don áisiúlacht reatha phoiblí i mBaile Brigín, na Sceirí, Port Reachrann, Loch Sionnaigh, an Ros, Domhnach Bat, Mullach Íde, Port Mearnóg agus Binn Éadair a chothabháil agus a ghlanadh go leanúnach. Rinneadh soláthar breise do ghlantachán conartha a dhéanamh ar na leithris a suiteáladh le déanaí ag Ard Giolláin, Trá an Choinicéir, Binn Éadair, Baile Scadán, Ceann Bhinn Éadair agus an leithreas nua a bheartaítear ag Sord.

# C- Seirbhísí Uisce


## Caiteachas

| | | |
|---|---|---|
| C01 | Soláthar Uisce | €11,286,500 |
| C02 | Cóireáil Fuíolluisce | €6,035,200 |
| C04 | Áisiúlacht Phoiblí | €389,000 |
| C05 | Suiteálacha Grúpa agus Príobháideacha a Riar | €15,500 |
| C06 | Tacaíocht don Chlár Caipitil Uisce | €395,200 |
| C08 | Seirbhísí Uisce agus Sláintíochta Údaráis Áitiúil | €1,263,600 |
| | | €19, 385, 000 |




## Ioncam

| | |
|---|---|
| Deontais an RTRÁO | €2,352,100 |
| Uisce Éireann | €15,086,500 |
| Aoisliúntas | €404,600 |
| Ioncam Eile | €200,500 |
| | €18, 043, 700 |



| Tábla F - Caiteachas | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Rannóg C - Seirbhísí Uisce** | | | | |
| | **2022** | | **2021** | |
| **Caiteachas de réir Seirbhíse agus Fosheirbhíse** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Measta ag an bPríomh-fheidhmeannach €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** |
| C0101 Ionaid agus Gréasáin Uisce | 8,179,000 | 8,179,000 | 7,952,500 | 7,761,300 |
| C0199 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 3,107,500 | 3,107,500 | 2,823,100 | 2,860,200 |
| **C01 Soláthar Uisce** | **11,286,500** | **11,286,500** | **10,775,600** | **10,621,500** |
| C0201 Ionaid agus Gréasáin Dramhaíola | 4,126,100 | 4,126,100 | 4,237,600 | 3,924,400 |
| C0299 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 1,909,100 | 1,909,100 | 1,760,600 | 1,784,700 |
| **C02 Cóireáil Fuíolluisce** | **6,035,200** | **6,035,200** | **5,998,200** | **5,709,100** |
| C0301 Bainistíocht Fiachais Uisce agus Fuíolluisce | - | - | - | - |
| C0399 Costais Tacaíochta Seirbhíse | - | - | - | - |
| **C03 Muirir Uisce agus Fuíolluisce a Bhailiú** | **-** | **-** | **-** | **-** |
| C0401 Áisiúlacht Phoiblí a Oibriú agus a Chothabháil | 315,400 | 315,400 | 236,400 | 365,300 |
| C0499 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 73,600 | 73,600 | 71,200 | 71,900 |
| **C04 Áisiúlacht Phoiblí** | **389,000** | **389,000** | **307,600** | **437,200** |
| C0501 Deontais do Shuiteálacha Aonair | 15,000 | 15,000 | 15,000 | 15,000 |
| C0502 Deontais do Ghrúpscéimeanna Uisce | - | - | - | - |
| C0503 Deontais do Ghrúpscéimeanna Fuíolluisce | - | - | - | - |
| C0504 Fóirdheontais do Ghrúpscéimeanna Uisce | - | - | - | - |
| C0599 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 500 | 500 | 300 | 300 |
| **C05 Suiteálacha Grúpa agus Príobháideacha a Riar** | **15,500** | **15,500** | **15,300** | **15,300** |
| C0601 Dearadh agus Maoirseacht Theicniúil | 199,900 | 199,900 | 494,900 | 144,200 |
| C0699 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 195,300 | 195,300 | 224,100 | 224,000 |
| **C06 Tacaíocht don Chlár Caipitil Uisce** | **395,200** | **395,200** | **719,000** | **368,200** |
| C0701 Seirbhís Gníomhaireachta agus Infhorchúitithe | - | - | - | - |
| C0799 Costais Tacaíochta Seirbhíse | - | - | - | - |
| **C07 Seirbhísí Gníomhaireachta agus Infhorchúitithe** | **-** | **-** | **-** | **-** |
| C0801 Seirbhísí Uisce Údaráis Áitiúil | 39,900 | 39,900 | 39,800 | 22,700 |
| C0802 Seirbhísí Sláintíochta Údaráis Áitiúil | 887,500 | 887,500 | 810,600 | 907,000 |
| C0899 Costais Tacaíochta Seirbhíse Údaráis Áitiúil | 336,200 | 336,200 | 257,600 | 263,200 |
| **C08 Seirbhísí Uisce agus Sláintíochta Údaráis Áitiúil** | **1,263,600** | **1,263,600** | **1,108,000** | **1,192,900** |
| **Iomlán Rannóg C** | **19,385,000** | **19,385,000** | **18,923,700** | **18,344,200** |

| Tábla F - Ioncam | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Rannóg C - Seirbhísí Uisce** | | | | |
| **Ioncam de réir Foinse** | **2022** | | **2021** | |
| | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Measta ag an bPríomh-fheidhmeannach €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** |
| **Deontais agus Fóirdheontais Rialtais** | | | | |
| Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht | 2,352,100 | 2,352,100 | 2,315,400 | 2,368,000 |
| Eile | - | - | - | - |
| **Deontais agus Fóirdheontais Rialtais Iomlána** | **2,352,100** | **2,352,100** | **2,315,400** | **2,368,000** |
| **Earraí agus Seirbhísí** | | | | |
| Uisce Éireann | 15,086,500 | 15,086,500 | 14,841,100 | 14,084,500 |
| Aoisliúntas | 404,600 | 404,600 | 367,400 | 367,400 |
| Seirbhísí Gníomhaireachta agus Oibreacha Infhorchúitithe | - | - | - | - |
| Ranníocaíochtaí Údaráis Áitiúil | - | - | - | - |
| Ioncam eile | 200,500 | 200,500 | 153,700 | 192,200 |
| **Earraí agus Seirbhísí Iomlána** | **15,691,600** | **15,691,600** | **15,362,200** | **14,644,100** |
| **Iomlán Rannóg C** | **18,043,700** | **18,043,700** | **17,677,600** | **17,012,100** |

# Rannóg D –
# BAINISTÍOCHT FORBARTHA

**PLEANÁIL STRAITÉISEACH**

Le linn na paindéime Covid-19, bhí leibhéal ard iarratais pleanála fós á chur isteach agus, meastar go mbeidh breis agus 1,500 iarratas curtha isteach, bunaithe ar threochtaí reatha, faoi dheireadh na bliana. Go dtí seo in 2021, cuireadh isteach 8 n-iarratas Forbartha Straitéisí Tithíochta (FST) chuig an mBord Pleanála (le haghaidh 4,592 aonad). Thug an Bord cead do 3 FST (1,748 aonad). Dhiúltaigh an Bord cead a thabhairt do 3 FST 's (732 aonad) i Márta, Meitheamh agus Iúil. Tá 3 FST (2,687 aonad) sa phróiseas iarratais foirmiúil faoi láthair.

Tá obair ar siúl agus ag dul ar aghaidh ar fud na tíre maidir leis an tairseach pleanála ar líne náisiúnta a thabhairt isteach. Seoladh saoráid cuardaigh pleanála ar líne nua de chuid Fhine Gall i nDeireadh Fómhair 2020 agus mar sin beidh modh nua oibre ag an Rannóg Pleanála agus Bonneagair Straitéisigh agus beidh soláthar seirbhíse níos fearr ann dá bharr.

Glacadh le Scéim do Ranníocaíocht Forbartha na Comhairle 2021-2025 an 14 Nollaig 2020, tar éis tréimhse chomhairliúcháin phoiblí 6 seachtaine inar lorgaíodh aighneachtaí/breathnóireacht. Scéim ar fud an Chontae é. Déantar na tobhaigh go léir a gearradh agus a bailíodh a chur i gcuntas agus a chaitheamh ar bhonn uile-Chontae ar bhonneagar agus saoráidí poiblí a théann chun tairbhe na forbartha i gceantar iomlán an Chontae. Tháinig an Scéim i bhfeidhm an 1 Eanáir 2021 agus níor athrófar rátaí go dtí an 1 Eanáir 2022.

**PLEAN FORBARTHA FHINE GALL 2017-2023**

Glacadh le Plean Forbartha Fhine Gall 2017-2023 an 16 Feabhra 2017. Leagtar amach sa Phlean Forbartha na beartais agus cuspóirí a mholann an Chomhairle i dtaca le forbairt an Chontae thar thréimhse an Phlean. Is é aidhm an Phlean Forbartha sócmhainní an Chontae a fhorbairt agus a fheabhsú ar bhonn inbhuanaithe, sócmhainní sóisialta, eacnamaíocha, comhshaoil agus cultúrtha ina measc.

Cuireadh tús leis an bpróiseas do Phlean Forbartha nua i Márta 2021. Leanfaidh an próiseas seo ar aghaidh go dtí Márta 2023 agus déanfar breithniú ann ar shaincheisteanna ilghnéitheacha. Teastaíonn roinnt saintuairiscí seachtracha le cur leis an bpróiseas seo agus tá iad seo ar bun freisin.

**PLEANÁIL CHUN CINN**

Sainaithníodh líon suntasach Pleananna Ceantair Áitiúil, Máistirphleananna, Creatphleananna Uirbeacha, Staidéar agus Tionscadal eile i bPlean Forbartha Chontae Fhine Gall 2017-2023. Tá idir thionscadail mhóra, cosúil le Pleananna Ceantair Áitiúil straitéiseacha, agus phleananna agus staidéir níos logánta ann. Tá saincheisteanna casta le cur san áireamh maidir le go leor de na tionscadail, agus beidh gá ann measúnuithe aonair comhshaoil a dhéanamh, lena n-áirítear Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta, Measúnacht Chuí agus Measúnú Straitéiseach Riosca i gCás Tuilte. Rinneadh na tionscadail a chur in ord tosaíochta ar aon dul leis na tosaíochtaí straitéiseacha seo a leanas don Chomhairle:

- An soláthar tithíochta sa Chontae a mhéadú;
- Tacú le geilleagar Fhine Gall a fhás, poist a chruthú agus tacaíocht a thabhairt do ghnó;
- Tairiscint agus margaíocht turasóireachta sa Chontae a neartú.

Ceapadh sainchomhairleoirí go déanach in 2020 maidir le Tionscadal Shord Inbhuanaithe agus leanadh leis an obair le linn 2021 ar thionscadail eile, lena n-áirítear: Creatphlean Uirbeach Dhomhnach Bat, PCÁ Halla an Leasáin Thoir agus staidéar indéantachta do na tailte straitéiseacha ag Dún Sinche.

Leanann an tAonad Pleanála Straitéisí de bheith ag cuidiú le tionscadail sheachtracha eile, lena n-áirítear MetroLink, an síneadh DART+, LUAS Fhionnghlaise agus BusConnects. Tá obair ar siúl freisin maidir le tithe a thabhairt ar ais don Rannán agus maidir leis an Tobhach Láithreán Folamh.

Beidh athbhreithniú leanúnach á dhéanamh ar an gclár de réir mar a athraíonn tosaíochtaí. Tá buiséad ar fáil chun saineolas seachtrach a fhostú de réir mar is gá.

## AN CISTE BONNEAGAIR ÁITIÚIL UM SHEACHADADH TITHÍOCHTA A GHNÍOMHACHTÚ (AN CBÁSTG) AGUS TÓGÁIL

Faoin bPlean Gníomhaíochta maidir le Tithíocht agus Easpa Dídine, Atógáil Éireann, bunaíodh Ciste Bonneagair Áitiúil um Sheachadadh Tithíochta a Ghníomhachtú (an CBÁSTG) ar fiú €200m é chun infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar ar leor é lena chumasú láithreáin tithíochta atá suite go hoiriúnach agus ar an scála oiriúnach a ghníomhachtú go luath. I nDeireadh Fómhair 2017, cheadaigh an tAire maoiniú an CBÁSTG arbh fhiú €26.58m é don trí thionscadal de chuid an CBÁSTG i bhFine Gall: Bóthar Dáileacháin Dhomhnach Bad, Seanbhaile/Baile na Móna agus Baile Dúill/Steach Póilín. Soláthróidh Tionscadail an CBÁSTG bonneagar, lena n-áirítear bóthar dáileacháin; cosán, raon rothar, acomhal agus uasghráduithe bóthair; bainistíocht fheabhsaithe tuile agus uisce dromchla; bogaigh agus páirceanna ar a mbeifear ábalta forbairt tithíochta nua a sholáthar.

Tá talamh ar fáil i mBaile Mastún, atá lonnaithe i nDomhnach Bat, le haghaidh forbairt cónaithe Tá Bóthar Dáileacháin Dhomhnach Bat arna chistiú ag an CBÁSTG críochnaithe anois agus cuirfidh sé seirbhísí ar fáil ar an talamh sin. Tá forbairt tithíochta le tionachtaí measctha beartaithe don cheantar seo agus beidh thart ar 1,200 aonad ann. Leanfar ar aghaidh le hoibreacha ar an Mol Áineasa ag Baile Mastún chomh maith. Is cuid lárnach den fhorbairt é an mol seo agus cuirfidh sé 3 scoil ar fáil chomh maith le háiseanna spóirt agus áineasa.

Cuireadh scéim Uasghrádaithe Bhóthar Ráth Béil i gcrích le déanaí freisin. Is é atá i gceist leis sin bóthar 1km ar fad a uasghrádú, cosáin agus raonta rothar agus lintéir bhainistithe tuile a nascann lár an bhaile i Sord agus na ceantair chónaithe sheanbhunaithe i Sord thiar leis na ceantair chónaithe shuntasacha nua atá á bhforbairt anois i limistéar PCÁ an tSeanbhaile/Bhaile na Móna. Bhain siúlóirí agus rothaithe go leor úsáide as an dá scéim seo, a cuireadh i gcrích le déanaí, le linn shrianta Covid-19.

Mar chuid d'iarratas Bhaile Dúill/Steach Póilín, tá obair ar siúl ar an láthair mar chuid de chonradh na bpríomhoibreacha do scéim uasghrádaithe Bhóthar Pholl an Bhalla agus nuair atá bheidh críochnaithe, tiocfaidh méadú suntasach ar áisiúlacht do shiúlóirí agus rothaithe agus tiocfaidh feabhas ar shábháilteacht bóthair do gach úsáideoir.

## PLEAN OIDHREACHTA

Leanfaidh an Oifig Oidhreachta ag tabhairt faoi thionscadail cheannródaíocha, cosúil le *Measúnú ar Oifig Oidhreachta agus ar Athrú Aeráide Fhine Gall 2021*, arbh é an chéad cheann dá shamhail faoinar tugadh in Éirinn agus leis na torthaí a chuimsiú isteach sa chosaint agus sa bhainistiú a dhéanfar amach anseo ar shócmhainní oidhreachta Fhine Gall. Leanfaidh an Oifig Oidhreachta de rannpháirtíocht an phobail a chur chun cinn freisin trí thionscadail cosúil le *Oidhreacht X Aeráid Fhine Gall 2021* agus le foilseacháin atá faoi stiúir an phobail, cosúil le *Roghbhlúirí den Am atá Caite i bhFine Gall* (Snapshots of Fingal's Past) (2021) agus

treoir do phobail cosúil le *Treoirlínte maidir le Comharthaíocht Oidhreachta agus Raon Oidhreachta Fhine Gall* (2021).

Riar an Oifig Oidhreachta ocht dtionscadal trí Chiste na Séadchomharthaí Pobail 2021, oibreacha cosanta a sholáthar san áireamh don láthair adhlactha i bPáirc Ghleann Abhainn an Bharda trí chistiú ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus soláthróidh sé trí thionscadal, atá páirtchistithe ag an gComhairle Oidhreachta.

Áirítear leo seo *Tionscadal GIS Bhaile Átha Cliath*, ar tionscadal traschomhairle é a chuireann eolas ar fáil do chinntí pleanála maidir le hoidhreacht seandálaíochta. Tá mar aidhm ag an obair seo a chinntiú go ndéanaimid oidhreacht shaibhir seandálaíochta, nádúrtha agus chultúrtha Fhine Gall a chosaint, a bhainistiú agus a chur chun cinn.

Leanfaidh an Oifig Oidhreachta in 2022 den Phlean Oidhreachta reatha (2018-2023) a chur i bhfeidhm agus é ag tabhairt faoin bpróiseas lena mbaineann Plean Oidhreachta nua a chruthú d'Fhine Gall agus glacfaidh sé páirt ghníomhach i gClár Éire Ildánach Fhine Gall. Ina theannta sin, leanfaidh an Oifig Oidhreachta freisin ag tacú le Seachtain na hOidhreachta agus le grúpaí oidhreachta áitiúla trí Líonra Oidhreachta Fhine Gall.

**FORBAIRT GHEILLEAGRACH**

Tacaíonn an Rannóg Forbartha Geilleagraí, Fiontraíochta, Turasóireachta agus Cultúrtha (an RFGFTC) le forbairt chomhordaithe gheilleagrach Fhine Gall ach tionscadail a chuireann le forbairt leanúnach gheilleagrach Fhine Gall trí thionscadail a phleanáil, a thosú agus a bhainistiú a chuireann go mór le forbairt gheilleagrach an Chontae agus a chabhraíonn le téarnamh geilleagrach an Chontae i dtimpeallacht tar éis Covid. Chistigh an Rannóg bearta éagsúla spreagtha geilleagracha in 2021 ar nós na Scéime um Fheabhsú Aghaidheanna Siopaí, Páircíní agus bearta eile spreagtha faoin Tionscnamh 'Táimid go léir sa Bhád Céanna' de chuid Fhine Gall. Cuireadh cistiú ar fáil chun leanúint le tacaíochtaí geilleagracha a sholáthar in 2022 de réir mar a leanann an téarnamh geilleagrach ar aghaidh i ndiaidh Covid. Sheol an Roinn Grúpa um Chur i bhFeidhm Straitéis Scileanna Fhine Gall in 2021 agus leanfaidh sé le comhoibriú a chur chun cinn idir na hearnálacha oideachais agus tionsclaíocha chun dul i ngleic le bearnaí scileanna sa chontae in 2022 agus cur le hobair an ghrúpa isteach in earnálacha nua.

Tá baint ag an RFGFTC i bPáirceanna Tionsclaíochta na Comhairle agus i bhFine Gall, mar láthair a thacaíonn leis an ngnó, a mhargú agus a chur chun cinn. Cuireann an Rannóg tionscnamh chun cinn freisin a chothaíonn cultúr fiontraíochta agus timpeallacht ghnó inbhuanaithe láidir sa Chontae. Seoladh an Tionscnamh Fine Gall Inbhuanaithe in 2021 agus leanfaidh an Roinn le bearta gnó inbhuanaithe, gnó glas agus an geilleagar ciorclach a chur chun cinn in 2022.

Cuireann an RFGFTC tacaíocht agus anailís beartais ar fáil ar fud na Comhairle i gcásanna gnó a fhorbairt, anailís a dhéanamh ar thionchar geilleagrach agus tagarmharcáil. Cuireann an obair seo eolas ar fáil do chinnteoireacht Chomhairle Contae Fhine Gall i measc réimse limistéir bheartais, cianoibriú, Tús Áite do Lár an Bhaile agus forbairt an gheilleagair thuaithe san áireamh.

**INFHEISTÍOCHT A MHEALLADH**

D'fhorbair Saincheantar Fiontraíochta (SCF) Bhaile Átha Cliath, a chuimsíonn Baile Dama, Baile Cúlann agus Cherryhound, ar scála náisiúnta le 20 bliain anuas a bhuíochas le hinfheistíocht shuntasach phoiblí agus phríobháideach. Cuimsítear ann 20 Páirc Ghnó ina bhfuil thart ar 1,100 áitreabh gnó. Tacaítear le níos mó ná 19,500 post ina bhfuil meascán de chuideachtaí dúchasacha agus d'infheistíocht dhíreach sheachtrach.

Leanfaidh an Chomhairle in 2022 le hinfheistiú i dtionscnaimh chun barr feabhais a chur ar an mbonneagar sa cheantar agus an ceantar a bhainistiú go héifeachtach. Leanfaidh an Chomhairle leis an SCF a chur chun cinn agus an crios a mhargú mar phríomhláthair d'infheistíocht gnó.

Tá Tionscadal Chonair Gheilleagrach Bhaile Átha Cliath-Bhéal Feirste (CGBÁCBF) á comhordú ag an gComhairle, ar tionscadal comhoibritheach é le seacht n-údarás áitiúil eile feadh Chonair Gheilleagrach Bhaile Átha Cliath-Bhéal Feirste. Tá mar aidhm ag CGBÁCBF cruthú post agus forbairt gheilleagrach a chur chun cinn feadh na conaire agus rinneadh soláthar chun leanúint leis an gConair a chur chun cinn agus a mhargú d'infheistíocht gnó in 2022.

Leanfaidh an Chomhairle ag tabhairt faoi thionscnaimh le hinfheistíocht a mhealladh i measc na láithreacha go léir sa Chontae, i mBaile Stiofáin agus i mórcheantar Bhaile Brigín san áireamh mar chuid de Phlean Athnuachana Ár mBaile Brigín agus a bhainfidh tairbhe as infheistíocht shubstainteach faoi Chlár Caipitil na Comhairle agus as cistiú ón gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach (an CAFU).

**AN COISTE FORBARTHA POBAIL ÁITIÚIL**

Tugadh ról níos lárnaí do Chomhairlí maidir le forbairt pobail áitiúil agus eacnamaíochta ag an Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014, bunú Coistí Forbartha Pobail Áitiúil san áireamh. Tá an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ) i bhFine Gall freagrach as tionscnaimh forbartha pobail a chomhordú, a phleanáil agus a mhaoirsiú, lena n-áirítear an Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (PÁEP) de chuid Fhine Gall a chur i bhfeidhm. Is é an Coiste an t-údarás conarthach le haghaidh an Chláir um Ionchuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (SICAP), ar fiú €1.2 milliún gach bliain é. Tá ról feidhmithe agus maoirseachta ag CFPÁ Fhine Gall maidir le Clár LEADER Tuaithe Bhaile Átha Cliath (ar fiú €6.3 milliún é sa tréimhse 2015-2020) agus €1.8 milliún i rith na hIdirthréimhse 2021-2022, sula gcuirfear tús leis an gcéad chlár eile iomlán in 2023, trí Ghrúpa Áitiúil Gníomhaíochta Bhaile Átha Cliath Tuaithe (an GÁG). Cuireadh tús le hobair ullmhúcháin ar Chlár nua LEADER a dhearadh don bhliain 2023 ar aghaidh.

Chomh maith leis sin, riarann an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil an Clár Feabhsúcháin Pobail agus an Scéim Deontais Fiontraíochta Sóisialta thar ceann na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail agus gníomhartha gClár Éire Shláintiúil i bhFine Gall.

**AN SCÉIM ATHNUACHANA BAILTE AGUS SRÁIDBHAILTE**

Riarann an RFGFTC na Scéimeanna Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte agus an Scéim Feabhsúcháin Sráid-Dreacha i bhFine Gall thar ceann na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail.

**AN PLEAN ÁITIÚIL EACNAMAÍOCHTA AGUS POBAIL**

Ghlac an Chomhairle leis an PÁEP atá ag dul in éag i mí na Nollag 2015 agus áirítear leis gníomhartha a sholáthair Comhairle Contae Fhine Gall go díreach agus gníomhartha faoi stiúir nó a soláthraíodh i gcomhar le páirtithe leasmhara forbartha áitiúla eile. Bhí athbhreithniú leanúnach á dhéanamh ar chur i bhfeidhm an phlean agus rinneadh monatóireacht ar dhul chun cinn leanúnach. Cuirfear tús leis an bpróiseas chun PÁEP nua Fhine Gall a cheapadh in go déanach in 2021.

**OIFIG FIONTAIR ÁITIÚIL**

Tá Oifig Fiontair Áitiúil (OFÁ) Fhine Gall ar cheann de na 31 OFÁ ar fud na tíre. Is é OFÁ Fhine Gall 'an tIonad Ilfhreastail' maidir le tacaíochtaí fiontraíochta sa Chontae. Feidhmíonn an OFÁ

faoi chomhaontú seirbhíse atá i bhfeidhm idir Comhairle Contae Fhine Gall agus Fiontraíocht Éireann. Sheol Damien English, TD, an tAire Stáit Gnó, Fostaíochta agus Miondíola é agus leagtar amach i bPlean Forbartha Fiontraíochta Áitiúla OFÁ Fhine Gall 2021-2024 cuspóirí straitéiseacha an OFÁ agus léarscáil de na gníomhaíochtaí beartaithe don tréimhse ceithre bliana seo, agus tá comhaontú déanta ar shraith spriocanna agus PTFanna le Fiontraíocht Éireann.

D'imir dhá fhórsa mhóra sheachtracha tionchar ar ghnólachtaí Fhine Gall i rith 2021:

- Lean Covid-19 le dúshláin mhóra a chur i láthair gnólachtaí i rith 2021.
- Chuir Brexit brú ar go leor gnólachtaí chun dul i mbun gnímh le hiarmhairtí diúltacha a mhaolú i leith a slabhra soláthair agus a gcainéal dáilte.

Chun cabhrú le gnólachtaí a gcosa a thabhairt leo agus na dúshláin dheacra seo rompu, dhírigh OFÁ Fhine Gall ar riachtanais luaineacha ghnólachtaí beaga a shainaithint agus d'fhorbair agus sholáthair sé seirbhísí dá réir. Leanadh le seirbhísí oiliúna agus tacaíochta a sholáthar beagnach go heisiach ar líne.

I rith 2021, de réir mar a athosclaíodh an geilleagar de réir a chéile, d'fhreagair an OFÁ trí thacaíochtaí a sholáthar a chuir ar chumas gnólachtaí teacht i dtír ar na deiseanna nua a bhí ag teacht chun cinn. Sa tríú Ráithe in 2021, thosaigh gnólachtaí nuathionscanta nua ag teacht chun solais tar éis meath fadtréimhseach agus dhírigh OFÁ Fhine Gall arís eile a acmhainní ar a chur ar a gcumas an rath a bhaint amach.

Chomh maith le buiséad riaracháin a sholáthraíonn Fiontraíocht Éireann, déanann Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa an croíchistiú do OFÁ Fhine Gall a chómhaoiniú, agus déantar é a chatagóiriú ina dhá bheart mar a dtugtar cuntas orthu thíos.

***Gníomhaíochtaí Bheart a hAon (Idirghabháil Roghnaitheach Airgeadais)***

Cuireann OFÁ Fhine Gall raon tacaíochtaí airgeadais ar fáil do ghnóthaí beaga incháilithe atá lonnaithe sa Chontae. Is é príomhaidhm na dtacaíochtaí seo fás a spreagadh agus poist a chruthú i ngnóthaí nuathionscanta incháilithe agus gnóthaí beaga seanbhunaithe ar féidir leo a léiriú go bhfuil an cumas acu fás go hidirnáisiúnta.

Áirítear leis na cineálacha cistithe atá ar fáil Staidéar Indéantachta/Cúnamh Deontais Nuálaíochta (€15,000 ar a mhéad), Cistiú Prímeála Gnó (do ghnóthaí nuathionscanta, de ghnáth a mhéid le €80,000) agus Cúnamh Deontais Fairsingithe Gnó (do ghnólachtaí seanbhunaithe, de ghnáth a mhéid le €80,000). Anuas air sin, tugtar deontas beag "Easpórtála", ar fiú €2,500 ar a mhéad é, do ghnólachtaí atá ag iarraidh leathnú thar lear ("Tacaíocht Theicniúil do Mhicrea-easpórtálaithe").

Cé nach raibh go leor srianta leanúnacha gnó i bhfeidhm sa chéad leath in 2021 mar gheall ar COVID-19, athosclaíodh an geilleagar de réir a chéile i rith na tríú ráithe. Lorg OFÁ Fhine Gall gnólachtaí reatha a d'fhéadfadh tabhairt faoi bhorradh, chomh maith le gnólachtaí nuathionscanta a d'fhéadfadh bheith inmharthana, chun cistiú a sholáthar chun cabhrú lena n-inmharthanacht.

***Gníomhaíochtaí Bheart 2 (Tacaíochtaí Boga)***

Cuireann OFÁ Fhine Gall tacaíochtaí boga ar fáil agus áirítear leo Oiliúint Forbartha Bainistíochta, tionscnaimh Táirgiúlachta lena n-áirítear LEAN, Green for Micro, Seirbhísí Comhairleacha Gnó agus Meantóireacht, Seirbhís "Ionad Ilfhreastail", Líonrú Gnó, tionscnaimh Earnála (m. sh. tacaíochtaí don earnáil bhia), tionscnaimh trádála idirnáisiúnta agus tionscnaimh cur chun cinn na fiontraíochta (lena n-áirítear an clár "Shop Fingal" a

sholáthraítear chun aimsiú agus infheictheacht na soláthraithe áitiúla a uasmhéadú). Anuas air sin, eagraíonn OFÁ Clár Fiontraíochta na Mac Léinn, ar tionscnamh foghlama fiontraíochta in Éirinn é ina mbaineann os cionn 26,000 mac léinn páirt gach bliain, 2,000 as Fine Gall ina measc. Seoladh clár 2020/21 i Meán Fómhair agus tá sé á sholáthar i bpearsan agus ar líne do scoileanna ar fud an Chontae.

Rinneadh na tacaíochtaí boga ar fad a oiriúnú lena chinntiú go sásaíonn siad riachtanais athraithe na ngnólachtaí. Lean líonta móra gnólachtaí le cúnamh a lorg mar gheall ar an bpaindéim agus Brexit, agus soláthraíodh na seirbhísí seo ar fad ar líne.

D'fhonn tionchar an Bhreatimeachta ar ghnó a mhaolú, tugadh sraith tionscnamh spriocdhírithe isteach go forleathan chun cabhrú le gnólachtaí ullmhúchán a dhéanamh, lena n-áirítear oiliúint maidir le Custaim, eolas maidir leis an mBreatimeacht, comhairle agus meantóireacht shaincheaptha maidir leis an mBreatimeacht.

***An Gnó a Aistriú ar Líne***

Tá sé mar aidhm ag scéim "na nDearbhán um Thrádáil ar Líne" cur ar chumas gnólachtaí beaga a straitéisí Ríomhthráchtála a fhorbairt ach maoiniú agus saineolas a chur ar fáil do ghnólachtaí atá dírithe ar chabhrú leo a ngnó a aistriú ar líne. I ndiaidh gur tháinig méadú as cuimse (méadú dhá uair déag) ar an scéim seo in 2020 (de dheasca COVID-19), i rith 2021, d'fhill an t-éileamh ar an gclár seo ar leibhéil "níos gnáiche", cé gurbh ionann iad agus leibhéal i bhfad níos airde ná na leibhéil faofa roimh COVID-19. Ar cheann den bheagán toradh dearfach a d'eascair as COVID-19 i measc gnólachtaí, bhí luathú FBManna i dtaobh glacadh le teicneolaíocht agus a ngnólachtaí a a nuachóiriú trí ardáin dhigiteacha, a d'éascaigh an OFÁ.

**IONAID FIONTAR**

D'fhorbair Comhairle Contae Fhine Gall, agus leanann sí ar aghaidh de thacaíocht a thabhairt do, trí ionad fiontar le haghaidh gnóthaí nuathionscanta:

- Tá 30 aonad in Ionad Fiontar BASE, Mullach Eadrad, a bunaíodh i 1996
- Tá 20 aonad in Ionad Fiontar BEAT i mBaile Brigín, ar cuireadh ar bun sa bhliain 1999 é
- Tá 35 aonad in Ionad Fiontar Dhraighneáin, Sord, ar cuireadh ar bun é sa bhliain 2010

Bhí rátaí áitíochta ag na trí ionad fiontar de chuid na Comhairle fós ard; b'ionann na meánrátaí áitíochta agus 90% i nDraighneán, 92% ag BASE agus 88% ag BEAT. Faoi láthair, tacaíonn na trí Ionad Fiontar le 70 gnólacht agus 320 post. Ar an iomlán, tá na trí ionad fiontar beagnach lán, rud a léiríonn geilleagar áitiúil a bhfuil borradh faoi agus an t-éileamh leanúnach ar spás fiontraíochta, goir do ghnólachtaí nuathionscanta agus ar spás solúbtha cianoibre, a léiríodh le déanaí, sa chontae.

**ATHGHINIÚINT SHOCHEACNAMAÍOCH BHAILE BRIGÍN**

Tá obair á cur chun cinn ar na gealltanais a dtugtar cuntas orthu i bPlean Athnuachana Ár mBaile Brigín. Chuir an Chomhairle leis na gealltanais siúd in 2021 nuair a cuireadh Colún nua leo le díriú ar shábháilteacht phobail agus, in 2022, leanfaidh an Chomhairle le ceannaireacht a sholáthar ar na gníomhartha agus na cuspóirí a dtugtar cuntas orthu sa Phlean Athnuachana agus le hobair na gcúig Ghrúpa Colúin a chur chun cinn. Déantar soláthar i mbuiséad 2022 do ghníomhartha an Phlean a chur i bhfeidhm, agus soláthar ar leith á dhéanamh chun tacú le gníomhartha comhfhorbartha áite, Baile Brigín agus imeachtaí sa bhaile a chur chun cinn, Baile Brigín Cliste agus cumarsáid a dhéanamh ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ag tionscadail sa ríocht phoiblí agus ag cuspóirí eile.

**TURASÓIREACHT A CHUR CHUN CINN**

B'uafásach an tionchar a d'imir paindéim an choróinvíris ar thurasóireacht Éireannach agus dhomhanda. Oibreoimid le Fáilte Éireann chun tacú le téarnamh na hearnála turasóireachta i bhFine Gall agus gníomhartha ábhartha an Phlean Téarnaimh Turasóireachta 2020-2023 a chur i bhfeidhm.

Leanfar ar aghaidh le cuspóirí ón Ráiteas Straitéise agus Clár Oibre Turasóireachta 2017-2022 a chur chun cinn in 2022. Díríonn an clár seo ar phríomhchumasóirí turasóireachta: nascacht, scileanna agus príomheispéiris; taitneamhachtaí, turasóireacht ghnó, margaíocht, imeachtaí, turasóireacht bhia agus tionscnaimh chomhoibríocha le grúpaí áitiúla forbartha turasóireachta.

Tá na ceithre Údarás Áitiúla i mBaile Átha Cliath, Fáilte Éireann agus earnáil an ghnó turasóireachta ag tacú le Tionscnamh Bhranda Réigiúnach Bhaile Átha Cliath, "Dublin: Surprising by Nature". Tá €83,000 curtha ar fáil i mbuiséad 2022 don fheachtas seo. Leanann Comhairle Contae Fhine Gall freisin de thacaíocht a thabhairt do Fingal Tourism Ltd lena chinntiú go mbíonn cur chuige comhtháite ann maidir le forbairt turasóireachta a sholáthar sa Chontae.

**CUIBHRINN**

Soláthraíodh suim €62,000 chun thart ar 900 láithreán cuibhrinn a sholáthar agus a chothabháil i mBaile Bhlainséir, Domhnach Bat, na Sceirí agus Baile Brigín. Tá carrchlós, soláthar uisce, draenáil agus ithir mhaith inár gcuibhrinn go léir.

**LÍONRA RANNPHÁIRTÍOCHTA POBAIL FHINE GALL**

Sa bhliain 2021, leanamar de thacaíocht a thabhairt d'fhorbairt Líonra Rannpháirtíochta Pobail Fhine Gall (LRPFG). TÁ 549 grúpa/eagraíocht phobail i mballraíocht LRPFG anois. Bhain na comhaltaí leas as an bhforbairt cumais atá ag 5 Ghrúpa Ceangail, a d'ainmnigh thart ar 40 Ionadaí ar fud na Rúnaíochta, na gCoistí Beartais Straitéisigh agus an Chomhchoiste Póilíneachta agus ghlac siad páirt freisin i Seachtain Ionchuimsithe Fhine Gall a chur chun cinn don tríú bliain as a chéile. Thug LRP Fhine Gall faoi athbhreithniú ar a gcleachtais go mbeidís ar aon dul le Lámhleabhar LRP na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail agus shín siad a bPlean Straitéiseach go dtí deireadh 2022. Tá €46,000 curtha ar fáil i mbuiséad 2022. Leanann an LRP de thacaíocht a thabhairt do phobail agus grúpaí ceangail maidir le déileáil le tionchar Covid-19 agus leanfaidh siad de sin a dhéanamh in 2022, oiliúint ar líne, árachas chun gníomhaíochtaí a bhaineann le Covid a chumhdach agus agus tacaíocht TF san áireamh.


**COMHAIRLE NA NÓG**

Is í Comhairle na nÓg an struchtúr trína bhfuil páirt ag leanaí agus daoine óga i gcur i bhfeidhm den chlár Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile agus den Chreatbheartas Náisiúnta do Leanaí agus Daoine Óga (2014-2020). Is comhairle do dhaoine óga atá ann a dhéanann ionadaíocht do dhaoine 12-17 mbliana d'aois, agus tugann sé glór dóibh ar leibhéal pobail. Is é téama na bliana do Chomhairle na nÓg Fhine Gall sa bhliain 2021/2022 an Mheabhairshláinte agus Athléimneacht Covid. Tá €30,000 curtha ar fáil i mbuiséad 2022 chun tacú leis an obair seo. Bhí Fine Gall ar an gcéad Chomhairle in Éirinn a sholáthar timpeallacht fhíorúil in 2020.

# D - Bainistíocht Forbartha


## Caiteachas

| | | |
|---|---|---|
| D01 | Pleanáil Chun Cinn | €2,675,700 |
| D02 | Bainistíocht Forbartha | €8,224,300 |
| D03 | Forfheidhmiú | €746,800 |
| D04 | Saoráidí Tionsclaíochta agus Tráchtála | €748,600 |
| D05 | Forbairt agus Cur chun Cinn na Turasóireachta | €1,227,700 |
| D06 | Feidhm Phobail agus Fiontraíochta | €1,710,800 |
| D08 | Rialú Tógála | €1,895,500 |
| D09 | Forbairt agus Cur chun Cinn Geilleagrach | €5,664,500 |
| D10 | Bainistíocht Réadmhaoine | €1,469,600 |
| D11 | Seirbhísí Oidhreachta agus Caomhnaithe | €539,300 |
| | | **€24, 902, 800** |




## Ioncam

| | |
|---|---|
| Fiontraíocht, Trádáil agus Fostaíocht | €1,973,000 |
| Deontais agus Fóirdheontais Eile | €429,200 |
| Táillí Pleanála | €1,490,300 |
| Ioncam Eile (Ranníocaíochtaí Údaráis Áitiúil san áireamh) | €1,339,300 |
| Aoisliúntas | €322,400 |
| | **€5, 554, 200** |



| Tábla F - Caiteachas | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Rannóg D – Bainistíocht Forbartha** | | | | |
| **Caiteachas de réir Seirbhíse agus Fosheirbhíse** | **2022** | | **2021** | |
| | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Measta ag an bPríomh-fheidhmeannach €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** |
| D0101 Pleananna agus Beartas Reachtúil | 1,418,700 | 1,418,700 | 1,343,800 | 1,355,400 |
| D0199 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 1,257,000 | 1,257,000 | 1,322,600 | 1,333,900 |
| **D01 Pleanáil Chun Cinn** | **2,675,700** | **2,675,700** | **2,666,400** | **2,689,300** |
| D0201 Rialú Pleanála | 4,607,100 | 4,607,100 | 4,581,300 | 3,964,300 |
| D0299 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 3,617,200 | 3,617,200 | 3,621,700 | 3,657,700 |
| **D02 Bainistíocht Forbartha** | **8,224,300** | **8,224,300** | **8,203,000** | **7,622,000** |
| D0301 Costais Forfheidhmithe | 468,700 | 468,700 | 418,100 | 442,600 |
| D0399 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 278,100 | 278,100 | 258,300 | 263,300 |
| **D03 Forfheidhmiú** | **746,800** | **746,800** | **676,400** | **705,900** |
| D0401 Oibríochtaí Láithreán Tionsclaíoch | 393,000 | 393,000 | 240,200 | 302,500 |
| D0403 Bainistiú Ranníocaíochtaí do Shaoráidí Tráchtála Eile | 101,700 | 101,700 | 107,600 | 94,700 |
| D0404 Obair Ghinearálta um Chur chun Cinn Forbartha | - | - | - | - |
| D0499 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 253,900 | 253,900 | 272,700 | 277,900 |
| **D04 Saoráidí Tionsclaíochta agus Tráchtála** | **748,600** | **748,600** | **620,500** | **675,100** |
| D0501 Cur chun Cinn na Turasóireachta | 1,168,800 | 1,168,800 | 419,300 | 440,400 |
| D0502 Oibríochtaí Saoráidí Turasóirí | 22,400 | 22,400 | 23,500 | 18,100 |
| D0599 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 36,500 | 36,500 | 61,700 | 61,600 |
| **D05 Forbairt agus Cur chun Cinn na Turasóireachta** | **1,227,700** | **1,227,700** | **504,500** | **520,100** |
| D0601 Costais Ghinearálta Phobail agus Fiontraíochta | 664,600 | 664,600 | 780,700 | 682,900 |
| D0602 Costais RAPID | - | - | - | - |
| D0603 Ionchuimsiú Sóisialta | 399,700 | 399,700 | 262,900 | 324,300 |
| D0699 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 646,500 | 646,500 | 717,100 | 727,200 |
| **D06 Feidhm Phobail agus Fiontraíochta** | **1,710,800** | **1,710,800** | **1,760,700** | **1,734,400** |
| D0701 Eastáit Tithíochta Neamhchríochnaithe | - | - | - | - |
| D0799 Costais Tacaíochta Seirbhíse | - | - | - | - |
| **D07 Eastáit Tithíochta Neamhchríochnaithe** | **-** | **-** | **-** | **-** |
| D0801 Costais Chigireachta ar Rialú Tógála | 1,081,200 | 1,081,200 | 1,109,800 | 1,027,200 |
| D0802 Costais Forfheidhmithe ar Rialú Tógála | - | - | 13,000 | - |
| D0899 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 814,300 | 814,300 | 838,900 | 844,100 |
| **D08 Rialú Tógála** | **1,895,500** | **1,895,500** | **1,961,700** | **1,871,300** |

| Tábla F - Caiteachas | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Rannóg D – Bainistíocht Forbartha** | | | | |
| **Caiteachas de réir Seirbhíse agus Fosheirbhíse** | **2022** | | **2021** | |
| | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Measta ag an bPríomh-fheidhmeannach €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** |
| D0901 Athnuachan Uirbeach agus Sráidbhailte | 1,124,500 | 1,124,500 | 613,000 | 978,300 |
| D0902 Tionscadail an AE | - | - | - | - |
| D0903 Nascadh Bailte | 5,000 | 5,000 | 5,000 | 5,000 |
| D0904 Oifig Eorpach | - | - | - | - |
| D0905 Forbairt agus Cur chun Cinn Geilleagrach | 1,201,200 | 1,201,200 | 570,600 | 1,693,400 |
| D0906 Poist, Fiontar agus Nuálaíocht | 2,327,200 | 2,327,200 | 1,910,700 | 5,427,400 |
| D0999 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 1,006,600 | 1,006,600 | 884,100 | 883,900 |
| **D09 Forbairt agus Cur chun Cinn Geilleagrach** | **5,664,500** | **5,664,500** | **3,983,400** | **8,988,000** |
| D1001 Costais Bhainistíochta Réadmhaoine | 1,039,600 | 1,039,600 | 909,300 | 1,195,500 |
| D1099 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 430,000 | 430,000 | 421,400 | 426,400 |
| **D10 Bainistíocht Réadmhaoine** | **1,469,600** | **1,469,600** | **1,330,700** | **1,621,900** |
| D1101 Seirbhísí Oidhreachta | 245,700 | 245,700 | 243,900 | 254,000 |
| D1102 Seirbhísí Caomhnaithe | 48,500 | 48,500 | 75,500 | 44,500 |
| D1103 Deontais Chaomhnaithe | 180,000 | 180,000 | 120,000 | 126,000 |
| D1199 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 65,100 | 65,100 | 65,500 | 65,500 |
| **D11 Seirbhísí Oidhreachta agus Caomhnaithe** | **539,300** | **539,300** | **504,900** | **490,000** |
| D1201 Seirbhís Gníomhaireachta agus Infhorchúitithe | - | - | - | - |
| D1299 Costais Tacaíochta Seirbhíse | - | - | - | - |
| **D12 Seirbhísí Gníomhaireachta agus Infhorchúitithe** | **-** | **-** | **-** | **-** |
| **Iomlán Rannóg D** | **24,902,800** | **24,902,800** | **22,212,200** | **26,918,000** |

| Tábla F - Ioncam | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Rannóg D – Bainistíocht Forbartha** | | | | |
| **Ioncam de réir Foinse** | **2022** | | **2021** | |
| | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Measta ag an bPríomh-fheidhmeannach €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** |
| **Deontais agus Fóirdheontais Rialtais** | | | | |
| Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht | 8,000 | 8,000 | 8,000 | 8,000 |
| Na Meáin, Turasóireacht, Ealaín, Cultúr, Spórt agus an Ghaeltacht | 180,000 | 180,000 | 170,000 | 646,000 |
| Fiontraíocht, Trádáil agus Fostaíocht | 1,973,000 | 1,973,000 | 1,630,300 | 5,091,500 |
| Pobal, Forbairt Tuaithe agus na hOileáin | 117,700 | 117,700 | 117,700 | 394,000 |
| Eile | 123,500 | 123,500 | 139,500 | 123,500 |
| **Deontais agus Fóirdheontais Rialtais Iomlána** | **2,402,200** | **2,402,200** | **2,065,500** | **6,263,000** |
| **Earraí agus Seirbhísí** | | | | |
| Táillí Pleanála | 1,490,300 | 1,490,300 | 1,480,300 | 1,510,200 |
| Aoisliúntas | 322,400 | 322,400 | 321,400 | 321,400 |
| Seirbhísí Gníomhaireachta agus Oibreacha Infhorchúitithe | - | - | - | - |
| Ranníocaíochtaí Údaráis Áitiúil | 50,000 | 50,000 | - | 85,000 |
| Ioncam eile | 1,289,300 | 1,289,300 | 1,074,800 | 1,279,000 |
| **Earraí agus Seirbhísí Iomlána** | **3,152,000** | **3,152,000** | **2,876,500** | **3,195,600** |
| **Iomlán Rannóg D** | **5,554,200** | **5,554,200** | **4,942,000** | **9,458,600** |

# Rannóg E
# SEIRBHÍSÍ COMHSHAOIL

**OIBRIÚ, COTHABHÁIL AGUS IARCHÚRAM LÍONADH TALÚN**

Leis an tseirbhís seo, cumhdaítear feabhsúchán ar Líonadh Talún Bhaile Amhlaoibh, bainistíocht comhshaoil maidir le Líonadh Talún Dhún Sinche, iniúchadh agus iarchúram maidir le láithreáin stairiúla líonta talún agus muirir airgeadais i leith thionscadal Líonadh Talún Neimhead. Baineann an obair leanúnach le bainistiú láisteáite agus gáis líonta talún, le faireachán comhshaoil agus le cothabháil tailte. Leanfar ar aghaidh le hoibreacha cothabhála caipitil in 2022 agus is é a bheidh i gceist ná tacú leis an mbonneagar gáis agus láisteáite a bhainistiú agus cosc a chur ar thruailliú muirí de bharr dramhaíl leagáide. Déantar soláthar do na hoibreacha sin sa chlár caipitil. Tá muirir ann freisin a bhaineann leis an soláthar do dhliteanais chomhshaoil do Líonadh Talún Bhaile Amhlaoibh agus Líonadh Talún Dhún Sinche.

**BAINISTÍOCHT CONARTHA MAIDIR LE SAORÁIDÍ AISGHABHÁLA AGUS ATHCHÚRSÁLA**

Clúdaíonn an tseirbhís seo na costais uile a bhaineann le hIonad Athchúrsála an Inbhir agus Ionad Athchúrsála Chúil Mhín agus a bhaineann le líonra Ionad Fág Anseo na Comhairle a oibriú. Cuirtear €2.5m ar fáil don bhliain 2022. Tá athbhreithniú ar mhuirir ag an Inbhear agus ag Cúil Mhín ar bun agus cuirtear €300,000 d'ioncam breise ar fáil dó.

**SAORÁID Ó DHRAMHAÍL GO FUINNEAMH**

Cuireadh tús le Saoráid ó Dhramhaíl go Fuinnimh an Phoill Bhig a thógáil ag deireadh na bliana 2014 agus thosaigh sí ag feidhmiú in 2017. Tá an tsaoráid ag oibriú ag lánacmhainn, nach mór, ó 2018.

**FORFHEIDHMIÚ BRUSCAIR**

Leis an tseirbhís seo, cumhdaítear na hAchtanna um Thruailliú ó Bhruscar. Cumhdaítear léi freisin feachtais eolais chun feasacht a spreagadh i scoileanna, i ngnóthaí agus sa phobal i gcoitinne maidir le bruscar.

**GLANTACHÁN SRÁIDEANNA**

Cuireadh €5.9 milliún ar fáil do ghlantachán sráideanna. Táthar ag leanúint le haraidí in-chomhdhlúthaithe gréine breise a thabhairt isteach ar fud an chontae agus beartaítear 100 araid nua dlúthóra a shuíomh i láithreacha breise sna ceantair seo a leanas: Shord/an Ros-Lusca/Baile Brigín agus Caisleán Cnucha/Mullach Eadrad/Cluain Saileach/Ongar. Leanfar le haraidí breise a sholáthar i limistéir ina mbíonn ardlíon daoine.

**DRAMHAÍL A RIALÚ, A MHONATÓIRIÚ AGUS A FHORFHEIDHMIÚ**

Leanann an tAonad Forfheidhmithe Dramhaíola den Rannóg Comhshaoil de chomhlíonadh a chinntiú leis na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola. Cuimsítear sna rialacháin sin:

- Saoráidí Dramhaíola;
- Bailitheoirí Dramhaíola;
- Oibleagáidí freagrachta táirgeora, iad siúd ina measc as dramhaíl a phacáistiú, boinn, Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach (DTLL), cadhnraí agus taisc-chadhnraí agus Feithiclí a bhfuil a Ré Caite (ELVanna).

Leanadh leis an Tionscadal Feithiclí a bhfuil a Ré Caite in 2021 agus rinneadh breis agus 70 suíomh neamhdhleathacha a iniúchadh agus a dhúnadh. Tugadh feithiclí go saoráidí dramhaíola údaraithe lena n-aisghabháil agus a dhiúscairt. Chun dul i ngleic le miotal a ghoid (tiontairí catalaíocha, rothaí cóimhiotail, miotal ELV) agus inrianaitheacht a mhéadú sa tionscal miotail, cuireadh acmhainní suntasacha chun feidhme in 2021 ar mhaithe le himscrúduithe ar inrianaitheacht mhiotail ag saoráidí ceadaithe. Ghlac Comhairle Contae Fhine Gall le ceannas agus chabhraigh sé le 15 údarás áitiúil eile trí úsáid a bhaint as cur chuige ilghníomhaireachta le cabhrú le feasacht a mhúscailt ar leibhéal réigiúnach agus náisiúnta maidir le sruthanna dramhaíola ardluacha a ghoid agus a dhíol ina dhiaidh sin ag saoráidí údaraithe agus cabhrú le comhlíonadh a neartú laistigh den earnáil athchúrsála miotail.

Leanadh ag díriú go príomha i rith 2021 ar ghearáin a bhaineann le dramhaíl agus tugadh ardlíonta díobh le fios i gcaitheamh na bliana. Lean oifigigh forfheidhmithe dramhaíola le tús áite a thabhairt do ghearáin dramhaíola agus le hiad a imscrúdú agus bhain an tromlach díobh le dumpáil neamhdhleathach, dramhaíl a stóráil i gclóis chúil agus le fuíollábhair a dhó.

**PLEANÁIL BAINISTÍOCHTA DRAMHAÍOLA**

Leis an tseirbhís seo, cumhdaítear costais maidir le pleanáil bainistíochta dramhaíola agus oibriú na hOifige Réigiúnaí do Réigiún an Oirthir agus Láir Tíre.

**REILIGÍ A CHOTHABHÁIL**

Déanann an Chomhairle 36 reilig a bhainistiú agus leanfar de na reiligí sin a chothabháil ar chaighdeán ard le linn na bliana atá le teacht. Tá obair le tosú chun spás breise uaigheanna a sholáthar ag Baile Ghrífín. Tá athbhreithniú ar siúl ar an mbeartas reatha adhlactha agus cuireadh tús le hobair ar Fhodhlíthe Reilige nua a chríochnófar in 2022.
Cuireadh suim €425,000 ar fáil chun ár reiligí a fhorbairt go leanúnach.

**AN TSEIRBHÍS DÓITEÁIN AGUS COSC AR DHÓTEÁN A OIBRIÚ**

Is é Comhairle Chathair Bhaile Átha Cliath a chuireann an tSeirbhís Dóiteáin ar fáil d'Fine hGall. Tá seirbhísí iomlána Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath, lena n-áirítear an tSeirbhís Otharcharranna, ar fáil chun déileáil le teagmhais agus éigeandálaí i bhFine Gall más gá sin. Meastar gurb ionann costas sciar Fhine Gall den tseirbhís in 2022 agus €23 milliún.

**AN TAONAD TRUAILLITHE UISCE**

Tá an tAonad Truaillithe Uisce freagrach as na hAchtanna Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce) a fhorfheidhmiú, as teagmhais truaillithe uisce a iniúchadh agus as monatóireacht a dhéanamh ar sceitheadh eisiltigh trádála in uisce oscailte a cheadúnú agus as cáilíocht an uisce snámha ag suíomhanna sainaitheanta a bhainistiú.
Faoin gCreat-Treoir Uisce, tá an t-aonad freagrach freisin as monatóireacht a dhéanamh ar aibhneacha, as tuairisciú a dhéanamh ar cháilíocht uisce snámha, as suirbhéanna ar fheirmeacha (faoi na Rialacháin GAP). Tá an t-aonad freagrach freisin as Plean Náisiúnta Iniúchta na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil a chur chun feidhme maidir le córais chóireála fuíolluisce tí (dabhcha séarachais). Oibríonn an tAonad go dlúth le hOifig Uisce agus Pobal na nÚdarás Áitiúil (LAWCO), le hOifig Chlár Uiscí an Údaráis Áitiúil (LAWPRO) agus leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil chun spriocbhearta a

chur i bhfeidhm chun dul i ngleic le saincheisteanna cáilíochta uisce i bhfo-dhobharceantair a dtugtar tús áite dóibh sa Phlean Bainistíochta Abhantraí, 2022-2027 a bhfuil ag tabhairt faoi chomhairliúchán ina thaobh faoi láthair.

**CÁILÍOCHT AN AEIR AGUS TRUAILLIÚ Ó THORANN**

Cuidíonn an Rannógn Comhshaoil leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil trí stáisiúin mhonatóireachta, saoráidí agus trealamh monatóireachta aeir a sholáthar ag Bóthar na hAbhann, Baile Bhlainséir agus Lána an Uisce, Sord. Tá na stáisiúin mhonatóireachta sin ina gcuid de líonra náisiúnta na GCC. Tugann siad sonraí gar d'fhíor-am ar fáil maidir le NO2, PM10 agus O3 (Ózón). Tá stáisiún breise beartaithe do Bhaile Brigín freisin.

Leanfar le Plean um Cháilíocht an Aeir agus tionscadal Léarscáilithe/Pleanála Gníomhaíochta Torainn a chur i bhfeidhm i rith 2022. Bainfidh costas €190,000 leis an tionscadal seo don bhliain 2022 a bheidh roinnte i measc Údaráis Áitiúla Bhaile Átha Cliath.

**AN TÚDARÁS INNIÚIL UM THORANN AERÁRTHAÍ**

Ainmníodh Comhairle Contae Fhine Gall mar an tÚdarás Inniúil maidir le torann aerárthaí san Acht um Thorann Aerárthaí (Aerfort Bhaile Átha Cliath) a Rialú, 2019. Cuireadh Stiúrthóireacht nua ar bun chun na feidhmeanna faoin Acht a chur chun feidhme. Foráiltear san Acht Tobhach Aerfoirt i leith na gcostas a thabhaíonn an t-údarás inniúil. Tá an t-údarás inniúil faoi dhliteanas an tobhach seo a íoc.

**FEASACHT AR AN GCOMHSHAOL**

Áirítear leis seo na costais a bhaineann leis an gCiste um Ghníomhú Comhshaoil sa Phobal, Tionscadail Frithbhruscair agus Frithghraifítí, Pobail Níos Glaise, tacaíocht le haghaidh na scéime 'Glac Geadán ar Láimh', clár na Scoileanna Glasa agus feachtais feasachta comhshaoil réigiúnacha maidir le dramhaíl a chosc, fógraíocht, athúsáid agus athchúrsáil, bithéagsúlacht agus tacaíocht a thabhairt do phobail atá ag aistriú i dtreo slí mhaireachtála atá níos inbhuanaithe.

**GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE**

Comhordaíonn an Rannóg um Ghníomhú ar son na hAeráide gníomhaíochtaí a bhaineann leis an bPlean Gníomhaíochta um Athrú Aeráide 2019-2024 a chur i bhfeidhm agus tuairiscíonn sí maidir le dul chun cinn ar an bPlean a chur i bhfeidhm. Tá gníomhartha faoin bPlean san áireamh i mbuiséad na rannán ábhartha ar a bhfuil sé de chúram gníomhartha éagsúla a dhéanamh. Clúdaíonn an leithdháileadh buiséid don rannóg seo na costais a bhaineann leis an méid seo a leanas:


- Déanfar ranníocaíocht airgeadais mhéadaithe €140,000 don bhliain or 2022 le Gníomhaireacht Bainistíochta Fuinnimh Chathair Bhaile Átha Cliath (Codema) le méadú ar a ngníomhaíochtaí a chur san áireamh. Tá Codema á mhaoiniú ag na ceithre Údarás Áitiúla i mBaile Átha Cliath agus cuireann sé cúnamh teicniúil ar fáil maidir le héifeachtúlachtaí fuinnimh agus beartas, pleanáil agus tionscadail fuinnimh ar leibhéal áitiúil;
- Roinnt gníomhartha a chur i bhfeidhm faoin Rannóg Comhshaoil;
- Gníomhartha reatha a bharrfheabhsú faoin PGAA agus gníomhartha nua a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm;
- Gníomhaíochtaí agus ábhar um chur chun cinn feasachta ar ghníomhú ar son na haeráide;
- Seirbhísí sainchomhairleoireachta agus tacaíochtaí coimhdeacha.

Tá gníomhartha a chur i bhfeidhm faoin PGAA 5 bliana ar bun agus rinneadh éachtaí suntasacha.

# E - Seirbhísí Comhshaoil


## Caiteachas

| | | |
|---|---|---|
| E 01 | Oibríochtaí agus Iarchúram maidir le Líonadh Talún | €3,932,000 |
| E 02 | Oibríochtaí Saoráidí Aisghabhála agus Athchúrsála | €3,568,600 |
| E 03 | Saoráidí ó Dhramhaíl go Fuinneamh | €865,100 |
| E 05 | Bainistíocht Bruscair | €1,413,900 |
| E 06 | Glantachán Sráideanna | €7,371,100 |
| E 07 | Rialacháin, Monatóireacht agus Forfheidhmiú Dramhaíola | €1,487,800 |
| E 08 | Pleanáil Bainistíocht Dramhaíola | €420,000 |
| E 09 | Reiligí a Chothabháil | €2,139,300 |
| E 10 | Sábháilteacht Struchtúr agus Áiteanna | €1,147,300 |
| E 11 | Seirbhísí Dóiteáin a Oibriú | €23,091,700 |
| E 12 | Cosc Dóiteáin | €199,800 |
| E 13 | Cáilíocht an Uisce, Truailliú Aeir agus Torainn | €2,633,400 |
| E 15 | Athrú Aeráide agus Tuile | €1,165,000 |
| | | **€49,435,000** |




## Income

| | |
|---|---|
| Gníomhú ar son na hAeráide agus Líonraí Cumarsáide | €421,500 |
| Deontais agus Fóirdheontais Eile | €100,000 |
| Ioncam Eile | €3,222,100 |
| Ranníocaíochtaí Údaráis Áitiúil | €1,042,300 |
| Táillí Bruscair Tí | €1,280,000 |
| Muirir Dhóiteáin | €900,000 |
| Aoisliúntas | €308,800 |
| | **€7, 274, 700** |



| Tábla F - Caiteachas | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Rannóg E - Seirbhísí Comhshaoil** | | | | |
| **Caiteachas de réir Seirbhíse agus Fosheirbhíse** | **2022** | | **2021** | |
| | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Measta ag an bPríomh-fheidhmeannach €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** |
| E0101 Oibríochtaí Líonta Talún | 2,771,700 | 2,771,700 | 2,899,800 | 2,794,400 |
| E0102 Ranníocaíocht le ÚÁanna eile - Saoráidí Líonta Talún | - | - | - | - |
| E0103 Costais Iarchúraim maidir le Líonadh Talún | 655,000 | 655,000 | 681,300 | 675,200 |
| E0199 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 505,300 | 505,300 | 505,900 | 516,500 |
| **E01 Oibríochtaí agus Iarchúram maidir le Líonadh Talún** | **3,932,000** | **3,932,000** | **4,087,000** | **3,986,100** |
| E0201 Oibríochtaí Saoráidí Athchúrsála | 111,000 | 111,000 | 74,500 | 110,500 |
| E0202 Oibríochtaí Ionaid *Fág Anseo* | 3,133,200 | 3,133,200 | 2,504,100 | 3,123,100 |
| E0204 Seirbhísí Athchúrsála Eile | 26,000 | 26,000 | 1,800 | 12,700 |
| E0299 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 298,400 | 298,400 | 270,100 | 272,000 |
| **E02 Oibríochtaí Saoráidí Aisghabhála agus Athchúrsála** | **3,568,600** | **3,568,600** | **2,850,500** | **3,518,300** |
| E0301 Oibríochtaí Saoráidí ó Dhramhaíl go Fuinneamh | 865,100 | 865,100 | 865,100 | 865,100 |
| E0399 Costais Tacaíochta Seirbhíse | - | - | - | - |
| **E03 Oibríochtaí Saoráidí ó Dhramhaíl go Fuinneamh** | **865,100** | **865,100** | **865,100** | **865,100** |
| E0401 Seirbhísí Bailithe Dramhaíl Athchúrsála | - | - | - | - |
| E0402 Seirbhísí Bailithe Dramhaíola Orgánaí | - | - | - | - |
| E0403 Seirbhísí Bailithe Dramhaíola Iarmharaí | - | - | - | - |
| E0404 Seirbhísí Bailithe Dramhaíola Tráchtála | - | - | - | - |
| E0406 Ranníocaíocht le Seirbhísí Bailithe Dramhaíola | - | - | - | - |
| E0407 Costais Eile Bhailithe Dramhaíola | - | - | - | - |
| E0499 Costais Tacaíochta Seirbhíse | - | - | - | - |
| **E04 Seirbhísí ó Dhramhaíl go Bailiú a Sholáthar** | **-** | **-** | **-** | **-** |
| E0501 Seirbhís Maor Bruscair | 682,600 | 682,600 | 631,300 | 615,500 |
| E0502 Tionscnaimh Shrianta Bruscair | - | - | - | - |
| E0503 Seirbhísí Feasachta ar an gComhshaol | 257,200 | 257,200 | 291,600 | 250,500 |
| E0599 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 474,100 | 474,100 | 488,800 | 472,300 |
| **E05 Bainistíocht Bruscair** | **1,413,900** | **1,413,900** | **1,411,700** | **1,338,300** |
| E0601 Seirbhís Glantacháin Sráideanna a Oibriú | 5,798,500 | 5,798,500 | 5,206,600 | 5,718,400 |
| E0602 Soláthar agus Feabhsú Araidí Bruscair | 133,000 | 133,000 | 127,000 | 149,000 |
| E0699 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 1,439,600 | 1,439,600 | 1,424,400 | 1,433,800 |
| **E06 Glantachán Sráideanna** | **7,371,100** | **7,371,100** | **6,758,000** | **7,301,200** |
| E0701 Monatóireacht ar Rialacháin Dramhaíola (lena n-áirítear Láithreáin Talún Phríobháideacha) | 38,100 | 38,100 | 27,100 | 36,800 |
| E0702 Rialacháin Dramhaíola a Fhorfheidhmiú | 1,121,300 | 1,121,300 | 1,248,200 | 1,016,800 |
| E0799 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 328,400 | 328,400 | 385,800 | 367,400 |
| **E07 Rialacháin, Monatóireacht agus Forfheidhmiú Dramhaíola** | **1,487,800** | **1,487,800** | **1,661,100** | **1,421,000** |

| Tábla F - Caiteachas | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Rannóg E - Seirbhísí Comhshaoil** | | | | |
| **Caiteachas de réir Seirbhíse agus Fosheirbhíse** | **2022** | | **2021** | |
| | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Measta ag an bPríomh-fheidhmeannach €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** |
| E0801 Plean Bainistíochta Dramhaíola | 360,300 | 360,300 | 205,700 | 229,700 |
| E0802 Ranníocaíocht le Pleanáil Bainistíochta Dramhaíola Comhlachtaí Eile | - | - | - | - |
| E0899 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 59,700 | 59,700 | 62,200 | 62,200 |
| **E08 Pleanáil Bainistíochta Dramhaíola** | **420,000** | **420,000** | **267,900** | **291,900** |
| E0901 Reiligí a Chothabháil | 1,580,200 | 1,580,200 | 1,620,300 | 1,562,000 |
| E0999 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 559,100 | 559,100 | 541,900 | 549,600 |
| **E09 Reiligí a Chothabháil** | **2,139,300** | **2,139,300** | **2,162,200** | **2,111,600** |
| E1001 Costais Oibríochta Cosanta Sibhialta | 188,000 | 188,000 | 172,600 | 188,000 |
| E1002 Foirgnimh Bhaolacha | 121,800 | 121,800 | 119,200 | 84,900 |
| E1003 Pleanáil Éigeandála | 112,400 | 112,400 | 185,100 | 167,200 |
| E1004 Láithreáin Thréigthe | 53,500 | 53,500 | 51,000 | 51,700 |
| E1005 Sábháilteacht Uisce | 355,000 | 355,000 | 316,900 | 313,400 |
| E1099 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 316,600 | 316,600 | 331,100 | 336,000 |
| **E10 Sábháilteacht Struchtúir agus Áiteanna** | **1,147,300** | **1,147,300** | **1,175,900** | **1,141,200** |
| E1101 Oibriú na Seirbhíse Briogáide Dóiteáin | 23,089,500 | 23,089,500 | 22,530,800 | 23,070,800 |
| E1103 Oiliúint Seirbhísí Dóiteáin | - | - | - | - |
| E1104 Seirbhís Otharcharranna a Oibriú | - | - | - | - |
| E1199 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 2,200 | 2,200 | 2,300 | 2,300 |
| **E11 Oibriú na Seirbhíse Dóiteáin** | **23,091,700** | **23,091,700** | **22,533,100** | **23,073,100** |
| E1201 Costais Deimhnithe Sábháilteachta ó Dhóiteáin | 108,500 | 108,500 | 119,000 | 105,400 |
| E1202 Cosc agus Oideachas Dóiteáin | - | - | - | - |
| E1203 Cigireacht agus Monatóireacht Saoráidí Tráchtála | - | - | - | - |
| E1299 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 91,300 | 91,300 | 77,900 | 77,900 |
| **E12 Cosc Dóiteáin** | **199,800** | **199,800** | **196,900** | **183,300** |
| E1301 Bainistíocht Cháilíocht an Uisce | 483,800 | 483,800 | 497,000 | 435,800 |
| E1302 Ceadúnú agus Monatóireacht Cháilíocht an Aeir agus Torainn | 1,646,200 | 1,646,200 | 1,541,200 | 1,558,000 |
| E1399 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 503,400 | 503,400 | 503,300 | 495,400 |
| **E13 Cáilíocht an Uisce, Truailliú Aeir agus Torainn** | **2,633,400** | **2,633,400** | **2,541,500** | **2,489,200** |
| E1401 Seirbhís Gníomhaireachta agus Infhorchúitithe | - | - | - | - |
| E1499 Costais Tacaíochta Seirbhíse | - | - | - | - |
| **E14 Seirbhísí Gníomhaireachta agus Infhorchúitithe** | **-** | **-** | **-** | **-** |
| E1501 Athrú Aeráide agus Tuile | 997,300 | 997,300 | 847,800 | 904,200 |
| E1599 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 167,700 | 167,700 | 173,700 | 173,700 |
| **E15 Athrú Aeráide agus Tuile** | **1,165,000** | **1,165,000** | **1,021,500** | **1,077,900** |
| **Iomlán Rannóg E** | **49,435,000** | **49,435,000** | **47,532,400** | **8,798,200** |

| Tábla F - Ioncam | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Rannóg E - Seirbhísí Comhshaoil** | | | | |
| | **2022** | | **2021** | |
| **Ioncam de réir Foinse** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Measta ag an bPríomh-fheidhmeannach €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** |
| **Deontais agus Fóirdheontais Rialtais** | | | | |
| Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht | - | - | - | - |
| Coimirce Sóisialaí | - | - | - | - |
| Cosaint | - | - | - | - |
| Líonraí Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Cumarsáide | 421,500 | 421,500 | 431,500 | 401,500 |
| Eile | 100,000 | 100,000 | 50,000 | 100,000 |
| **Deontais agus Fóirdheontais Rialtais Iomlána** | **521,500** | **521,500** | **481,500** | **501,500** |
| **Earraí agus Seirbhísí** | | | | |
| Táillí Bruscair Tí | 1,280,000 | 1,280,000 | 760,000 | 980,000 |
| Táillí Bruscair Tráchtála | - | - | - | - |
| Táillí Líonta Talún | - | - | - | - |
| Muirir Dhóiteáin | 900,000 | 900,000 | 850,000 | 1,000,000 |
| Aoisliúntas | 308,800 | 308,800 | 304,600 | 304,600 |
| Seirbhísí Gníomhaireachta agus Oibreacha Infhorchúitithe | - | - | - | - |
| Ranníocaíochtaí Údaráis Áitiúil | 1,042,300 | 1,042,300 | 1,157,800 | 1,109,600 |
| Ioncam eile | 3,222,100 | 3,222,100 | 2,957,800 | 3,452,900 |
| **Earraí agus Seirbhísí Iomlána** | **6,753,200** | **6,753,200** | **6,030,200** | **6,847,100** |
| **Iomlán Rannóg E** | **7,274,700** | **7,274,700** | **6,511,700** | **7,348,600** |

# Rannán F
# CAITHEAMH AIMSIRE

**LEABHARLANNA**

Leagtar amach i bPlean Forbartha Leabharlanna Fhine Gall 2018-2023 conas atá an tseirbhís ag leanúint ag forbairt mar spás dinimiciúil agus ionchuimsitheach, a thacaíonn leis an gcultúr, áineas, litearthacht, oideachas agus forbairt gheilleagrach sa Chontae. Aithnítear sa Phlean 7 bpríomhchuspóir sna réimsí seo a leanas: Lucht Saothair; Caipiteal agus Bonneagar; Bailiúcháin agus Acmhainní; Cláreagrú Imeachtaí agus Gníomhaíochtaí; Teicneolaíocht; Margaíocht agus Cumarsáid; agus Comhoibriú agus Comhpháirtíochtaí, atá á gcur i bhfeidhm ag 42 gníomh i gcaitheamh tréimhse cúig bliana.

Tugann an Tuarascáil Feidhmíochta Údarás Áitiúil is déanaí atá ar fáil ón gCoiste Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (an CNMI) le fios gur chaith Fine Gall €52.49 in aghaidh an duine den daonra ar sheirbhísí leabharlainne a sholáthar in 2020. Éascaíonn an caitheamh seo teacht saor in aisce ar leabhair agus ar réimse fairsing acmhainní leictreonacha, ar chlár gníomhaíochtaí agus ar imeachtaí a chuireann eolas agus siamsaíocht ar fáil agus ar spásanna ina gcasann daoine ar a chéile agus ina ndéanann siad idirchaidreamh, rudaí a chruthú agus a fhoghlaim. Bíonn formhór ár seirbhísí leabharlainne ar oscailt 6 lá sa tseachtain agus bíonn foireann iontu ar feadh 45 uair sa tseachtain ar an meán. Tá na figiúirí sin ar na leibhéil is airde sa tír. In 2022, beidh an Chomhairle fós tiomanta do chroísheirbhísí leabharlainne a sholáthar saor in aisce agus do spás sábháilte neodrach daonlathach a chur ar fáil do mhuintir Fhine Gall.

Is é an tIonad Cultúir agus Cathartha i Sord mórthionscadal caipitil na Comhairle atá ar siúl, agus beidh Leabharlann Chontae nua mar chuid de. Tiocfaidh an Leabharlann nua sin in áit an bhrainse reatha i Sord agus ionad idirchaidrimh, foghlama agus cruthaitheachta a bheidh ann do shaoránaigh an Chontae uile. I ndiaidh próiseas rathúil pleanála agus roinnt obair ullmhúcháin, cuirfear tús le síneadh agus athchóiriú Leabharlann na Sceirí go déanach in 2021. Tá méadú €50,000 tagtha ar chiste na leabhar i mbbuiséad 2022 le feabhas a chur ar an mbailiúchán do Leabharlann na Sceirí agus leis an méadú ar éileamh ar ríomhleabhair agus ríomh-chlosleabhair a chur san áireamh.

Bhí tionchar suntasach ag paindéim Covid-19 ar sheirbhísí leabharlainne in 2021. Rinneadh seirbhísí a aistriú go hiomlán mar gheall gur dúnadh foirgnimh leabharlainne a fhaide le Bealtaine, seachas an tseirbhís 'gafa sa teach'/clutharaithe, go dtí an spás digiteach agus fíorúil.

Ó Bhealtaine ar aghaidh, ar aon dul le treoirlínte an rialtais, cuireadh seirbhísí teagmháil agus bailigh, agus clódóireachta ar fáil ag leabharlanna brainse. Cuireadh seirbhísí breise ar siúl i Meán Fómhair, fáil ar ardheasca staidéir agus ar sheomraí cruinnithe. De réir mar a dhruideann deireadh na bliana linn, beidh spásanna leabharlainne bríomhar arís agus beidh imeachtaí i bpearsan, clubanna leabhar, grúpaí tuismitheoirí agus lapadán agus cuairteanna ranga ar siúl. Le filleadh ar an spás leabharlainne a spreagadh i measc an phobail i ndiaidh COVID agus le lucht freastail nua a mhealladh, tá €60,000 sa bhreis curtha againn le buiséad imeachtaí Leabharlann 2022. Caithfear seo ar ár gcláir chultúrtha agus oideachais reatha a fhairsingiú agus ar fhéile litríocht leanaí a thosú.

I Meán Fómhair 2021, cheapamar Cruthaitheoir Cónaithe leis an limistéar nua déantóra a fhorbairt ag Leabharlann Bhaile Bhlainséir agus le clár STEAM (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht, Ealaíona, Matamaitic) a fhorbairt i measc líonra bhrainsí Fhine Gall. Fuaireamar cistiú ó Éire Ildánach le tús a chur leis an gclár in 2021 agus tá €95,000 curtha ar fáil againn i mbuiséad Leabharlann 2022 leis an gcónaitheacht a chistiú, le trealamh a cheannach, agus le himeachtaí STEAM a thabhairt isteach.

Beartaímid Leabharlann Bhaile Dhúill a oscailt mar chuid den scéim Mo Leabharlann ar Oscailt in 2022. Mar chuid den scéim seo, sínfear uaireanta oscailte na leabharlainne níos faide ná na gnáthuaireanta a oibríonn an fhoireann, agus beidh sé ar oscailt ar an Satharn, go luath ar maidin ó 8am agus go déanach istoíche go dtí 10pm.

Tá deontas €75,000 faighte againn ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail don bhonneagar Mo Leabharlann Oscailte, doirse uathoibríocha, agus crua-earraí agus bogearraí san áireamh le rochtain rialaithe a éascú ar an bhfoirgneamh.

**PÁIRCEANNA AGUS SPÁSANNA OSCAILTE**

Déantar foráil i mBuiséad 2022 do 5,000 acra (2,000 heicteár) de spásanna oscailte, páirceanna réigiúnacha agus saoráidí spóirt a chothabháil go leanúnach mar phríomhghnéithe de Bhonneagar Glas Fhine Gall. Áirítear freisin maoiniú le haghaidh feabhsú leanúnach ar pháirceanna imeartha, clóis súgartha agus saoráidí spóirt, chomh maith le thart ar 50,000 crann sráide. Tá buiséad €558,000 curtha ar fáil le haghaidh mionoibreacha feabhsaithe i bpáirceanna agus spásanna oscailte le linn 2022.

Tá sé beartaithe uasghrádú suntasach a dhéanamh ar ár Saoráidí Áineasa Ghníomhaigh le linn 2022, lena n-áirítear saoráidí nua uile-aimsire a fhorbairt ag Páirc Ghleann Abhainn an Bharda, Sord, Baile an Phóirtéaraigh i mBaile Átha Cliath 15 agus i mBaile Mastún, Domhnach Bat.

Déantar soláthar do Bhithéagsúlacht Fhine Gall a chaomhnú agus a fheabhsú, cuid de bhithsféar Bhá Bhaile Átha Cliath atá lonnaithe i bhFine Gall san áireamh, leis an bPlean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht. Tá sé beartaithe tabhairt faoi mhórthionscdail pháirce nua, cosúil le Páirc Réigiúnach Bhrí Mhór, Páirc an Ráschúrsa, Baile Dúill, Páirc Bhéal Átha Liag agus Páirc Bhaile Roiséir atá lonnaithe ag iarláithreán Líonta Talún Bhaile Amhlaoibh, agus roinnt clóis súgartha nua a fhorbairt.

**RÉADMHAOIN OIDHREACHTA**

Tá an Rannóg Forbartha Eacnamaíche, Fiontar, Turasóireachta agus Cultúrtha freagrach as Réadmhaoin Oidhreachta na Comhairle ar fud an Chontae a oibriú, a chothabháil agus a fhorbairt go leanúnach. Leanfaidh an Rannóg de bheith ag oibriú go comhoibríoch chun acmhainneacht cruthaithe fostaíochta atá ag gach ionad réadmhaoine a uasmhéadú in 2022. Anuas air sin, tá dul chun cinn á dhéanamh maidir le hinfheistíocht shuntasach caipitil in 2022 agus ina dhiaidh sin. Tá na hoibreacha uile á ndéanamh i gcomhréir le ceanglais Phleanála Bainistíochta Caomhnaithe.

**TRÁNNA**

Tá freagracht ar an gComhairle as tránna agus Seirbhísí Garda Tarrthála i bhFine Gall agus déantar soláthar dó sin i mBuiséad 2022.

## AN RANNÓG FORBARTHA POBAIL AGUS SPÓIRT

Oibríonn an Rannóg Forbartha Pobail agus Spóirt i gcomhar le grúpaí deonacha pobail, gníomhaireachtaí agus soláthraithe seirbhíse chun pobail a neartú agus a chumasú agus déanann sin caighdeán maireachtála shaoránaigh Fhine Gall a fheabhsú. Tugann na comhpháirtíochtaí inbhuanaithe seo tacaíocht do phobail trí shaoráidí pobail, saoráidí áineasa agus saoráidí spóirt, chomh maith le cláir oideachais, cláir ealaíon, scéimeanna maoinithe deontais, seirbhísí tacaíochta agus comhairle a chur ar fáil chun pobail láidre neamhspleácha agus inbhuanaithe bheoga a fhorbairt.

**An Oifig Forbartha Pobail:**

Tá an Oifig Forbartha Pobail dírithe ar phobail láidre rannpháirteacha chomhtháite a fhorbairt ar fud Fhine Gall, áit as a bhfuil muintir na háite bródúil as an áit, ina bhfuil rochtain acu ar réimse deiseanna sóisialta, cultúir agus forbartha agus inar féidir leo páirt a ghlacadh sna próisis chinnteoireachta áitiúla. Soláthraítear obair an OFP faoi chúig cholún, Tacaíocht Idirghníomhaireachta, Tacaíocht Forbartha Pobail, Tacaíocht Straitéiseach, Tacaíocht Saoráidí agus Tacaíocht Chistithe. Is iad na príomhthosaíochtaí comhionannas agus ionchuimsiú a chur chun cinn, tacú le rannpháirtíocht agus é a spreagadh, oibriú i gcomhoibriú le réimse fairsing grúpaí agus eagraíochtaí ag oibriú as lámh le a chinntiú go soláthraítear straitéisí náisiúnta agus áitiúla a thacaíonn le rannpháirtíocht shibhialta agus ionchuimsiú sóisialta.
Faoi Thacaíocht Saoráidí, cuireann an OFP tacaíocht airgeadais agus bhainistíochta ar fáil do 33 saoráid phobail ar fud an chontae. Bhunaigh an OFP the Líonra Áiseanna Pobail Fhine Gall, ina bhfuil bainisteoirí ionaid, maoirseoirí, an phríomhfhoireann agus oifigigh choiste agus oibrithe deonacha a oibríonn i saoráidí pobail. Cuireann an líonra struchtúr ar fáil don OFP chun eolas a sholáthar ar dheiseanna cistithe agus ar oiliúint anuas ar eolas ar chleachtais agus treochtaí i mbainistíocht saoráidí. Ina theannta sin, éascaíonn sé eolas a roinnt i measc comhaltaí. I gcomhoibriú le OT Bhaile Átha Cliath agus Teach Carmichael, d'fhorbair an OFP réimse máistir-ranganna a phléigh le hábhair lena mbaineann tábhacht maidir le comhaltaí, bainistíocht saoráidí, airgeadas a bhainistiú, bainistíocht maoirseachta agus reachtaíocht san áireamh. Leithdháileadh soláthar €2 milliún chun cabhrú le saoráidí pobail atá á mbainistiú agus á n-oibriú ag an gComhairle a oibriú.

Is fairsing don obair a bhaineann faoin gColún Forbartha Pobail agus áirítear leis réimse cláir oiliúna pobail a sholáthar, cosúil le ‘Bealaí chun Rannpháirtíochta’ (Pathways to Participation) agus ‘Na Chéad Chéimeanna’ i saoráidí pobail ar fud Fhine Gall. Cuimsítear ábhair cosúil le scileanna coiste, oiliúint ar fhorbairt pobail agus saoránacht ghníomhach i gcláir oiliúna Bealaí chun Rannpháirtíochta. Spreagann an Clár 'Na Chéad Chéimeanna' rannpháirtíocht an phobail i ngníomhaíochtaí réamhfhorbartha, amhail ranganna Béarla do thosaitheoirí agus feabhsaitheoirí, Fáilte Isteach, an tsláinte agus cothú. Bunaíodh moil Forbartha Pobail i mBaile Brigín, Baile an Tirialaigh agus Radharc an Chnocáin. Soláthróidh na moil seo réimse tionscnaimh forbartha pobail spriocdhírithe a bhfuil mar chuspóir acu gníomhú / rannpháirtíocht an phobail a mhéadú. Cuirtear soláthar €200,000 san áireamh i mBuiséad 2022 chun cláir Forbartha Pobail a chur i bhfeidhm.

Cuireadh suim €300,000 de chistiú ar fáil do Scéimeanna Cistithe Pobail Tionscadail Ghníomhaíochta agus Samhraidh agus áirítear leis seo méadú €100,000 le leanúint leis an tacaíocht a thabhairt don téarnamh ón bpaindéim chun pobail a athcheangal.

Ar cheann den iomaí tionscnamh a dtugtar tacaíocht dó faoin gColún Tacaíochta Straitéisí tá soláthar na ngníomhartha a dtugtar cuntas orthu i Straitéis um Imeascadh Imirceach agus Comhtháthú Sóisialta Fhine Gall. Cuirtear suim €50,000 ar fáil chun tacú le gníomhartha chun an fhís lena mbaineann pobail ionchuimsitheacha agus chomhtháite a fhíorú d’Fhine Gall, ina léirítear meas ar gach duine a chónaíonn, a oibríonn agus a thugann cuairt, agus ina gcuirtear ar chumas na gcónaitheoirí go léir páirt iomlán a ghlacadh agus cur go hiomlán lena bpobail, gan aird ar a náisiúntacht, eitneacht nó a gcúlra reiligiúnach nó cultúrtha.

**Ionaid Phobail a Athchóiriú:**
Rinneadh soláthar chun oibreacha athchóirithe/deisiúcháin a dhéanamh ar roinnt de na hIonaid Pobail is sine de chuid Chomhairle Contae Fhine Gall. Anuas air sin, cuireadh ciste ar leith ar fiú €200,000 ar fáil trí scéim deontais chaipitil chun tacú le hionaid phobail nach leis an gComhairle iad.

**An Oifig Spóirt:**
Tá Oifig Spóirt Chomhairle Contae Fhine Gall mar chuid de líonra Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt (CÁSanna) na hÉireann. Is é cuspóir an Líonra CÁSanna cabhrú le daoine bheith gníomhach agus bacainní a bhaint a d'fhéadfadh bheith roimh an spórt agus gníomhaíocht choirp. Tugann an Oifig Spóirt faoi réimse fairsing gníomhartha agus é ina chuspóir leibhéil rannpháirtíochta sa spórt agus i ngníomhaíocht choirp a mhéadú ina bpobail áitiúla.

Áirítear leis na gníomhartha seo:

- Oibriú chun clubanna, cóistí agus oibrithe deonacha a fhorbairt agus tacú le comhpháirtíochtaí idir cumainn spóirt áitiúla, eagraíochtaí pobalbhunaithe agus gníomhaireachtaí earnála.
- Níos mó deiseanna a chruthú chun teacht ar oiliúint agus oideachas maidir le soláthar an spóirt agus gníomhaíocht choirp
- Cláir, imeachtaí agus tionscnaimh spriocdhírithe a sholáthar le rannpháirtíocht sa spórt agus i ngníomhaíocht choirp a mhéadú
- Eolas a sholáthar faoin spórt agus gníomhaíocht choirp le feasacht agus rochtain a chruthú.

Tacaíonn an Oifig Spóirt le agus soláthraíonn sé roinnt cláir spóirt, cibé acu go fíorúil nó go fisiciúil, atá dírithe ar rannpháirtíocht sa spórt a mhéadú i measc spriocghrúpaí ar leith cosúil le leanaí, daoine óga i mbaol, agus grúpaí faoi mhíbhuntáiste, cailíní déagóra, mná sa spórt, daoine fásta breacaosta agus daoine faoi mhíchumas.

Leanfaidh an clár ParkFit ar siúl in 2022, a chuireann ranganna corpacmhainne saor in aisce ar fáil i bpáirceanna áitiúla do phobail timpeall an chontae. Leanfar ar aghaidh leis an gClár Aclaithe Spóirt a chur ar siúl i mbunscoileanna, a dtacaíonn réimse modúil oiliúna múinteora inrochtana anuas ar ghníomhaíochtaí seomra ranga ar líne, an ghníomhaíocht Live 10@10 san áireamh, inar ghlac 10,000 leanbh páirt in 2021. Beartaímid, le tacaíocht ó Chumann Snámha na hÉireann, á gcumas a bhreisfhorbairt chun cláir shnámha faoin aer a sholáthar agus leanfaimid ag tacú le daoine fásta breacaosta trí chláir a fhorbairt agus a sholáthar i gcomhpháirtíocht le hAoisbhá Fhine Gall, agus cuirfear €50,000 ar fáil in 2022 do na tionscnaimh seo.

Cruthaíodh go bhfuil an rath geal ar oiliúint ar líne a fhorbairt agus go dtagtar gan stró air i measc oibrithe deonacha spóirt i rith COVID. Leanfaidh an Oifig Spóirt le meascán de chláir ar líne agus i bpearsan a sholáthar i rith 2022. Leanfar de Cumhdach Leanaí, an cheardlann an tUathachas sa Spóirt, Leanaí a Chóitseáil, Litearthacht Fhisiciúil a Thuiscint, Scileanna Éigeandála agus cúrsaí oiliúna Feasacht ar Mhíchumas san Ionchuimsiú sa Spórt a chur ar fáil do chumainn spóirt agus grúpaí gaolmhara eile ar líne/i bpearsan in 2022. Anuas ar na cúrsaí seo, beartaímid seimineáir ghréasáin forbartha cumainn a chur ar siúl chun tacú le cumainn díriú ar scileanna coiste agus rialachas feabhsaithe agus fóraim chumainn a fhorbairt inár Moil Spóirt timpeall an chontae.
Cuirtear cistiú €25,000 ar fáil le Dúshlán an Chumainn Ghníomhaigh a chur i bhfeidhm chomh maith le cláir eile forbartha cumainn agus áineasa pobail spóirt agus gníomhaíochta coirp a dhíríonn ar phríomh-spriocghrúpaí agus oibriú le cumainn spóirt le himeascadh a

chur i bhfeidhm chun tacú lena bhforbairt.
Leanfaidh an Fhoireann Spóirt leis an obair tríd an tionscadal Cathracha Gníomhacha agus béim ar thaisteal gníomhach a chur chun cinn chun níos mó daoine a a spreagadh siúl, rith agus rothaíocht lasmuigh den spórt eagraithe agus spreagadh a thabhairt don ghníomhaíocht choirp seo a bheith mar páirt dá saol laethúil. Clár amháin díobh siúd é an clár Rothaíocht Cheart (Cycle Right), a bhfuil de chuspóir aige leanaí de gach cumas a mhúineadh conas rothar a rothaíocht.
Anuas ar na cláir spóirt, tá €485,000 á chur ar fáil in 2022 do chomhpháirtíochtaí le comhlachtaí náisiúnta agus áitiúla chun cúnamh a thabhairt do réimse spóirt laistigh den chontae trínár n-oifigigh forbartha chomhchistithe CRN agus díriú ar thionscnaimh Mhná sa Spórt agus Ionchuimsithe.

Tá €150,000 á sholáthar do chumainn spóirt tríd an gcistiú deontais a sholáthraíonn an Oifig Spóirt d'iarratasóirí incháilithe.

**An Tionscnamh Aoisbhá:**

Leanfar le Straitéis Aoisbhá Fhine Gall 2018-2023 a chur i bhfeidhm agus cuireadh €53,000 san áireamh i mBuiséad 2022 dó. Leanfaidh Comhairle Contae Fhine Gall de dhul i ngleic le riachtanais á gcontae aoisbhá trí chomhoibriú le páirtithe leasmhara áitiúla agus náisiúnta, chun eolas agus dea-chleachtas a roinnt ar thionscnaimh aoisbhá agus chun Straitéis Aoisbhá nua 2023-2026 a fhorbairt agus a thabhairt isteach don chontae.

**IMEACHTAÍ**

D'imir paindéim Covid-19 tionchar an-suntasach ar an gcuid ba mhó d'imeachtaí na bliana 2021 agus rinneadh inár n-imeachtaí a chealú nó aistriú go samhlacha fíorúla dá bharr a ghníomhaigh mar réitigh shealadacha fad a chuaigh an tionscal i dtaithí ar an gcoróinvíreas. Tá dul chun cinn á dhéanamh i dtreo imeachtaí cumaisc a mheastar atá sábháilte, a dhéantar a bhainistiú agus a bhfuil freastal inchainníochtaithe orthu. De réir mar a dhéanaimid pleanáil don bhliain seo chugainn, agus díriú ar shábháilteacht dár bhfoireann agus dár saoránaigh, measaimid "go bhfillfear de réir a chéile" an samhradh seo chugainn ar shamhail hibrideach ina líonfaidh roinnt gnéithe digiteacha an bhearna idir séasúr 2021, inar cuireadh imeachtaí fíorúla ar siúl, go príomha, agus filleadh de réir a chéile ar an ngnáthnós.
Cabhróidh buiséad €1.64 milliún in 2022 le filleadh céimnithe ar imeachtaí, agus lenár bpríomhimeachtaí, ár bhféilte áitiúla agus cistiú do ghrúpaí pobail a athshamhlú i gcásanna áirithe, a éascóidh an iomaí imeacht pobail inár gcontae a phleanáil go sábháilte.

**NA HEALAÍONA**

Tacaíonn Comhairle Contae Fhine Gall go gníomhach le, agus cuireann sí chun cinn, réimse leathan gníomhaíocht ealaíon i bhFine Gall, go háirithe trí imeachtaí agus léirithe a mhaoiniú. Cuirtear suim €150,000 ar fáil in 2022 do Dheontais Ealaíon. Leis na deontais seo, tugtar tacaíocht do réimse leathan gníomhaíochtaí cultúir ar fud Fhine Gall, lena náirítear féilte áitiúla ealaíon bliantúla, mórimeachtaí ceoil, scannáin a dhéanamh, seachtain ealaíon sna scoileanna agus tacaíocht chultúir a chur ar fáil dóibh siúd a bhfuil riachtanais speisialta acu.
Tá an dá Ionad Ealaíon de chuid na Comhairle, Draíocht i mBaile Bhlainséir agus Ionad Ealaíon Shéamais Ennis san Aill, faoi bhláth go fóill agus cuirfear €710,000 ar fáil le tacú go leanúnach leo sa bhliain 2022. Is eiseamláirí cultúir agus ionaid barr feabhais do na hEalaíona i bhFine Gall iad na hionad ealaíon seo.

Cuirtear €70,000 san áireamh i mBuiséad 2022 do Ghlúin an Cheoil. Úsáidfear an maoiniú sin chun creatlach inbhuanaithe a dhearadh, a fhorbairt agus a sholáthar maidir le seirbhísí oideachais léirithe ceoil do leanaí agus daoine óga a chónaíonn i bhFine Gall agus atá faoi mhíbhuntáiste.

Cuirtear suim €225,000 ar fáil dár gClár Óige agus Oideachais. Tacaíonn sé sin le tionscnaimh do leanaí agus daoine óga le páirt a ghlacadh sna healaíona mar rannpháirtithe, cruthaitheoirí agus mar dhaoine den lucht éisteachta/féachana i measc suíomhanna oideachais agus pobail ar fud an chontae. Chomh maith leis sin, tacóidh sé le cleachtas ealaíne a fhorbairt in earnáil na nDaoine Óga, Leanaí agus Oideachais.

Leanfaidh an Scéim Tacaíochta Ealaíontóirí (scéim sparánachta) ar aghaidh in 2022. Is é aidhm na Scéime seo tacaíocht a thabhairt d'ealaíontóirí aonair gairmiúla ó Fhine Gall forbairt a dhéanamh ar a gcleachtas ealaíonta. Féachann an dámhachtain seo le ham agus acmhainní a thabhairt d'ealaíontóirí chun a bheith ag smaoineamh, ag déanamh taighde agus machnaimh agus chun dul i ngleic lena gairmeacha beatha ealaíonta. Is é an cistiú don bhliain 2022 €200,000.

Leithdháileadh €80,000 le haghaidh cáipéisíochta, imeachtaí agus seimineár a chuireann leis an ról i gcoitinne den chlár um Ealaín Phoiblí a Choimisiúnú ar fud Fhine Gall.


**Clár Éire Ildánach Fhine Gall**
Is tionscnamh cúig bliana é an Clár Éire Ildánach a dhéanann an chruthaitheacht a shuíomh i gcroílár an bheartais phoiblí. Trí Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta Fhine Gall 2018-2022, leanfaidh foireann Chruthaitheach agus Chultúrtha Chomhairle Contae Fhine Gall le haghaidh a thabhairt ar Cholún 2 den Chlár – ***An Chruthaitheacht a Chumasú i ngach Pobal*** trí ghrúpaí pobail a ghníomhú tionscadail phobail chruthaitheacha a fhorbairt atá comhoibritheach i dtaobh cineáil de, a dhéanann daoine agus áit a athrú ó bhonn agus a théann chun sochair an phobail iomláin. Rinneadh soláthar €268,900 sa bhuiséad don obair seo, lena n-áirítear tacaíocht agus cur chun cinn Chruinniú na nÓg agus Clár Comórtha 2022.

**Ceathrú Chultúrtha Shoird (CCS)**
Cuirtear €3 milliún ar fáil, ar an iomlán, laistigh de Rannóg F d'aistriú caipitil chun forbairt CCS a chistiú agus is ionann seo agus méadú €1 milliún i gcomparáid leis an mbliain roimhe seo. Déantar an soláthar seo a dheighilt go cothrom idir buiséad na leabharlann agus na n-ealaíon. Léiríodh gné na n-ealaíon roimhe seo faoi bhuiséad an phobail.

# F - Caitheamh Aimsire agus Conláiste


## Caiteachas

| | | |
|---|---|---|
| F01 | Oibriúcháin Saoráidí Fóillíochta | €739,400 |
| F02 | Seirbhís Leabharlainne agus Chartlainne a Oibriú | €15,921,700 |
| F03 | Oibríochtaí Limistéir Fóillíochta faoin Aer | €20,783,500 |
| F04 | Spórt Pobail agus Caitheamh Aimsire a Fhorbairt | €6,186,200 |
| F05 | An Clár Ealaíon a Oibriú | €8,664,600 |
| | | **€52,295,400** |




## Ioncam

| | |
|---|---|
| Deontais an RTRÁO | €75,000 |
| An Chomhairle Ealaíon | €50,000 |
| Deontais agus Fóirdheontais Eile | €471,000 |
| Ioncam Eile | €750,800 |
| Caitheamh Aimsire/Fóntas/Cultúr | €650,000 |
| Aoisliúntas | €678,800 |
| | **€2, 675, 600** |



| Tábla F - Caiteachas | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Rannóg F – Áineas agus Taitneamhacht** | | | | |
| **Caiteachas de réir Seirbhíse agus Fosheirbhíse** | **2022** | | **2021** | |
| | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Measta ag an bPríomh-fheidhmeannach €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** |
| F0101 Oibriúcháin Saoráidí Fóillíochta | 222,100 | 222,100 | 199,000 | 178,800 |
| F0103 Ranníocaíocht le Saoráidí Fóillíochta Comhlachtaí Seachtracha | 320,000 | 320,000 | 328,000 | 326,000 |
| F0199 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 197,300 | 197,300 | 207,700 | 191,000 |
| **F01 Oibriúcháin Saoráidí Fóillíochta** | **739,400** | **739,400** | **734,700** | **695,800** |
| F0201 Oibríochtaí Seirbhíse Leabharlainne | 9,623,600 | 9,623,600 | 9,192,000 | 8,958,400 |
| F0202 Seirbhís Chartlainne | 190,000 | 190,000 | 128,400 | 132,000 |
| F0204 Ceannach Leabhar, CDanna etc. | 850,000 | 850,000 | 800,000 | 780,900 |
| F0205 Ranníocaíochtaí le hEagraíochtaí Leabharlainne | - | - | - | - |
| F0299 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 5,258,100 | 5,258,100 | 5,331,900 | 5,396,600 |
| **F02 Seirbhís Leabharlainne agus Chartlainne a Oibriú** | **15,921,700** | **15,921,700** | **15,452,300** | **15,267,900** |
| F0301 Páirceanna, Faichí agus Spásanna Oscailte | 14,872,500 | 14,872,500 | 13,745,400 | 14,059,600 |
| F0302 Clóis Súgartha | 400,200 | 400,200 | 361,000 | 401,600 |
| F0303 Tránna | 514,200 | 514,200 | 536,500 | 588,500 |
| F0399 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 4,996,600 | 4,996,600 | 4,905,700 | 4,811,100 |
| **F03 Oibriúcháin na Limistéar Fóillíochta faoin Aer** | **20,783,500** | **20,783,500** | **19,548,600** | **19,860,800** |
| F0401 Deontais Pobail | 1,872,200 | 1,872,200 | 2,447,900 | 2,876,400 |
| F0402 Halla Spóirt/Staid a Oibriú | 33,100 | 33,100 | 33,100 | 29,000 |
| F0403 Áiseanna Pobail | 1,436,300 | 1,436,300 | 1,458,200 | 1,321,000 |
| F0404 Forbairt Áineasa | 1,851,200 | 1,851,200 | 1,920,600 | 1,898,300 |
| F0499 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 993,400 | 993,400 | 1,017,300 | 1,022,700 |
| **F04 Forbairt Spórt Pobail agus Caitheamh Aimsire** | **6,186,200** | **6,186,200** | **6,877,100** | **7,147,400** |
| F0501 An Clár Ealaíon a Riar | 3,623,600 | 3,623,600 | 1,984,100 | 1,928,300 |
| F0502 Ranníocaíochtaí le Clár Ealaíon Comhlachtaí Eile | 90,300 | 90,300 | 89,900 | 59,500 |
| F0503 Oibríochtaí an Mhúsaeim | - | - | - | - |
| F0504 Oibríochtaí Áiseanna Oidhreacht/Léirmhíntheacha | 2,420,800 | 2,420,800 | 2,420,100 | 2,465,100 |
| F0505 Féile agus Ceolchoirmeacha | 1,719,900 | 1,719,900 | 80,000 | 336,100 |
| F0599 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 810,000 | 810,000 | 803,600 | 814,200 |
| **F05 An Clár Ealaíon a Oibriú** | **8,664,600** | **8,664,600** | **5,377,700** | **5,603,200** |
| F0601 Seirbhís Gníomhaireachta agus Infhorchúitithe | - | - | - | - |
| F0699 Costais Tacaíochta Seirbhíse | - | - | - | - |
| **F06 Seirbhísí Gníomhaireachta agus Infhorchúitithe** | **-** | **-** | **-** | **-** |
| **Iomlán Rannóg F** | **52,295,400** | **52,295,400** | **47,990,400** | **48,575,100** |

| Tábla F - Ioncam | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Rannóg F – Áineas agus Taitneamhacht** | | | | |
| **Ioncam de réir Foinse** | **2022** | | **2021** | |
| | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Measta ag an bPríomh-fheidhmeannach €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** |
| **Deontais agus Fóirdheontais Rialtais** | | | | |
| Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht | 75,000 | 75,000 | 75,000 | 75,000 |
| Oideachas | - | - | - | - |
| Na Meáin, Turasóireacht, Ealaín, Cultúr, Spórt agus an Ghaeltacht | - | - | - | - |
| Coimirce Sóisialaí | - | - | - | - |
| An Chomhairle Leabharlann | - | - | - | - |
| An Chomhairle Ealaíon | 50,000 | 50,000 | 50,000 | 50,000 |
| Iompar | - | - | - | 285,000 |
| Pobal, Forbairt Tuaithe agus na hOileáin | - | - | 58,400 | 150,200 |
| Eile | 471,000 | 471,000 | 300,000 | 1,480,000 |
| **Deontais agus Fóirdheontais Rialtais Iomlána** | **596,000** | **596,000** | **483,400** | **2,040,200** |
| **Earraí agus Seirbhísí** | | | | |
| Caitheamh Aimsire/Fóntas/Cultúr | 650,000 | 650,000 | 665,000 | 83,000 |
| Aoisliúntas | 678,800 | 678,800 | 653,400 | 653,400 |
| Seirbhísí Gníomhaireachta agus Oibreacha Infhorchúitithe | - | - | - | - |
| Ranníocaíochtaí Údaráis Áitiúil | - | - | - | - |
| Ioncam eile | 750,800 | 750,800 | 1,025,500 | 1,055,400 |
| **Earraí agus Seirbhísí Iomlána** | **2,079,600** | **2,079,600** | **2,343,900** | **1,791,800** |
| **Iomlán Rannóg F** | **2,675,600** | **2,675,600** | **2,827,300** | **3,832,000** |

# Rannóg G
# TALMHAÍOCHT, OIDEACHAS, SLÁINTE AGUS

**BÉILÍ SCOILE**
Cuirtear suim €40,600 (glan) san áireamh chun Scéim na mBéilí Scoile a sholáthar in 2022.

**CALAFOIRT A OIBRIÚ AGUS A CHOTHABHÁIL**
Cumhdaítear sa soláthar buiséadach €357,000 chun á gcalafoirt a chothabháil go laethúil ag Baile Brigín, na Sceirí, an Ros, Loch Sionnaigh agus Fánán Mhullach Íde.

**SEIRBHÍS MAOR MADRAÍ A OIBRIÚ**
Tá soláthar €450,000 curtha ar fáil i mbuiséad 2022 chun tabhairt faoinár bhfreagrachtaí faoi na hAchtanna um Rialú Madraí, 1986 agus 1992.


Faoi na hAchtanna seo, tá sé de chumhacht ag an gComhairle madraí ar fán, neamhcheadúnaithe nó ionsaitheacha a bhailiú agus a chur i bpóna. Déantar soláthar do sheirbhís 7 lá. Déanann foireann 2 Mhaor Madraí patróil i ngach ceantar, láir bhailte, eastáit, tránna agus páirceanna san áireamh. Tacaíonn na Maoir Madraí leis an nGarda Síochána agus gníomhaireachtaí reachtúla eile, in éineacht le Rannóga Comhairle eile, maidir le feidhmeanna faoi na hAchtanna um Rialú Madraí, 1986 agus 1992 a chur chun feidhme. Déanann siad idirchaidreamh freisin le heagraíochtaí cosúil le Cumann Bhaile Átha Cliath um Fhóirithint ar Ainmhithe (DSPCA) maidir le leas ainmhithe.

**SEIRBHÍS URGHABHÁLA CAPALL AGUS SAORÁID PÓNA CAPALL A OIBRIÚ**
Tá soláthar €187,100 curtha ar fáil i mbuiséad 2022 chun tabhairt faoinár bhfreagrachtaí faoi na hAchtanna um Rialú Capall, 1996 a bhronnann an chumhacht ar an gComhairle aon chapall ar fán a chuireann daoine nó maoin i mbaol nó atá ina núis a bhailiú agus a chur i bpóna.

# G - Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte agus Leas


## Caiteachas

| | | |
|---|---|---|
| G02 | Céanna agus Calafoirt a Oibriú agus a Chothabháil | €512,300 |
| G04 | Seirbhís Tréidliachta | €933,600 |
| G05 | Seirbhísí Tacaíochta Oideachais | €79,100 |
| | | **€1, 525, 000** |




## Ioncam

| | |
|---|---|
| Talmhaíocht agus Muir | €7,500 |
| Deontais agus Fóirdheontais | €28,500 |
| Ioncam Eile | €264,200 |
| Aoisliúntas | €7,600 |
| | **€307, 800** |



| Tábla F - Caiteachas | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Rannóg G – Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte agus Leas** | | | | |
| **Caiteachas de réir Seirbhíse agus Fosheirbhíse** | **2022** | | **2021** | |
| | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Measta ag an bPríomh-fheidhmeannach €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** |
| G0101 Limistéir Dhraenála Talún a Chothabháil | - | - | - | - |
| G0102 Ranníocaíochtaí le Comhlachtaí Comhdhraenála | - | - | - | - |
| G0103 Pinsin Talmhaíochta a Íoc | - | - | - | - |
| G0199 Costais Tacaíochta Seirbhíse | - | - | - | - |
| **G01 Costais Draenála Talún** | **-** | **-** | **-** | **-** |
| G0201 Céanna a Oibriú | - | - | - | - |
| G0203 Calafoirt a Oibriú | 411,800 | 411,800 | 405,700 | 287,200 |
| G0299 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 100,500 | 100,500 | 98,200 | 98,300 |
| **G02 Céanna agus Calafoirt a Oibriú agus a Chothabháil** | **512,300** | **512,300** | **503,900** | **385,500** |
| G0301 Cothabháil Ghinearálta - Réigiúin an Chósta | - | - | - | - |
| G0302 Cosaint Phleanáilte Réigiúin an Chósta | - | - | - | - |
| G0399 Costais Tacaíochta Seirbhíse | - | - | - | - |
| **G03 Cosaint an Chósta** | **-** | **-** | **-** | **-** |
| G0401 Seirbhís Tréidliachta a Sholáthar | - | - | - | - |
| G0402 Cigireacht Seamlas etc. | 45,000 | 45,000 | 43,000 | 43,000 |
| G0403 Sábháilteacht Bhia | 20,000 | 20,000 | 18,000 | 18,000 |
| G0404 Seirbhís Maor Madraí a Oibriú | 564,200 | 564,200 | 386,900 | 299,700 |
| G0405 Seirbhísí Leasa Ainmhithe Eile (Rialú Capall san áireamh) | 192,100 | 192,100 | 207,400 | 119,400 |
| G0499 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 112,300 | 112,300 | 109,300 | 109,300 |
| **G04 Seirbhís Tréidliachta** | **933,600** | **933,600** | **764,600** | **589,400** |
| G0501 Deontais Ardoideachais a Íoc | - | - | - | - |
| G0502 Deontais Ardoideachais a Riar | - | - | - | - |
| G0503 Pinsin CGE a Íoc | - | - | - | - |
| G0504 Pinsin CGE a Riar | - | - | - | - |
| G0505 Ranníocaíochtaí le CGE | - | - | - | - |
| G0506 Seirbhísí Oideachais Eile | 5,000 | 5,000 | 5,000 | 5,000 |
| G0507 Béilí Scoile | 69,100 | 69,100 | 61,300 | 57,400 |
| G0599 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 5,000 | 5,000 | 5,800 | 5,800 |
| **G05 Seirbhísí Tacaíochta Oideachais** | **79,100** | **79,100** | **72,100** | **68,200** |
| G0601 Seirbhís Gníomhaireachta agus Infhorchúitithe | - | - | - | - |
| G0699 Costais Tacaíochta Seirbhíse | - | - | - | - |
| **G06 Seirbhísí Gníomhaireachta agus Infhorchúitithe** | **-** | **-** | **-** | **-** |
| **Iomlán Rannóg G** | **1,525,000** | **1,525,000** | **1,340,600** | **1,043,100** |

| Tábla F - Ioncam | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Rannóg G – Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte agus Leas** | | | | |
| **Ioncam de réir Foinse** | **2022** | | **2021** | |
| | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Measta ag an bPríomh-fheidhmeannach €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** |
| **Deontais agus Fóirdheontais Rialtais** | | | | |
| Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht | - | - | - | - |
| Na Meáin, Turasóireacht, Ealaín, Cultúr, Spórt agus an Ghaeltacht | - | - | - | - |
| Oideachas | - | - | - | - |
| Iompar | - | - | - | - |
| Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann | - | - | - | - |
| Talmhaíocht agus Muir | 7,500 | 7,500 | 50,000 | 7,500 |
| Eile | 28,500 | 28,500 | 28,500 | 28,500 |
| **Deontais agus Fóirdheontais Rialtais Iomlána** | **36,000** | **36,000** | **78,500** | **36,000** |
| **Earraí agus Seirbhísí** | | | | |
| Aoisliúntas | 7,600 | 7,600 | 7,500 | 7,500 |
| Seirbhísí Gníomhaireachta agus Oibreacha Infhorchúitithe | - | - | - | - |
| Ranníocaíochtaí Údaráis Áitiúil | - | - | - | - |
| Ioncam eile | 264,200 | 264,200 | 149,600 | 210,500 |
| **Earraí agus Seirbhísí Iomlána** | **271,800** | **271,800** | **157,100** | **218,000** |
| **Iomlán Rannóg G** | **307,800** | **307,800** | **235,600** | **254,000** |

# Rannóg H –
# SEIRBHÍSÍ ILGHNÉITHEACHA

**RÁTAÍ A RIAR**

Áirítear sa tseirbhís seo costas bailithe rátaí chomh maith le foráil maidir le rátaí a bhaineann le maoin fholamh agus drochfhiacha díscríofa a aisíoc. Leanann an Buiséad le soláthar a dhéanamh do chaillteanais fhéideartha a eascraíonn as an mBinse Luachála faoi mar a dtugtar cuntas orthu roimhe seo do na baill go léir.

**TOGHTHÓIRÍ/VÓTÁLAITHE A CHLÁRÚ**

Cuireann an Chomhairle Contae Clár na dToghthóirí le chéile gach bliain agus foilsíonn sé é i gcomhréir leis na spriocdhátaí reachtúla. Tá 192,938 toghthóir ar Chlár na dToghthóirí amhail an 1 Samhain 2021.

Cuireadh suim €78,200 ar fáil maidir leis an tionscadal voter.ie atá á dhéanamh ag Comhairle Contae Fhine Gall i gcomhar leis na trí Údarás Áitiúla eile i mBaile Átha Cliath.

**COSTAIS CHOMHALTAÍ**

Cuirtear €20,500 ar fáil le haghaidh comhdhálacha agus oiliúna do Chomhaltaí Tofa in 2022.

**MUIREAR AR ÁIT CHÓNAITHE PHRÍOBHÁIDEACH NEAMHPHRÍOMHA (ÁCPNP)**

Cuirtear ioncam €0.5 milliún ar fáil i mBuiséad 2022 i ndáil le riaráistí muirir NPPR a aisghabháil.

**COSTAIS SEIRBHÍSÍ**

**TACAÍOCHTAOIFIGÍ NA**

**COMHAIRLE A MHAOINIÚ**

Leithdháileadh €2.4 milliún i leith na socruithe airgeadais le haghaidh oifigí Bhaile Bhlainséir.

**TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE**

Tugann an Rannán Teicneolaíochta Faisnéise tacaíocht do sheirbhísí a sholáthar do shaoránaigh, do ghnólachtaí agus d'ionadaithe tofa Fhine Gall trí theicneolaíochtaí digiteacha a úsáid.

Leanfaidh an Rannán Teicneolaíochtaí Faisnéise ar aghaidh le Clár um Chlaochlú Digiteach san Ionad Oibre a chur i bhfeidhm in 2022. Is é is cuspóir an Chláir sin ná timpeallachtaí oibre oifige, iosta agus allamuigh a chlaochlú ach úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha. Le digitiú na dtaifead agus na bpróiseas, cuirfear feabhas ar éifeachtúlacht na bpróiseas oibre, ar rialú agus slándáil faisnéise, ar oibriú taistil agus allamuigh, chomh maith le gnóthachain comhshaoil.

Seo a leanas Seo a leanas rogha de na tionscadail TF ar a ndéanfar dul chun cinn in 2022 –

- Córas Bainistíochta Taifead agus Doiciméad Corparáideach;
- An Córas do Bhainistíocht ar Chaidreamh le Custaiméirí a athsholáthar;
- Córas Bainistíochta Sócmhainní agus Oibre Allamuigh;

- Teicneolaíochtaí Seomra Cruinnithe;
- Córas Bainistíochta Cruinnithe;
- Córas Bainistíochta Leabharlann a athsholáthar;
- Uasghrádú an Chórais Tithíochta;
- Uasghrádú an Chórais Airgeadais;
- Córas Ríomhphleanála.

Leanfaidh an Rannóg Teicneolaíochta Faisnéise de chothabháil a dhéanamh ar bhonneagar teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide, agus tacaíocht a thabhairt dó, ar mhaithe le Comhairle Contae Fhine Gall, lena n-áirítear seirbhísí ar líne, córais ghnó, bonneagar freastalaí, líonra sonraí agus gléasra ríomhaireachta na Comhairle.

Leanfaidh an Chomhairle de bheith páirteach go gníomhach sa tionscnamh réigiúnach 'Baile Átha Cliath Cliste' agus Fóram Uile-Éireann na gCathracha Cliste a bhfuil sé mar chuspóir acu nuálaíocht agus comhoibriú a spreagadh ó thaobh úsáid na teicneolaíochta chun réitigh nua ar dhúshláin aitheanta réigiúnacha a fhorbairt.

Leanfaidh an Chomhairle freisin de pháirt a ghlacadh i agus cheannaireacht a thabhairt ar na tionscnaimh náisiúnta Sonraí Oscailte a chuirfidh ar chumas Údarás Áitiúil Sonraí Oscailte a fhoilsiú ar bhealach comhordaithe agus caighdeánaithe.

**ACMHAINNÍ DAONNA**

Lean foireann na Comhairle ag feidhmiú i dtimpeallacht dhúshlánach le linn Phaindéim COVID 19. Tá siad ag leanúint ar aghaidh seirbhísí a chur ar fáil agus ag oibriú ar bhealaí éagsúla i gcomhréir le treoirlínte an Rialtais fad a chuireann siad seirbhísí riachtanacha ar fáil dár saoránaigh. De réir mar a thagann treoir sláinte poiblí chun cinn, tiocfaidh timpeallacht oibre nua agus athraithe chun cinn sna míonna amach anseo a bhfuil ar shárchumas na Comhairle caipitliú a dhéanamh air.

Leanann earcaíocht de dhúshlán a chruthú fad a théimid san iomaíocht d'fhoireann ardchaighdeáin i margadh an-iomaíoch. Earcaíodh 165 ball foirne isteach san eagraíocht faoi dheireadh Mheán Fómhair 2021 agus d'fhág 136 ball sa tréimhse chéanna.

Leanfaidh an Rannóg Acmhainní Daonna ag dul i gcomhairle leis na Ceardchumainn agus d'úsáid a bhaint as an bpróiseas comhpháirtíochta "Network Fingal" chun na bearta éifeachtúlachta riachtanacha a chur i bhfeidhm agus dea-chaidreamh tionsclaíoch á chothú ag an am céanna.

**FOGHLAIM AGUS FORBAIRT**

Leanann an Rannóg Acmhainní Daonna de chinnte a dhéanamh de go gcuirtear feabhas ar scileanna, cumais agus inniúlachtaí ár bhfostaithe go leanúnach agus go ndéantar iad a nuashonrú, ionas gur féidir leo leanúint dá róil a chur i gcrích ar bhealach inniúil agus sábháilte i dtimpeallacht oibre atá ag athrú go mór. Lean clár Foghlama agus Forbartha na Comhairle ag teacht chun cinn trí ardáin ar líne a cuireadh i bhfeidhm de bharr riachtanais i rith na paindéime. Cuireadh na córais nua sábháilteachta i bhfeidhm chun é a chumasú go leanfar ar aghaidh le hoiliúint Sláinte agus Sábháilteachta reachtúil gan stad lena chinntiú nach mbeadh tionchar diúltach ag Covid-19 ar sheirbhísí bunriachtanacha.

**SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHT CHEIRDE**


Thug an tAonad Sláinte agus Sábháilteachta (an ASS) faoi líon mór seiceálacha sláinte poiblí Covid-19 go luath sa phaindéim tosaigh, agus thug siad faoi mheasúnuithe comhlíonta Covid-19 le linn 2021. Tacaíodh leis sin le sraith nua prótacal agus measúnuithe riosca a bhaineann le scaipeadh an víris a stopadh i measc an lucht saothair agus le soláthar seirbhísí riachtanacha do chustaiméirí agus saoránaigh le linn na paindéime a chumasú.

I ndiaidh naoi mbliana as a chéile ag dul i gcomórtas ar an leibhéal Náisiúnta agus gradaim sábháilteachta éagsúla NISO a bhaint amach, lena n-áirítear na gradaim 'Ardghnóthachtálaí Comhsheasmhach' (Consistent High Achiever) agus 'Gradam' (Distinction), chuaigh Comhairle Contae Fhine Gall isteach ag na 30ú Gradaim Sábháilteachta Ceirde de chuid Eagraíocht Náisiúnta Shábháilteacht na hÉireann agus Grúpa Shábháilteachta Thuaisceart Éireann don deichiú bliain as a chéile ina bhfuil súil ag Comhairle Contae Fhine Gall cur leis na héachtaí a rinneadh roimhe seo.

# H - Seirbhísí Ilghnéitheacha


## Caiteachas

| | | |
|---|---|---|
| H02 | Cuntas Brabúis agus Caillteanais Stór | €425,300 |
| H03 | Rátaí a Riar | €26,063,100 |
| H04 | Costais Saincheadúnais | €515,300 |
| H06 | Droichid Mheáite | €19,900 |
| H07 | Margaí agus Corrthrádáil a Oibriú | €500 |
| H09 | Ionadaíocht Áitiúil agus Ceannaireacht Chathartha | €2,702,000 |
| H11 | Seirbhísí Gníomhaireachta agus Infhorchúitithe | €648,900 |
| | | €30, 375, 000 |




## Ioncam

| | |
|---|---|
| Deontais an RTRÁO | €7,075,100 |
| Áit Chónaithe Neamhphríomha | €500,000 |
| Ioncam Eile | €4,703,000 |
| Ranníocaíochtaí Údaráis Áitiúil | €146,800 |
| Aoisliúntas | €64,100 |
| | €12, 489, 000 |



| Tábla F - Caiteachas | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Rannóg H – Seirbhísí Ilghnéitheacha** | | | | |
| **Caiteachas de réir Seirbhíse agus Fosheirbhíse** | **2022** | | **2021** | |
| | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Measta ag an bPríomh-fheidhmeannach €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** |
| H0101 Seirbhís Innealra a Chothabháil | 1,563,100 | 1,563,100 | 1,880,400 | 2,070,000 |
| H0102 Oibríochtaí Gléasra agus Innealra | (1,563,100) | (1,563,100) | (1,880,400) | (2,070,000) |
| H0199 Costais Tacaíochta Seirbhíse | - | - | - | - |
| **H01 Cuntas Brabúis agus Caillteanais Innealra** | **-** | **-** | **-** | **-** |
| H0201 Ábhair. Stórais a Cheannach | 155,000 | 155,000 | 155,000 | 155,000 |
| H0202 Costais Riaracháin, Stórais | 94,100 | 94,100 | 41,400 | 83,900 |
| H0203 Foirgnimh a Chothabháil, Stórais | - | - | - | - |
| H0299 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 176,200 | 176,200 | 183,000 | 183,100 |
| **H02 Cuntas Stórais Brabúis agus Caillteanais** | **425,300** | **425,300** | **379,400** | **422,000** |
| H0301 An Oifig Rátaí a Riar | 60,000 | 60,000 | 60,000 | 50,000 |
| H0302 Rátaí Seirbhíse um Bhainistiú Fiachais | 743,100 | 743,100 | 783,700 | 692,200 |
| H0303 Aisíocaíochtaí agus Rátaí Do-Aisghabhála | 24,342,300 | 24,342,300 | 32,484,300 | 84,395,200 |
| H0399 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 917,700 | 917,700 | 848,100 | 899,900 |
| **H03 Riarachán ar Rátaí** | **26,063,100** | **26,063,100** | **34,176,100** | **86,037,300** |
| H0401 Costais Chlár na dToghthóirí | 263,000 | 263,000 | 245,800 | 256,700 |
| H0402 Costais Toghchán Áitiúil | - | - | - | - |
| H0499 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 252,300 | 252,300 | 258,800 | 263,800 |
| **H04 Costais Saincheadúnais** | **515,300** | **515,300** | **504,600** | **520,500** |
| H0501 Táillí agus Costais Chróinéara | - | - | 8,000 | 1,000 |
| H0502 Marbhlann a Oibriú | - | - | - | - |
| H0599 Costais Tacaíochta Seirbhíse | - | - | 600 | 600 |
| **H05 Costais Oibrithe na Marbhlainne agus an Chróinéara** | **-** | **-** | **8,600** | **1,600** |
| H0601 Oibríochtaí Droichead Meáite | 19,100 | 19,100 | 19,600 | 22,100 |
| H0699 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 800 | 800 | 800 | 800 |
| **H06 Droichid Mheáite** | **19,900** | **19,900** | **20,400** | **22,900** |
| H0701 Margaí a Oibriú | - | - | - | - |
| H0702 Limistéir Chorrthrádála | 500 | 500 | 500 | 500 |
| H0799 Costais Tacaíochta Seirbhíse | - | - | - | - |
| **H07 Margaí agus Corrthrádáil a Oibriú** | **500** | **500** | **500** | **500** |
| H0801 Díobháil Mhailíseach | - | - | - | - |
| H0899 Costais Tacaíochta Seirbhíse | - | - | - | - |
| **H08 Díobháil Mhailíseach** | **-** | **-** | **-** | **-** |

| Tábla F - Caiteachas | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Rannóg H – Seirbhísí Ilghnéitheacha** | | | | |
| **Caiteachas de réir Seirbhíse agus Fosheirbhíse** | **2022** | | **2021** | |
| | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Measta ag an bPríomh-fheidhmeannach €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** |
| H0901 Íocaíochtaí Ionadaíocha | 1,031,500 | 1,031,500 | 748,200 | 888,100 |
| H0902 Liúntais Chathaoirligh/Leas-Chathaoirligh | 92,000 | 92,000 | 92,000 | 92,000 |
| H0903 Liúntais Bliantúla Chomhaltaí ÚÁ | 270,400 | 270,400 | 334,000 | 317,500 |
| H0904 Costais Chomhaltaí ÚÁ | - | - | - | - |
| H0905 Costais Eile | - | - | - | - |
| H0906 Comhdhálacha Thar Lear | 3,000 | 3,000 | 3,000 | - |
| H0907 Aiscí Scoir | 8,400 | 8,400 | 13,500 | 36,400 |
| H0908 Ranníocaíocht le Cumainn Chomaltaí | 19,000 | 19,000 | 18,300 | 19,000 |
| H0909 Leithdháileadh Cathrach Ginearálta | - | - | - | - |
| H0999 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 1,277,700 | 1,277,700 | 938,200 | 991,900 |
| **H09 Ionadaíocht Áitiúil agus Ceannaireacht Chathartha** | **2,702,000** | **2,702,000** | **2,147,200** | **2,344,900** |
| H1001 Mótarchánachas a Oibriú | - | - | - | - |
| H1099 Costais Tacaíochta Seirbhíse | - | - | - | - |
| **H10 Mótarchánachas** | **-** | **-** | **-** | **-** |
| H1101 Seirbhís Gníomhaireachta agus Infhorchúitithe | 92,800 | 92,800 | 92,500 | 492,000 |
| H1102 ÁCPNP | 301,200 | 301,200 | 288,800 | 324,200 |
| H1199 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 254,900 | 254,900 | 252,500 | 252,500 |
| **H11 Seirbhísí Gníomhaireachta agus Infhorchúitithe** | **648,900** | **648,900** | **633,800** | **1,068,700** |
| **Iomlán Rannóg H** | **30,375,000** | **30,375,000** | **37,870,600** | **90,418,400** |
| **IOMLÁN FORIOMLÁN** | **299,786,900** | **299,786,900** | **286,374,600** | **347,529,000** |

| Tábla F - Ioncam | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Rannóg H – Seirbhísí Ilghnéitheacha** | | | | |
| | **2022** | | **2021** | |
| **Ioncam de réir Foinse** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Measta ag an bPríomh-fheidhmeannach €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** |
| **Deontais agus Fóirdheontais Rialtais** | | | | |
| Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht | 7,075,100 | 7,075,100 | 7,281,600 | 60,076,100 |
| Talmhaíocht agus Muir | - | - | - | - |
| Coimirce Sóisialaí | - | - | - | - |
| Ceartas | - | - | - | - |
| Eile | - | - | - | - |
| **Deontais agus Fóirdheontais Rialtais Iomlána** | **7,075,100** | **7,075,100** | **7,281,600** | **60,076,100** |
| **Earraí agus Seirbhísí** | | | | |
| Aoisliúntas | 64,100 | 64,100 | 59,600 | 59,600 |
| Seirbhísí Gníomhaireachta agus Oibreacha Infhorchúitithe | - | - | - | - |
| Ranníocaíochtaí Údaráis Áitiúil | 146,800 | 146,800 | 146,300 | 146,800 |
| Áit Chónaithe Neamhphríomha | 500,000 | 500,000 | 700,000 | 1,300,000 |
| Ioncam eile | 4,703,000 | 4,703,000 | 6,220,200 | 6,810,300 |
| **Earraí agus Seirbhísí Iomlána** | **5,413,900** | **5,413,900** | **7,126,100** | **8,316,700** |
| **Iomlán Rannóg H** | **12,489,000** | **12,489,000** | **14,407,700** | **68,392,800** |
| **IOMLÁN FORIOMLÁN** | **140,033,200** | **140,033,200** | **129,236,500** | **190,786,600** |

# DEIMHNIÚ

Deimhním leis seo gur tharla sé ag an gcruinniú Chomhairle Contae Fhine Gall maidir leis an mBuiséad Bliantúil ar an 9ú lá de mhí na Samhna 2021, ghlac an Chomhairle le rún don bhliain airgeadais dar críoch an 31 lá de mhí na Nollag 2022, an Buiséad Bliantúil arna leagan amach i dTáblaí A - F agus le rún arna chinneadh i gcomhréir leis an mbuiséad i gceist an ráta arna leagan amach i dTábla A a bheith ina Ráta Bliantúil ar Luacháil atá le tobhach don bhliain sin chun na críocha arna leagan amach i dTábla A.

Síniú

Méara

Comhshíniú

Ceannasaí Airgeadais

Dáta 9/11/21.

| AGUISÍN 1 | | |
|---|---|---|
| **ACHOIMRE AR AN TÁILLE BHAINISTÍOCHTA LÁRNAÍ DON BHLIAIN 2022** | | |
| **Cur Síos** | **2022**<br>**€** | **2021**<br>**€** |
| Forchostas Gnóthaí Corparáideacha | 6,023,600 | 7,193,900 |
| Forchostas Foirgneamh Corparáideach | 9,779,300 | 10,052,700 |
| Forchostas na Feidhme Airgeadais | 2,853,500 | 2,746,600 |
| Forchostas na Feidhme Acmhainní Daonna | 3,609,400 | 2,998,100 |
| Seirbhísí TF | 7,635,400 | 7,096,600 |
| Forchostas Pinsin agus Cnapshuime | 17,228,100 | 16,225,500 |
| **Caiteachas Iomlán a Leithdháileadh ar Sheirbhísí** | **47,129,300** | **46,313,400** |

| AGUISÍN 2 | | |
|---|---|---|
| **ACHOIMRE AR AN LEITHDHÁILEADH DON CHÁIN MHAOINE ÁITIÚIL DON BHLIAIN 2022** | | |
| **Cur Síos** | **2022 €** | **2022 €** |
| **Lánroghnach** | | |
| Cáin Mhaoine Áitiúil Lánroghnach (Tábla A) | 7,514,600 | |
| | | **7,514,600** |
| **Féinmhaoiniú - Buiséad Ioncaim** | | |
| Tithíocht agus | 1,300,000 | |
| Foirgníocht, Iompar agus | 3,914,400 | |
| Sábháilteacht | | **5,214,400** |
| | | **12,729,000** |
| **Cáin Mhaoine Áitiúil Iomlán - Féinmhaoiniú** | | |
| **an Bhuiséid Ioncaim - Buiséad Caipitil** | 13,978,300 | |
| * Tithíocht agus | - | |
| Foirgníocht, Iompar agus | | **13,978,300** |
| Sábháilteacht | | **13,978,300** |
| **Cáin Mhaoine Áitiúil - Buiséad Caipitil** | | |
| **Leithdháileadh Iomlán don Cháin Mhaoine Áitiúil (Tar éis Athrúcháin)** | | **26,707,300** |

* Tá deighilt an cheanglais féinmhaoinithe bunaithe ar aicmiú na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar reatha agus caipiteal. Ní thagann sé sin le déileáil ag údaráis áitiúla i roinnt cásanna, áfach, e.g. Deontais um Thithe Príobháideacha, an Scéim Comhiomlánaithe Talún. Dá réir sin, cuimsíonn an leithdháileadh Caipitil do CMÁ roinnt gnéithe d'fhéinmhaoiniú atá aicmithe mar ioncam sa Bhuiséad seo, ní fios ag an uair seo an ghné de CMÁ le haghaidh na scéimeanna sin. Ullmhaíodh an buiséad, áfach, ar an mbonn go mbeidh maoiniú le haghaidh na scéimeanna sin maoinithe go hiomlán trí CMÁ nó maoiniú Rialtais Láir.